An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

Meán Fómhair 2019
Dbei.gov.ie

# An Clár Ábhar

**An Brollach** 3

**Fís, Misean, Luachanna** 5

**Réamhrá faoin Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta** 6

**Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta** 7

**An Bord Bainistíochta** 8

**Sonraí Fostaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh** 9

**Áirítear leis na príomh-éachtaí in 2018:** 11

**Ráiteas Straitéise 2018–2021**

**Sprioc 1:** Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i ngach réigiún sa tír 17

**Sprioc 2:** Ceannas a thabhairt do chur chuige uile-rialtais maidir leis an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt d'infheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe 29

**Sprioc 3:** Éire a Chur Chun Cinn mar Cheannródaí Nuálaíochta Domhanda 37

**Sprioc 4:** Tacaíochtaí caidrimh dhearfaigh san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith, forfheidhmiú fónta na gceart fostaíochta agus timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil 49

**Sprioc 5:** A chinntiú go n-éascaíonn rialáil gnó infheistíocht agus forbairt gnó, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus rialáil chorparáideach 55

**Sprioc 6:** Oibriú go huaillmhianach lenár gComhpháirtithe AE agus Idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh thar raon leathan leasanna, an Breatimeacht ina measc 64

**Sprioc 7:** Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní 79

**Aguisín 1:**

Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2018 88

**Aguisín 2:**

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2018 88

# An Brollach

Fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne le haghaidh 2018, ina dtugtar breac-chuntas ar an réimse leathan gníomhaíochtaí agus tionscnamh a bhí ar bun ag mo Roinn in 2018 chun a sainordú leathan agus a ceanglais a bhaint amach faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Lean fostaíocht ar aghaidh ag fás go láidir in 2018, agus is ábhar misnigh ar leith é cás na fostaíochta réigiúnaí. Foilsíodh an seachtú Plean Gníomhaíochta um Poist, 2018 – an ceann deiridh a fhoilseofar – i mí an Mhárta 2018 agus, i ndiaidh chinneadh an Rialtais i mí Iúil 2018, cuireadh tús le creat nua geilleagrach, Future Jobs Ireland, a chinnteoidh go bhfuil ár ngeilleagar in ann ag na dúshláin amach romhainn. Tugann Future Jobs Ireland aghaidh ar réimse gníomhartha straitéiseacha a d'eascair as Fiontraíocht 2025: Athnuaite, beartas náisiúnta athnuaite don fhiontraíocht. Seoladh Future Jobs Ireland go hoifigiúil i mí an Mhárta 2019.

Tá na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha athnuaite agus athdhírithe againn chun a chinntiú go mbeidh tionchar fós acu agus go mbeidh siad ábhartha go 2020. Cinnteoidh na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha nua sin go leanfaimid ar aghaidh ag soláthar post ar fud na tíre i ngach réigiún agus go mbeimid láidir go leor le haghaidh a thabhairt ar ár ndúshláin ar fad, an Breatimeacht ina measc.

Díreoidh go mór arís sa Roinn ar ullmhú don Bhreatimeacht i rith 2018. D'oibrigh an Roinn go dícheallach chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe agus stuama againn i leith an Bhreatimeachta agus leanamar freisin leis an bpleanáil theagmhasach do Bhreatimeacht crua. Bhí rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus le gnóthaí mar chuid den ullmhúchán sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do thacaíocht na foirne thar réimse leathan freagrachtaí sa Roinn, ina cuid Oifigí agus ina cuid Gníomhaireachtaí i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair agus tiomantas leanúnach mo chomhghleacaithe Aireachta, Pat Breen T.D. agus John Halligan T.D.

**HEATHER HUMPHREYS, T.D.**
**AN TAIRE GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA**

Tugtar mionsonraí sa tuarascáil bhliantúil seo ar an dul chun cinn a baineadh amach inár Ráiteas Straitéise i réimsí ilchineálacha gnó na Roinne i rith 2018. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar na spriocanna inghnóthaithe agus forbairtí dearfacha ar fad a baineadh amach in 2018, an fheidhmíocht an-láidir a léirigh cliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí fiontar chun poist a chruthú ina measc. Díríodh arís eile ar fhás réigiúnach post in 2018, agus léirítear é sin sna staitisticí feabhsaithe fostaíochta ar fud na réigiún. I rith na bliana,

d'oibríomar chun bearta breise a chur i bhfeidhm chun ullmhú don Bhreatimeacht agus sheolamar plean cuimsitheach gníomhaíochta ina leagtar amach na gníomhartha a dhéanfaimid chun dul i ngleic leis na cúinsí éagsúla a d'fhéadfadh tarlú. Leanamar ar aghaidh ag obair go dlúth freisin le gnóthaí ar fheasacht agus ullmhúchán Breatimeachta.

Leanamar ag díriú freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht a fheabhsú, nuálaíocht agus fás a chur chun cinn de bhun infheistíochta i dtaighde agus forbairt, iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthaí agus do thomhaltóirí, dlí cuideachta atá cuí dá chuspóir agus nua-aimseartha a chinntiú, cosaint do chearta oibrithe lena n-áirítear a dteidlíocht do shláinte agus sábháilteacht cheirde, tacú le timpeallacht dhearfach caidrimh thionsclaíoch agus í a éascú, cumas rialála agus forfheidhmithe cuí agus neamhspleách a chur ar fáil, agus ionadaíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar leas na hÉireann i bhfóraim ábhartha AE agus Idirnáisiúnta.

I rith 2018, leanamar de bheith ag obair leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit lena chinntiú gur cuireadh chun cinn agus gur slánaíodh leas na hÉireann sna caibidlí trádála ag an AE agus gur cuireadh comhaontuithe trádála i gcrích go sásúil.  Thug an Roinn tacaíocht shuntasach freisin dár nAirí trí ionadaíocht a dhéanamh ar leas na hÉireann ag Comhairlí Iomaíochais agus Trádála an AE.  In 2018, mhéadaigh líon na Misean Trádála faoi stiúir Aire arís, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Tá na himeachtaí sin agus clár ginearálta na Misean Trádála ina gcuid de thiomantas níos leithne na Roinne d'éagsúlú mhargadh easpórtála na hÉireann i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Táimid tiomanta d'fheabhsú ár gcumais spriocanna a bhaint amach trínár bhfoireann agus cultúr. Tá páirt lárnach ag an Roinn i 'Cultúr nuálaíochta a spreagadh sa tseirbhís phoiblí' faoin tionscnamh d'Athchóiriú na hEarnála Poiblí.  Laistigh den Roinn féin, lean an grúpa um Dhóigheanna Úra Oibre lena ndul chun cinn ar thionscadail faoi chúrsaí soghluaisteachta, aitheantais, scileanna agus cleachtais oibre nuálacha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne agus lena hOifigí agus Gníomhaireachtaí as a dtiomantas leanúnach. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fad a phléigh linn go dearfach i rith na bliana, agus a rá gur mór againn a gcomhoibriú agus go bhfuilim ag súil le hoibriú leo tuilleadh sa bhliain amach romhainn.

**AN DR ORLAIGH QUINN, AN TARD-RÚNAÍ**
**AN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA**

## Fís

CINNTEOIMID GURB Í ÉIRE AN ÁIT IS FEARR DÁ BHFUIL ANN LE RATH A BHEITH AR GHNÓ AGUS SOLÁTHRÓIMID LÁNFHOSTAÍOCHT INBHUANAITHE AGUS CAIGHDEÁIN NÍOS AIRDE MAIREACHTÁLA I NGACH RÉIGIÚN SA TÍR.

## Misean

CRUTHÚ LÁNFHOSTAÍOCHTA ARDCHAIGHDEÁIN AGUS INBHUANAITHE A SPREAGADH I NGACH RÉIGIÚN SA TÍR, TRÍNA BHEITH INÁR GCRANN TACA AR SON NA FIONTRAÍOCHTA AGUS NA NUÁLAÍOCHTA AR FUD AN RIALTAIS, TACÚ LE BONN GNÓ IOMAÍOCH CHUN DAOINE A DHREASÚ I DTREO NA HOIBRE, NA FIONTRAÍOCHTA, NA TRÁDÁLA, NA NUÁLAÍOCHTA AGUS NA HINFHEISTÍOCHTA, AGUS FOSTAÍOCHT AGUS MARGAÍ ATÁ CÓIR AGUS IOMAÍOCH A CHUR CHUN CINN CHOMH MAITH LE DEA-CHLEACHTAS GNÓ TRÍ OBAIR RIALÁLA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN NA ROINNE, A HOIFIGÍ AGUS A GNÍOMHAIREACHTAÍ.

## Luachanna

MAR ROINN, COTHAÍMID CULTÚR AR CUID LÁRNACH DE IAD FREAGRACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS LUACH AR AIRGEAD, ATÁ FRÉAMHAITHE IN ÉITEAS SEIRBHÍSE POIBLÍ LENA MBAINEANN NEAMHSPLEÁCHAS, IONRACAS, NEAMHCHLAONTACHT, OSCAILTEACHT, DÍNIT AGUS MEAS.

MAR STÁTSEIRBHÍSIGH, SEASAIMIDNE LEIS NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE GAIRMIÚLACHTA, MACÁNTACHTA, OIBIACHTÚLACHTA AGUS CÁILÍOCHTA, ATÁ DEN RIACHTANAS INÁR RÓIL AG TACÚ LEIS AN BPRÓISEAS DAONLATHACH AGUS AG FREASTAL AR AN BPOBAL.

# Réamhrá faoin Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta


Tá ról lárnach ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainn táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn le cruthú agus cothú post. Tá sainchúram ar an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú agus tomhaltóirí agus oibrithe a chosaint.


Trína hOifigí agus Gníomhaireachtaí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- Tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- Infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh,
- Deiseanna easpórtála a fhás agus a neartú,
- Beartais trádála idirnáisiúnta na hÉireann a shainaithint, a cheapadh agus a fhorbairt
- Feabhas a chur ar iomaíochas agus táirgiúlacht,
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt,
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthaí agus do thomhaltóirí,
- Dlí na gcuideachtaí atá oiriúnach don fheidhm agus nua-aimseartha a chinntiú,
- Cearta oibrithe a chosaint lena n-áirítear a dteidlíocht ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde,
- Tacú le timpeallacht dhearfach chaidrimh thionsclaíoch agus í a éascú,
- Beartas a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnaithe ina bhonn eolais faoi,
- Scileanna a bheidh riachtanach don fhiontraíocht amach anseo a shainaithint,
- Cumas neamhspleách agus cuí rialála agus forfheidhmiúcháin a sholáthar, agus
- Ionadaíocht agus idirbheartaíocht a dhéanamh do leasa na hÉireann i bhfóraim ábhartha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear:
  - An Chomhairle Iomaíochais (a chuimsíonn an Margadh Inmheánach, Tionscal agus Taighde),
  - An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (ag teacht le chéile ina foirmíocht Ghnó)

  agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha:
  - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála,
  - An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair,
  - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD),
  - An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta




## Sa bhreis orthu sin:


**Oifigí Fiontair Áitiúla:** Trí Fhiontraíocht Éireann, socraíonn an Roinn beartas, maoiniú agus bainistíocht d'fheidhmiú 31 Oifig Fiontair Áitiúil.
**Idir-Thrádáil Éireann:** Cómhaoiníonn an Roinn Idir-Thrádáil Éireann, an Comhlacht Thuaidh Theas a chuireann trádáil trasteorann chun cinn idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

# An Bord Bainistíochta

| Comhaltaí | |
|---|---|
| **An Dr Orlaigh Quinn** | An tArd-Rúnaí |
| **Clare Dunne** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Rialála Áite Oibre agus Imirce Geilleagraí |
| **David Hegarty** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Straitéis Fiontraíochta, Iomaíochas agus Meastóireacht |
| **Declan Hughes** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Fhorbairt Fiontar Dúchasach |
| **Philip Kelly** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Gnóthaí AE, Beartas Trádála agus Ceadúnaithe |
| **Dermot Mulligan** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta |
| **Pauline Mulligan** [1] | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha |
| **Breda Power** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Tráchtála, Tomhaltóirí agus Iomaíochais |
| **Michael O'Leary** | Tacaíocht Rialachais agus Bainistíochta – Rúnaí an Bhoird Bainistíochta |

[1] **Tá Pauline Mulligan ar an mBord Bainistíochta ó thús mhí Mheán Fómhair 2018 mar Cheann na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha a bunaíodh le deireanaí**

# Sonraí Fostaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh





Fostaíoch

Seoladh an Phlean Gníomhaíochta Um Poist

Fostaíocht (k)

Fás ar Phoist ó Seoladh an Plean Gníomhaíochta um Poist

R1




Fea 18

Bea 18


Lún 18

Samh 18

Fea 19

Bea 19

Rátaí Dífhostaíochta Réigiúnacha (2019 Q1)




Fionse: An Phríomhoifig Staidrimh

# Áirítear leis na príomh-éachtaí in 2018:

Foilsíodh an seachtú Plean Gníomhaíochta um Poist i mí an Mhárta 2018, ina bhfuil 55 gníomh agus 105 beart atá le cur i bhfeidhm ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Cruthaíodh 49,900 post in 2018. Léiríonn torthaí na dtréaniarrachtaí tríd an bplean gníomhaíochta ó 2012 i leith chun poist a chruthú go bhfuil ag éirí leis an bpróiseas seo. Bhí beagnach 393,000 duine níos mó ag obair sa cheathrú ráithe de 2018 ná mar a bhí in 2012 nuair a seoladh an chéad Phlean. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó os cionn 15% go luath in 2012 go 5.5% i mí na Nollag 2018 agus laghdaigh sé sin tuilleadh go 4.4% i mí na Bealtaine 2019. I ndiaidh chinneadh an Rialtais i mí Iúil 2018, cuireadh tús le creat nua geilleagrach, Future Jobs Ireland, a chinnteoidh go bhfuil ár ngeilleagar in ann ag na dúshláin amach romhainn. Tagann Future Jobs Ireland in áit an Phlean Gníomhaíochta um Poist agus dírítear ann ar réimse gníomhartha straitéiseacha a d'eascair as Fiontraíocht 2025: *Athnuaite*, beartas náisiúnta athnuaite don fhiontraíocht a cuireadh i gcrích i mí an Mhárta 2019.

Bliain an-láidir ab ea 2018 le haghaidh cruthú post i measc chliaint Fhiontraíocht Éireann; cruthaíodh 18,896 post nua agus bhí glanchruthú post 8,212 i gceist. Bhí fostaíocht chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann in 2018 ar an gceann ab airde i stair na gníomhaireachta; tá 217,186 duine fostaithe anois i gcuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo.

Chruthaigh cliaint GFT Éireann 14,040 post nua glan i rith 2018, le méadú glan ar phoist i ngach réigiún in Éirinn. Ag deireadh 2018, bhí 229,057 duine ag obair i gcliantchuideachtaí GFT Éireann, an líon is mó i stair na gníomhaireachta. Sáraíonn an figiúr sin an sprioc cúig bliana – 209,000 – a socraíodh in 2015 sa straitéis "Winning: Foreign Direct Investment" de chuid GFT.

Tugadh faoi shuirbhéanna in 2018 a léirigh gur fheidhmigh cliantchuideachtaí na gníomhaireachta go láidir in 2017, agus gurbh ionann easpórtálacha agus €213.8bn, suas 9.1% ar an mbliain roimhe sin. Chaith na cuideachtaí sin €46.4bn ar phárolla, ábhair Éireannacha agus Seirbhísí Éireannacha in 2017.

Tá na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha nua go 2020, a thógann ar na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist roimhe seo ó 2015–2018, ríthábhachtach chun uaillmhian an Rialtais a bhaint amach, is é sin 200,000 post breise a chruthú faoi 2020, a mbeadh 135,000 díobh taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Léirigh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh méadú 50,500 duine i bhfostaíocht ar fud an Stáit sa bhliain ón gceathrú ráithe de 2017 go dtí an ceathrú ráithe de 2018, agus go raibh 48.7% de na poist a cruthaíodh lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Mhéadaigh líon na ndaoine fostaithe i gcúig cinn de na hocht réigiún sa bhliain ón gceathrú ráithe de 2017 go dtí an ceathrú ráithe de 2018. Faoi dheireadh 2018, ní raibh ráta dífhostaíochta atá níos mó ná

pointe céatadáin amháin os cionn mheán an Stáit ach ag dhá réigiún (an tOirdheisceart, Lár na Tíre).

In 2018, tháinig méadú leanúnach ar phoist de bharr na nOifigí Fiontair Áitiúla. Cruthaíodh 8,007 post nua agus bhí glanmhéadú 3,656 post i gceist. Chuir na hOifigí oiliúint ar fáil freisin do 34,938 duine agus meantóireacht, tacaíocht mheantóireachta duine le duine ina measc, do 9,625 rannpháirtí i measc an 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fad.

Tugadh faoi chorpas mór taighde ar an mBreatimeacht a chuir bonn eolais faoi réimse leathan gníomhartha maolaithe a forbraíodh:

Foilsíodh staidéar le Copenhagen Economics, *Ireland and the Impacts of Brexit*, a choimisiúnaigh an Roinn, agus a chuir leis an mbonn fianaise reatha a theastaíonn mar bhonn agus mar thaca ag seasamh beartais na Roinne agus freagraí earnála maidir leis an mBreatimeacht. Rinneadh cuir i láthair faoin staidéar do pháirtithe leasmhara freisin agus ar fud an Rialtais, ina measc ag seoladh an staidéir i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra 2018.

Tarraingíodh aird ar dhúshláin an Bhreatimeachta i dtaighde do staidéar Copenhagen Economics agus i measc na ngníomhartha a rinneadh chun na dúshláin sin a mhaolú tá:

Plean Gníomhaíocht Ullmhachta don Bhreatimeacht de chuid na Roinne a fhorbairt agus a fhoilsiú, a léirigh na gníomhartha a theastaíonn chun ullmhú do chás Breatimeachta a bheadh eagraithe agus 'mí-eagraithe' araon.  Rannpháirtíocht chuimsitheach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus le gnóthaí faoin mBreatimeacht, mar shampla tríd an bhFóram Fiontraíochta ar an mBreatimeacht agus Dúshláin Dhomhanda agus trí struchtúir Dhí-chomhordaithe ar nós an Ghrúpa Chomhordaithe ar an mBreatimeacht agus Ghasra na nOifigeach Sinsearach Tras-rannóige le haghaidh an Bhreatimeachta.

I mí an Mhárta 2018, sheol an Roinn Scéim Iasachta an Bhreatimeachta. Cuireann an Scéim €300m caipiteal oibre gearrthéarmach ar fáil do ghnóthaí incháilithe ag a bhfuil suas le 499 fostaí chun cabhrú leo tabhairt faoi nuáil, athrú nó oiriúnú chun a ndúshláin Breatimeachta a mhaolú.

Fógraíodh an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí nua sa cháinaisnéis mar chuid de fhreagairt an Rialtais don Bhreatimeacht. I mí na Nollag 2018, achtaíodh an tAcht fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta, 2018. Chuir sé sin ar chumas an Aire comhaontuithe a shocrú leis an gCiste Eorpach Infheistíochta agus síníodh socruithe chun an Scéim a bhunú leis an gCiste Eorpach Infheistíochta agus le Corparáid Bhaincéireachta Straitéisí Éireann. Cuirfidh an scéim saoráid níos fadtéarmaí, ocht go deich mbliana, de suas le €300m ar fáil chun tacú le hinfheistíocht fhadtéarmach, straitéiseach sa timpeallacht i ndiaidh an Bhreatimeachta ag rátaí iomaíocha. Beidh an scéim ar fáil do ghnóthaí incháilithe, iad siúd in earnálacha príomhúla na talmhaíochta agus an bhia mara ina measc, in 2019.

Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil na hÉireann/AE ar Státchabhair faoi stiúir na Roinne in 2017, agus tá ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Fiontraíocht Éireann ar an nGrúpa. Tá sé de shainchúram orthu machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí tacaíochtaí a cheapadh laistigh den Chreat Státchabhrach le haghaidh cuideachtaí Éireannacha a mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht orthu.  I rith 2018, rinne an Grúpa Oibre réimse deiseanna laistigh de rialacha na Státchabhrach a scrúdú agus a fhiosrú, ina measc an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a fhorbairt faoi rialacha Rialacháin an Ghrúpbhloic um Dhíolúine, Scéim Tarrthála agus Athstruchtúrtha na hÉireann a leathnú chun cúnamh Leachtachta Sealadach a áireamh ann.  Leanann an Grúpa lena ndlúthobair le hArd-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta chun an réimse deiseanna faoi Threoirlínte Státchabhrach na Talmhaíochta agus Foraoiseachta a fhiosrú, chun tacaíocht a thabhairt do na fiontair sin in earnáil an bhia a mbeidh tionchar ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil orthu.

In 2018 cheadaigh Microfinance Ireland maoiniú €5.4m do 384 gnó beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 856 post breise.

I mí Iúil, seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa nua a bhfuil d'aidhm léi cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana, nach bhfuil in ann faoi na gnáthchritéir iasachta iasachtaí a fháil óna mbanc, teacht ar chaipiteal. Ó cuireadh tús leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i mí Dheireadh Fómhair 2012 go deireadh 2018, faomhadh 651 saoráid arbh fhiú €103.2m ar fad iad agus a chabhraigh le tacú le 4,387 post.

I gCáinaisnéis 2019 fógraíodh go mbeadh babhta nua ann den Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair (2019 – 2024). Beidh an Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair dar luach €175m mórán mar an gcéanna le scéimeanna roimhe seo i dtéarmaí raon na bhfiontar beag agus meánmhéide a bhaineann tairbhe as na hinfheistíochtaí agus féachfaidh an Scéim le tionchar a cistí sna réigiúin a mhéadú oiread agus is féidir.

An 9 Samhain 2018, d'fhógair an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Rialtas na hÉireann, trí Fhiontraíocht Éireann agus an Ciste Eorpach Infheistíochta, gur síníodh comhaontú chun an Ciste Eorpach Aingeal in Éirinn reatha a dhúbailt go €40m. Meastar go dtacófar le suas le 100 cuideachta go ceann deich mbliana mar gheall ar an méadú ar an gciste go €40m.

In 2018, d'oibrigh Éire go dlúth le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit lena chinntiú gur cuireadh Comhaontuithe Trádála i gcrích go sásúil agus chun a chinntiú gur cuireadh chun cinn agus gur slánaíodh leas na hÉireann sna caibidlí trádála ag an AE. Mhéadaigh líon na Misean Trádála faoi stiúir Aire arís in 2018, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Tá clár na Misean Trádála ina gcuid de thiomantas níos leithne na Roinne d'éagsúlú mhargadh easpórtála na hÉireann i ndiaidh an Bhreatimeachta. Cé go mbeidh an Ríocht Aontaithe fós ina margadh an-tábhachtach d'easpórtálaithe na hÉireann, tá an-fhonn ar an Roinn a chinntiú go gcruthaítear deiseanna nua do chuideachtaí Éireannacha a dteastaíonn uathu a láithreacht a leathnú nó fiú a dtáirgí a chur ar fáil i margaí nua.  Chuige sin, thug an Roinn tús áite do láithreacht na hÉireann a mhéadú ar mhargaí limistéar an

Euro in 2018 agus leanfar leis sin. Príomhchuspóir de chuid rannpháirtíocht na Roinne ar na misin sin is ea aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá teacht ar mhargaí nua agus an tairbhe a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar thairseach na hEorpa a chur chun cinn do thíortha eile.

Mar chuid de chur i bhfeidhm Nuálaíocht 2020, athnuadh Tosaíochtaí Taighde an Rialtais, mhéadaigh maoiniú iomlán na hÉireann faoi Fís 2020 go €630m agus tá Éire anois ina comhalta den Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas.

De réir an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta in 2018, tá Éire anois sa naoú háit san Aontas Eorpach, ardú áit amháin i measc an 28 Ballstát.

Cuireadh an chéad Ghlaoch faoi Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, ciste nua €500m an Rialtais, i bhfeidhm in 2018. Bronnadh maoiniú sa bhreis ar €70m ar 27 tionscadal taighde comhoibríoch ag a bhfuil tionchar ard tráchtála i ndiaidh próiseas iomaíoch a bhí bunaithe ar athbhreithniú idirnáisiúnta. Bronnadh maoiniú ar chuibhreannais a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí móra, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus institiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann. Eiseofar an dara Glaoch faoin gCiste Nuálaíochta in 2019.

Sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann clár nua infheistíochta dar luach €100m i Lárionaid nua le haghaidh Oiliúint Taighde agus béim faoi leith ar Shonraí agus Scileanna TFC don Todhchaí. Cuirfidh na Lárionaid sin áit ar fáil do 700 mac léinn dochtúireachta/máistreacht taighde thar cheithre iontógáil, ag tosú in 2019. Is freagairt é an clár seo do Lárionaid le haghaidh Oiliúint Taighde don tiomantas i Nuálaíocht 2020 clárú (agus aschur) taighdeoirí ardleibhéil a mhéadú i réimsí a thagann le riachtanais scileanna na fiontraíochta. In 2018, fuair Fondúireacht Eolaíochta Éireann buiséad caipitil iomlán de €180.99m, méadú €7.89m ar 2017. Anuas ar an gclár nua do Lárionaid le haghaidh Oiliúint Taighde, áiríodh leis na fógraí móra maoinithe eile ón bhFondúireacht go ndearnadh athnuachan ar shé Lárionad Taighde de chuid na Fondúireachta (AMBER – Lárionad Taighde Ábhar, APC – Institiúid Micribhithóim, Insight – Anailísíocht Sonraí, IPIC – Fótónaic, MaREI – Fuinneamh In-athnuaite, agus SSPC – Déantúsaíocht Cógaisíochta). Athnuadh iad sin i ndiaidh próiseas cuimsitheach athbhreithnithe idirnáisiúnta agus sheoladh an Chláir Bonneagair Taighde, 2018, chun tacú leis an bpobal taighde an cumas bonneagair a theastaíonn a thógáil agus a chothú chun taighde ardchaighdeáin, ardtionchair agus nuálach a bhaint amach i réimsí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

Foilsíodh 'Focus on Sectors', sraith faisnéise ar 16 earnáil thábhachtacha ina dtugtar forléargas ar threochtaí idirnáisiúnta do na hearnálacha atá i gceist agus faisnéis faoin gcaoi a bhfuil na hearnálacha ag forbairt in Éirinn.

I réimse na reachtaíochta, áirítear leis na forbairtí tábhachtacha:

Achtú an Achta um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2018, a chinntíonn go bhfuil na cumhachtaí reachtúla ag GFT a theastaíonn chun leanúint ag ceannach réadmhaoine chun go mbeidís

ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta chun iad a spreagadh le lonnú in Éirinn agus poist a chruthú anseo, go háirithe sna réigiúin.

Achtú Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018, a chuireann le cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus smachtbhannaí Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Áirítear leis cumhachtaí don Údarás chun cur le caighdeáin iniúchóireachta agus cur le riachtanais tuarascálacha áirithe a rinne iniúchóirí, tuarascálacha iniúchta ina measc. Leasaíonn sé Achtanna na gCumann Tionscail agus Soláthair agus Achtanna na gCara-Chumann tríd an téarma iniúchóir poiblí a chealú agus iniúchóir reachtúil a chur ina áit. Shimpligh sé na rialacha do chuideachtaí a chomhdaíonn tuairisceáin bhliantúla.

Achtú an Achta fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta, 2018, a chuireann ar chumas an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara comhaontuithe a shocrú leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chun rochtain ar airgeadas a éascú le haghaidh fiontair incháilithe; agus foráil a dhéanamh do chúrsaí lena mbaineann. Tá an chéad chomhaontú dá leithéid mar bhonn agus taca ag an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí, a seoladh in 2019.

An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) (Uimh. 2), 2018, a foilsíodh an 13 Lúnasa 2018. Tá sé d'aidhm leis an mbeart tábhachtach sin go socrófar níos mó éileamh i ndáil le díobháil phearsanta trí phróiseas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Éascaíonn an Bord measúnú oibiachtúil ar dhamáistí ag costas soláthair i bhfad níos lú agus in achar i bhfad níos giorra ná trí dhlíthíocht. Dá bhrí sin, trí níos mó éilitheoirí a spreagadh lena gcás a chur i gcrích trí shamhail an Bhoird seachas le dlíthíocht, ba cheart go mbainfí amach coigilteas i réimse na n-éileamh. Bheadh sé sin go maith don tsochaí ar fad toisc go gcuirtear cúiteamh ar fáil níos tapa, le costais níos ísle agus torthaí intuartha.

I mí Iúil 2018, chuir an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta a chuid oibre i gcrích agus foilsíodh a Dhara Tuarascáil, an ceann deiridh, i mí Mheán Fómhair 2018 i ndiaidh fhaomhadh an Rialtais. Tá deich moladh sa Tuarascáil, a mbeidh gach ceann de na comhlachtaí freagracha i bhfeighil a chur i bhfeidhm. Tá na moltaí sin le cur i bhfeidhm anuas ar na ceithre mholadh a rinneadh sa chéad tuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún.

I mí Mheán Fómhair 2018, foilsíodh Review of Economic Migration Policy. Léiríodh san athbhreithniú sin go bhfuil córas reatha na gceadanna fostaíochta fónta ar an iomlán, ach go dteastaíonn roinnt athruithe chun a chinntiú go mbeidh sé fós in ann freagairt do riachtanais athraithe an mhargaidh saothair. Forbraíodh plean gníomhaíochta chun cur i bhfeidhm na moltaí a chur chun cinn sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Rinneadh athruithe, trí leasú ar na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta, ar liostaí slite beatha na gceadanna fostaíochta agus dá bharr sin baineadh formhór na ngrád cócairí agus slite beatha sonracha áirithe in earnáil na hagraibhia ón liosta slite beatha neamhcháilithe de réir cuóta. Tháinig méadú mór ar an éileamh ar cheadanna fostaíochta i rith 2018 ar fad sa rannóg Ceadanna

Fostaíochta. Mhéadaigh líon na n-iarratas a fuarthas i rith 2018 27% i gcomparáid le 2017, agus eisíodh 13,398 cead fostaíochta san iomlán in 2018, suas 16% ar 2017.

Stiúrann an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair. Mar chomhalta Titulaire (ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) de Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, bhí ról gníomhach ag Éirinn i gcruinnithe an Chomhlachta Rialaithe i mí an Mhárta agus i mí na Samhna. Toghadh Éire mar Chomhordaitheoir Réigiúnach do Ghrúpa Iarthar na hEorpa. Stiúir an Roinn toscaireacht thríthaobhach go dtí an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh, faoi stiúir an Aire Stáit Pat Breen, T.D., Danny McCoy (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ibec) agus Patricia King (Ard-Rúnaí ICTU). Thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn an príomhaitheasc ar thodhchaí na hoibre agus ról na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus an chórais iltaobhaigh. Toghadh Éire mar Rapóirtéir ar an gCoiste Comhdhála maidir le Caighdeáin a Chur i bhFeidhm.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. In 2018, thit líon na mbásanna san áit oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta go 39, an líon is lú ó cuireadh tús leis an taifeadadh 30 bliain ó shin. Sin laghdú ar líon na mbásanna san áit oibre in 2017, nuair a maraíodh 48 duine. Tá sé níos lú ná leath an fhigiúir ab airde, in 1995, nuair a fuair 79 fostaí bás i dtimpiste san áit oibre.

In 2018, thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi 9,830 cigireacht agus fiosrú san áit oibre. Thug sé freisin faoi 289 measúnú faireachais margaidh ar tháirgí ceimiceacha in 2018. Aimsíodh gur sháraigh sé tháirge tomhaltóra na rialacha agus baineadh den mhargadh iad. Tá gníomh ar bun chun 14 mhír sheodra a sháraigh REACH a bhaint freisin.

Uirlis ar líne saor in aisce de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta is ea BeSMART, a dearadh chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthaí beaga measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Mhéadaigh lucht úsáidte BeSMART 9,357 in 2018, go 56,329 san iomlán.

Ag tús mhí Mheán Fómhair 2018, tugadh le chéile na feidhmeanna corparáideacha a thacaíonn leis an Roinn chun a misean agus spriocanna fiontraíochta a bhaint amach, agus bunaíodh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha. Dá bharr sin, beidh tacaíocht níos éifeachtaí agus níos cuíchóirithe le fáil ó na feidhmeanna corparáideacha, a chuirfidh sinéirgí agus éifeachtúlacht níos fearr ar fáil ar fud na Roinne.

# Ráiteas Straitéise 2018–2021

## SPRIOC 1: BHEITH CHUN TOSAIGH MAIDIR LE FIONTAIR AGUS FOSTAÍOCHT ARDCHAIGHDEÁIN A CHRUTHÚ AGUS A CHOTHÚ I RÉIGIÚIN UILE NA TÍRE ACH TACAÍOCHT A THABHAIRT DO BHONN LÁIDIR FIONTRAÍOCHTA DÚCHAIS, LEANÚINT D'INFHEISTÍOCHT DHÍREACH EACHTRACH A MHEALLADH AGUS LE CULTÚR LÁIDIR FIONTRAÍOCH.

### CRUTHÚ POST AR AN IOMLÁN

Sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe de 2018, cruthaíodh 49,900 post. Bhí beagnach 393,000 duine níos mó ag obair sa cheathrú ráithe de 2018 ná mar a bhí in 2012, nuair a seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta um Poist. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó 15% go luath in 2012 go 5.5% i mí na Nollag 2018.

### FEIDHMÍOCHT CHLIANTCHUIDEACHTAÍ NA NGNÍOMHAIREACHTAÍ FIONTRAÍOCHTA

Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna bliantúla ar chliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta (Fiontraíocht Éireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail) chun taighde bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi bheartas fiontraíochta.

#### Suirbhé Fostaíochta Bliantúil ar Chliantchuideachtaí na nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta


Is áireamh é an suirbhé seo ar fhostaíocht i thart ar 8,000 cliantchuideachta de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta. Léirigh na torthaí ceannlíne is deireanaí le haghaidh 2018 go raibh an fhostaíocht iomlán (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) ag 446,243. B'in glanmhéadú 22,252 i gcliaint Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann in 2018, méadú 5.3% ar 2017.

### AN SUIRBHÉ BLIANTÚIL GNÓ AR THIONCHAR EACNAMAÍOCH CHLIAINT NA NGNÍOMHAIREACHTAÍ

Tugann an suirbhé bliantúil seo ar chliantchuideachtaí gníomhaireachta ina bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó (thart ar 4,200 cuideachta). Bailíodh torthaí dheireadh na bliana le haghaidh 2017 in 2018:

- B'ionann díolacháin iomlána agus €241.7bn in 2017, méadú 9.2% ó 2016 i leith
- B'ionann easpórtálacha iomlána agus €213.8bn in 2017, méadú 9.1% ó 2016 i leith
- Mhéadaigh breisluach go €76.5bn in 2017 ó €73.3bn in 2016
- Mhéadaigh caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann (Párolla, ábhair Éireannacha agus seirbhísí Éireannacha) 9.2% go €46.4bn in 2017.

## PRÍOMHTHÁSCAIRÍ GNÓ DO NA GNÓLACHTAÍ GNÍOMHAIREACHTA AR FAD, 2000–2017, FOINSE: ABSEI




## FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Léirigh cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann neart gheilleagar na hÉireann agus na margaí domhanda in 2018 nuair a thuairiscigh siad feidhmíocht láidir fostaíochta. Taifeadadh an fhostaíocht is airde i stair na gníomhaireachta sa suirbhé fostaíochta ar 2018 a rinne Fiontraíocht Éireann. Bhí 217,186 duine fostaithe i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, cruthaíodh 8,212 post nua i ndiaidh na caillteanais a chur san áireamh, agus bhí fás ar an bhfostaíocht ar fud na réigiún ar fad.

Scaipeadh cruthú post go cothrom ar fud na tíre, agus bhí méadú ar líon na bpost i ngach contae. Bíonn ról tábhachtach ag cliaint Fhiontraíocht Éireann sa gheilleagar réigiúnach; mar shampla:

- In 2018, bhí 64% den fhostaíocht i gcliantchuideachtaí lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Bhí 61% de na poist nua a tuairiscíodh i gcuideachtaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Thacaigh Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí thart ar 380,000 post díreach agus indíreach a chothú ar fud na tíre; agus
- Chaith cliaint Fhiontraíocht Éireann €26.79bn in 2017 i ngeilleagar na hÉireann ar phárolla, earraí agus seirbhísí.

Fás leanúnach timpeallacht fiontraíochta le haghaidh gnólachtaí nua-thionscanta is cúis le feidhmíocht láidir na ngnóthaí Éireannacha, i dteannta fás láidir post san Fhoirgníocht

(méadú 8%), Innealtóireacht (méadú 5%), Eolaíochtaí Beatha (méadú 8%), Teicneolaíocht Dhigiteach (méadú 6%), Leictreonaic (méadú 7%), Bia (méadú 3%) agus earnálacha TFC (méadú 3%).

In 2018, bhí Fiontraíocht Éireann páirteach le 215 imeacht trádála in Éirinn agus thar lear. Astu sin, ba Mhisin Trádála agus imeachtaí trádála faoi stiúir Airí 62 díobh. Tá an clár forleathan seo d'imeachtaí idirnáisiúnta trádála riachtanach chun méadú a bhaint amach ar easpórtálacha chuig margaí limistéar an Euro agus chuig na margaí domhanda. In 2018, lean Fiontraíocht Éireann ag scálú a bhfeachtais idirnáisiúnta margaíochta don easpórtáil trí "The Irish Advantage". Is feachtas cur chun cinn digiteach don easpórtáil é sin, a dhíríonn ar fheasacht faoi tháirgí agus seirbhísí Éireannacha a spreagadh i margaí idirnáisiúnta agus ar cheannaitheoirí a spreagadh le hábhar a fháil ó Éirinn. Tá an feachtas ar bun i 17 margadh agus i 10 n-earnáil/bhfo-earnáil. Leathnófar in 2019 é go margaí nua agus na príomhearnálacha fáis inar sainaithníodh deiseanna d'easpórtálaithe na hÉireann éagsúla i gcomhthéacs an Bhreatimeachta agus ar tugadh tús áite dóibh de réir a n-acmhainneachta.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach Fhiontraíocht Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 6.

## OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Is éard atá sa 31 Oifig Fiontair Áitiúil ná 'siopa céad staid' le haghaidh comhairle agus treorach, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás. I rith 2018:

- Cruthaigh cliaint na nOifigí Fiontair Áitiúla 8,007 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán.
- Má chuirtear caillteanais i bpunann cliantchuideachtaí san áireamh, bhí méadú glan 3,656 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ann; agus
- Bhí 7,164 cliantchuideachta, le fostaíocht 36,666 duine (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán, ag baint le punann na nOifigí in 2018.

Ba é an rud a bhí i gcroílár chruthú na bpost sin ná raon tacaíochtaí forbartha a chur ar fáil a bhí dírithe ar chumas agus feidhmíocht cuideachta a chothú in earnáil na micrifhiontar:

- In 2018, d'íoc na hOifigí cúnamh airgeadais díreach le 1,259 togra gnó ar bhain luach €18.2m leis. Astu sin, ba dheontais phrimeála de bheagnach €6m do ghnólachtaí nuathionscanta iad 273 ceann díobh.

I dteannta an chúnaimh airgeadais dhírigh, thacaigh na hOifigí le cohórt níos leithne fiontraithe agus gnóthaí beaga in 2018 le tacaíochtaí boga eile:

- Oiliúint faoi Do Ghnó Féin a Chur ar Bun – 3,944 rannpháirtí ar 250 clár;
- 2,029 clár oiliúna forbartha gnó (Do Ghnó Féin a Chur ar Bun ina measc), ina raibh 34,938 rannpháirtí;

- Tacaíocht mheantóireachta shaincheaptha duine le duine a chur ar fáil do 9,625 rannpháirtí;
- Cuireadh 326 duine ar aghaidh chuig Microfinance Ireland (158 iarratas ar dheontas faofa) a thacaigh le 295 post a chruthú; agus
- Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (D/CCAE) le 1,107 gnó.

Toradh an-dearfach ar infheistíocht agus tacaíocht na nOifigí Fiontair Áitiúla is ea go bhfuil roinnt cliantchuideachtaí de chuid na nOifigí imithe ar aghaidh go punann Fhiontraíocht Éireann. I rith 2018, chuaigh 171 cliantchuideachta de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúla ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Tá na cliaint sin i measc na gcuideachtaí is fearr feidhmíochta i bpunann cliant na nOifigí (ní léirítear a bhfeidhmíocht in aschur 2018 thuas toisc gur aistríodh go Fiontraíocht Éireann iad).

Tá mionsonraí faoi thacaíochtaí na nOifigí Fiontair Áitiúla faoi Sprioc 6.

### Cumarsáid na nOifigí Fiontair Áitiúla

Chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla roinnt imeachtaí bolscaireachta ar bun go náisiúnta i rith na bliana, ina measc:

- Puball Taispeántais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta;
- Gradaim Fiontraíochta na Scoláirí;
- An tSeachtain Fiontraíochta Áitiúil;
- Na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta; agus
- Fiontraíocht Náisiúnta na mBan.

Sheol Aonad Cumarsáid na nOifigí Fiontair Áitiúla an feachtas margaíochta ‘Making it Happen’ in 2018. Is é sin an chéad chéim chun branda náisiúnta láidir a chruthú do na hOifigí Fiontair Áitiúla a chabhróidh le gnóthaí an réimse tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil d’aon duine ar spéis leo a ngnó a thosú, a fhás nó a leathnú a shainaithint.

### Fiontraí Óg na hÉireann le tacaíocht ó na hOifigí Fiontair Áitiúla

Tá ciste foriomlán infheistíochta €2m ag an tionscnamh seo, atá dírithe ar fhiontraithe óga idir 18 agus 35 bliain d’aois. Bunaíodh Fiontraí Óg na hÉireann chun tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus daoine óga na hÉireann a spreagadh chun gnóthaí nua a bhunú d’fhonn poist a chruthú. Chuir os cionn 5,700 fiontraí óg isteach ar an gcomórtas ó cuireadh tús leis an gclár in 2014.

## GFT ÉIREANN

D’éirigh go maith le GFT Éireann in 2018, agus chruthaigh a chliantchuideachtaí 22,785 post nua comhlán. Is le cliantchuideachtaí de chuid an GFT atá beagnach 10% d’fhostaíocht sa Stát anois.

Léirigh torthaí GFT Éireann in 2018 gur sháraigh an Ghníomhaireacht na spriocanna cruthaithe post a leagtar amach ina straitéis reatha "Winning: Foreign Direct Investment 2015–2019". Ó 2015 i leith, tá an Ghníomhaireacht ag obair i dtreo chuspóirí na straitéise sin, lena n-áirítear 80,000 post nua agus 900 infheistíocht nua a chruthú. Bhí an fhostaíocht infheistíochta dírí eachtraí iomlán in Éirinn ag deireadh 2018 ag 229,057, a d'fhág gur bhain an Ghníomhaireacht a sprioc post glan de 209,000 post amach cheana féin.

Tá an GFT ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo cuspóirí eile a leagtar amach ina straitéis cúig bliana a bhaint amach, go háirithe an leibhéal infheistíochta a ardú idir 30% agus 40% i ngach réigiún taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath faoi 2019. Rinneadh dul chun cinn láidir ina leith sin in 2018, agus cruthaíodh 56% de na poist le tacaíocht GFT Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí méadú glan ar phoist i ngach réigiún in Éirinn. Tá an GFT, de bhun an Chláir Maoine Réigiúnaigh, ag forbairt réitigh chuí mhaoine in ionaid shainithe réigiúnacha chun cabhrú le hinfheistíocht eachtrach a mhealladh isteach.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach GFT Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 6.

## IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh le Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Ó shin i leith, tá Idir-Thrádáil Éireann ag cabhrú le gnóthaí beaga in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann margaí nua trasteorann a fhiosrú, táirgí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt, a ngnó a fhás agus a bheith faoi réir le haghaidh infheisteoirí. Tá punann spriocdhírithe de chláir agus seirbhísí ag an gComhlacht a bhfuil d'aidhm léi cabhrú le gnóthaí buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha na trádála agus na nuálaíochta, iad ar fad bunaithe ar thaighde fianaise-bhunaithe geilleagrach agus gnó.

I measc ghníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann in 2018 bhí:

- Deiseanna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscail aistrithe teicneolaíochta Thuaidh/Theas chun táirgí nuálacha agus seirbhísí nua a fhorbairt lena mbeifear in ann easpórtálacha a fhás;
- Réimsí nua comhoibrithe idir gnólachtaí sa Tuaisceart agus sa Deisceart a bhreithniú;
- Deiseanna díolachán agus margaíochta a thabhairt do ghnólachtaí le go mbeidh siad in ann margaí nua trasteorann a aimsiú; agus
- Rochtain a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar mhargadh soláthair phoiblí €12bn uile-Éireann.

Príomhthorthaí Idir-Thrádáil Éireann in 2018:

- Bhí cruthú post ag 2,043 i gcomparáid le sprioc 1,450 don bhliain;
- Bhí cuideachtaí nuálacha céaduaire ag 73 i gcomparáid le sprioc 62; agus
- Bhí easpórtálaithe céaduaire ag 135, os cionn dhá oiread na sprice.

## AN TÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as caighdeánú, measúnú ar chomhréireacht agus tomhas. Tá sé mar aidhm ag an Údarás feabhas a chur ar fheidhmíocht gnóthaí in Éirinn agus tomhaltóirí a chosaint ach caighdeáin a fhorbairt, uirlisí tomhais a úsáidtear i dtrádáil a scrúdú, agus iniúchóireacht a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint maidir le caighdeáin a chur i bhfeidhm ar earraí, seirbhísí agus tomhais.

D'fhoilsigh an tÚdarás 1,318 caighdeán i rith 2018, an caighdeán I.S. 465 Prótacal Piríte agus Míoca ina measc. Tá líon iomlán na gcaighdeán atá ar fáil i gcatalóg an Údaráis ag breis agus 23,000 anois. D'íoslódáil úsáideoirí Éireannacha níos mó ná 136,500 caighdeán agus mhéadaigh líon na n-úsáideoirí cláraithe nua le 'Your Standards, Your Say', tairseach na Gníomhaireachta, 219 úsáideoir.

Chuir an tÚdarás réimse leathan seirbhísí deimhnithe ar fáil chun a chur ar chumas thionscal na hÉireann cáilíocht, éifeachtúlacht agus suíomh earraí ar an margadh a fheabhsú:

- deimhníodh 1,420 cuideachta go Caighdeán ISO9001 Bainistíocht Cáilíochta; agus
- Deimhniúchán táirgí de réir cheanglas an Aontais Eorpaigh le haghaidh: Mótarfheithiclí (9,000); Foirgníocht (1,000) agus Feistis Leighis (136)

I rith 2018, d'éirigh le cuideachtaí deimhnithe an Údaráis athrú go dtí caighdeáin nuashonraithe, ISO9001 Cáilíocht agus ISO14001 Córais Bhainistíochta Comhshaoil, faoin spriocdháta, an 15 Meán Fómhair.

Bhunaigh an tÚdarás Aonad sonrach Breatimeachta i mí Mheán Fómhair 2018 agus é mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil tionscal na hÉireann ullmhaithe mar is ceart don Bhreatimeacht, go háirithe i réimse an deimhniúcháin táirgí. Tá an tAonad tar éis dul ag plé go forleathan le gnóthaí agus le heagraíochtaí trádála ar fud na hÉireann, agus d'eagraigh siad sraith imeachtaí bóthair agus d'eisigh siad bileoga eolais faoi réimsí sonracha earnála.

## ROCHTAIN AR AIRGEADAS

### An Scéim Ráthaíochta Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Rinneadh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa leasaithe le hIonstraim Reachtúil in 2017 agus seoladh í i mí Iúil 2018. Faoin scéim sin, tá Corparáid Bhaincéireachta Straitéisí Éireann, thar ceann an Aire, ag tabhairt isteach táirgí airgeadais agus iasachtaí nua d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide le húsáid in áit iasachtaí traidisiúnta ó bhainc agus a bhaineann le go leor soláthróirí airgeadais eile, seachas na trí phríomhbhanc amháin.

Sa chéad leath de 2018, ceadaíodh 57 saoráid a raibh luach €8.99m orthu agus as ar cruthaíodh 234 post úr agus as ar cothaíodh 142 post a bhí ann cheana féin. Tá an tseanscéim dúnta anois.

Sa dara leath de 2018, faoin scéim leasaithe, ceadaíodh 64 saoráid a raibh luach €9.86m orthu agus as ar cruthaíodh 233 post úr agus as ar cothaíodh 1,213 post a bhí ann cheana féin.

Ó cuireadh tús leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i mí Dheireadh Fómhair 2012, faomhadh 651 saoráid arbh fhiú €103.2m ar fad iad agus a chabhraigh le tacú le 4,387 post.


### An Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair

Tugadh isteach an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair in 2012. Is é cuspóir an chiste iasachtaí a thabhairt do mhicrifhiontair, a shainmhínítear mar ghnóthaí ag a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus/nó láimhdeachas níos lú ná €2m.

In 2018 cheadaigh Microfinance Ireland maoiniú €5.4m do 384 gnó beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 856 post breise. Tugtar 81% de na hiasachtaí do mhicrifhiontair taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tugtar 26% d'iasachtaí Microfinance Ireland do mhná a chuireann micrifhiontair chun cinn.

Ó cuireadh tús leis an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair in 2012 go dtí deireadh 2018, tarraingíodh anuas 1,951 iasacht arbh fhiú €28m iad agus a chabhraigh le tacú le 4,808 post.

MICROFINANCE IRELAND, FOINSE: AN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA




### An Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair

Tá an Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann i bhfeidhm ó 1994 i leith agus bunaíodh í chun níos mó caipiteal riosca a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Go dtí seo, thiomnaigh Fiontraíocht Éireann níos mó ná €510m, a thiomsaigh €1.19bn i maoiniú caipitil Síl agus Fiontair trí shamhail comhinfheistíochta.

## PLEANANNA FIONTRAÍOCHTA RÉIGIÚNACHA

In 2018 chuir an Roinn tús le cleachtadh mór chun na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist a athnuachan agus a athdhíriú. Ba é cuspóir na hathnuachana agus an athdhírithe tógáil tuilleadh ar an gcomhoibriú dearfach réigiúnach a chothaigh an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um Poist, agus aird ar na cúinsí geilleagracha athraithe agus feabhsaithe go náisiúnta, na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn d'fhorbairt agus iomaíochas fiontar in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, an Breatimeacht ina measc.

Tugann na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist nua go 2020 dearcadh agus smaointe ón 'mbun aníos' agus tá siad ríthábhachtach chun uaillmhian an Rialtais a bhaint amach, is é sin 200,000 post breise a chruthú faoi 2020, a mbeadh 135,000 díobh taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Léirigh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh méadú 50,500 duine i bhfostaíocht ar fud an Stáit sa bhliain ón gceathrú ráite de 2017 go dtí an ceathrú ráithe de 2018, agus go raibh díreach faoi bhun leath (48.7%) de na poist taobh amuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath, agus 84% de na daoine nuafhostaithe sa tréimhse sin lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Mhéadaigh líon na ndaoine fostaithe i gcúig cinn de na hocht réigiún sa bhliain ón gceathrú ráithe de 2017 go dtí an ceathrú ráithe de 2018.

Chun fás réigiúnach a spreagadh tuilleadh go 2020, d'fhógair an Roinn 21 tionscadal eile in 2018 a maoiníodh faoin gCiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh iomaíoch a riarann Fiontraíocht Éireann. San iomlán, bronnadh maoiniú arbh fhiú díreach faoi bhun €60m ar 42 tionscadal in dhá ghlaoch chríochnaithe, agus tacaíodh le tionscadail i ngach réigiún.

## RANNPHÁIRTEACHAS LE POBAL NA NGNÓLACHTAÍ BEAGA

Is é an Gníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip príomhthionscnamh beartais an AE chun tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.  Is é atá ann ná sraith bearta beartais bunaithe ar dheich bprionsabal, ón bhfiontraíocht agus 'riarachán freagrúil' go hidirnáisiúnú. Bíonn sé d'aidhm le bileoga eolais an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip, a fhoilsítear gach bliain, an tuiscint ar threochtaí nua agus beartais náisiúnta a théann i bhfeidhm ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a fheabhsú.

Bhí feidhmíocht na hÉireann in 2018 os cionn nó go maith os cionn mheán an AE i gcúig cinn de réimsí an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip:

- fiontraíocht;
- 'dara seans';
- riarachán freagrúil;
- an margadh aonair; agus
- scileanna agus nuálaíocht.

Bhí sí ag teacht leis an meán Eorpach, nó mórán mar an gcéanna leis an meán, i gceithre réimse eile:

- státchabhair agus soláthar poiblí;
- rochtain ar airgeadais;
- an comhshaol; agus
- idirnáisiúnú.

Tá próifíl na hÉireann faoin nGníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip fós iomaíoch ar an iomlán.  I rith 2018, lean an Roinn ag cur lena Tástáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide trí thionscadal píolótach ar thogra na Comhairle Eorpaí faoin Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach.

Cuireann an Tástáil Prionsabal "Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús" an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip i gcroílár an cheaptha beartas. Is cuid í de threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr. Spreagann an Tástáil gach Ballstát le breithmheas ar an ualach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a chur san áireamh i reachtaíocht agus rialáil ábhartha.

Iarrtar i dTástáil na hÉireann d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ar an lucht déanta beartas iad seo a leanas a chur san áireamh nuair atá rialáil agus reachtaíocht á gceapadh:

1. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara na bhfiontar beag agus meánmhéide;
2. Gnóthaí ar a mbeidh tionchar a shainaithint;
3. Tomhas ar an tionchar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; agus
4. Measúnú ar shásraí malartacha agus bearta maolaithe trí dhíolúintí, solúbthacht le spriocdhátaí nó rialáil a shimpliú.

Cuireann Grúpa Comhairleach na Roinne um Ghnólachtaí Beaga ardán ar fáil do rannpháirtíocht struchtúrtha idir úinéirí gnóthaí beaga agus an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí.Bhí an Grúpa Comhairleach rannpháirteach go gníomhach leis an Aire Stáit Pat Breen, T.D., agus an Roinn i rith 2018, agus thug siad ionchur luachmhar ar thopaicí éagsúla, ina measc aighneachtaí roimh an gCáinaisnéis, an GDPR, Nuachóiriú ÍMAT agus Athbhreithniú an OECD ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn.

Ar leibhéal na hEorpa, lean ionadaithe na Roinne ina gcomhaltaí gníomhacha de Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide. I rith 2018, tionóladh ceithre chruinniú de chuid Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide. Ina theannta sin, bhíothas rannpháirteach go gníomhach i bPáirtí Oibre an OECD ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Fiontraíocht. Cothaíodh agus forbraítear caidreamh trí ról gníomhach na Roinne sa dá pháirtí. Dá bharr sin fostaíodh an OECD in 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn.

## ATHBHREITHNIÚ TÍRE AN OECD AR BHEARTAIS NA BHFIONTAR BEAG AGUS MEÁNMHÉIDE AGUS NA FIONTRAÍOCHTA IN ÉIRINN

Chun tiomantas foriomlán an Rialtais d'fhás na bhfiontar beag agus meánmhéide in Éirinn amach anseo a threisiú tuilleadh, choimisiúnaigh an Roinn an OECD chun tabhairt faoi athbhreithniú ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn.

Sheol an tAire Heather Humphreys, T.D., an tAire Stáit Pat Breen, T.D., agus an tArd-Rúnaí Gurría ón OECD an t-athbhreithniú i mí an Mhárta 2018. Is é aidhm an athbhreithnithe anailís oiriúnaithe agus moltaí a chur ar fáil don Roinn agus do Rialtas na hÉireann faoin gcaoi le dearadh agus cur i bhfeidhm bheartais agus chláir na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na fiontraíochta a fheabhsú, bunaithe ar mheasúnú ar fheidhmíocht reatha na tíre maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide, coinníollacha creata agus beartais bunaithe ar chomparáidí idirnáisiúnta.

Is corpas comhoibríoch oibre é seo ina raibh ionchur suntasach ón Rialtas trí chéile agus ó pháirtithe leasmhara. Tugadh faoi rannpháirtíocht shuntasach i rith 2018, agus cuireadh ceistneoirí ábhartha, aighneachtaí breise agus rannpháirtíocht trí phróiseas 3 imeacht le páirtithe leasmhara i gcrích. Mar gheall ar an leibhéal ard rannpháirtíochta sin bhí Rúnaíocht an OECD, saineolaithe, comhghleacaithe ar fud na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí, institiúidí trí leibhéal agus an pobal gnó trí chéile in ann plé ginearálta a dhéanamh ar éiceachóras na bhfiontar beag agus meánmhéide faoi láthair. De bharr na rannpháirtíochta sin, bhí an OECD in ann teacht ar thuiscint dhomhanda ar Éiceachóras na hÉireann, agus cuireadh an chéad dréacht-tuarascáil ar fáil sa cheathrú ráithe de 2018.

## TÁBHACHT STRAITÉISEACH NA LÁRIONAD SONRAÍ DO BHEARTAS FIONTRAÍOCHTA NA HÉIREANN

D'fhoilsigh an tAire Heather Humphreys, T.D, 'Government Statement on the Role of Data Centres in Ireland's Enterprise Strategy' i mí an Mheithimh 2018. Leagtar amach ann tábhachtach straitéiseach na lárionad sonraí do bheartas uileghabhálach fiontraíochta na hÉireann agus chun infheistíocht iasachta a mhealladh don earnáil TFC. D'fhorbair an Roinn an Ráiteas i gcomhairle le Ranna Rialtais eile, ina measc an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, i ndiaidh don Rialtas a aontú, i mí Dheireadh Fómhair 2017, go gcruthófaí creat straitéiseach beartais chun tacú le forbairt leanúnach na lárionad sonraí in Éirinn.

Tarraingítear aird i Ráiteas an Rialtais ar an gcaoi a n-ardaíonn na lárionaid sonraí in Éirinn ár n-íomhá go hidirnáisiúnta mar gheilleagar nuálach ina bhfuil neart teicneolaíochta, agus dá réir, go mbreathnaítear ar Éirinn mar shuíomh iontach do réimse leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a bhíonn ag brath níos mó agus níos mó ar inniúlachtaí digiteacha, ina measc déantúsaíocht, beochan, miondíol, fearais leighis agus seirbhísí airgeadais, agus a mbíonn fiontair idir Éireannach agus iasachta i gceist leo. Bíonn na Lárionaid Sonraí dian ar

chaipiteal, bíonn saolré fhada acu go hiondúil agus ghin siad saineolas domhain inár bhfiontair foirgníochta Éireannacha a dhéanann easpórtáil ar a gcuid seirbhísí go hidirnáisiúnta anois.

Leagadh amach in 'Government Statement on the Role of Data Centres in Ireland's Enterprise Policy' cur chuige pleanáilte i leith na dúshláin a thagann le forbairt lárionaid sonraí a bhainistiú, ar nós an éilimh mhóir ar leictreachas, chomh maith leis na deiseanna do bhonn fiontraíochta na hÉireann.

## AN RÁITEAS BEARTAIS NÁISIÚNTA UM AN FHIONTRAÍOCHT

Seoladh an chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta um an Fhiontraíocht in Éirinn in 2014. Ba phlean cúig bliana é a forbraíodh chun spiorad fiontraíochta a chothú agus a chur chun cinn in éiceachóras na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na fiontraíochta. Leagadh amach 96 gníomh sa Ráiteas Beartais, agus athbhreithníodh a ndul chun cinn in 2018. Léiríodh go bhfuil gach gníomh fós ar bun nó gur cuireadh i gcrích cheana iad.

Pléitear sé phríomhghné sa Ráiteas Beartais a imríonn tionchar ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar fhiontraithe agus a threoraíonn treo beartais amach anseo.

1. Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
2. Timpeallacht agus tacaíochtaí gnó;
3. Nuálaíocht;
4. Rochtain ar airgeadais;
5. Líonraí agus meantóireacht; agus
6. Rochtain ar mhargaí.

## AN FÓRAM DEARAIDH NÁISIÚNTA

Ar nós taighde agus forbartha nó feidhmeanna nua teicneolaíochta, tá nuálaíocht dearaidh ina difreálaí gnó tábhachtach agus ina foinse d'iomaíochas idirnáisiúnta. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Poist, 2017 roinnt gníomhartha le haghaidh fhorbairt leanúnach earnáil dearaidh na hÉireann agus chun an cion a dhéanann sí don earnáil cheardaíochta agus dearaidh trí chéile a mhéadú oiread agus is féidir. Bunaíodh Fóram Dearaidh Náisiúnta dá bharr.

Tháinig an Fóram, faoi chathaoirleacht an Aire Humphreys, T.D., le chéile cúpla uair in 2018. Tugann an fóram na páirtithe leasmhara ábhartha le chéile, lena n-áirítear gnóthaí, gníomhaireachtaí Rialtais, coláistí tríú leibhéal, cleachtóirí dearaidh agus eagraíochtaí dearaidh, ag soláthar ardáin le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha atá dírithe ar an gclár oibre dearaidh a chur chun cinn. Thacaigh an Fóram le bunú Lárionad Dearaidh Náisiúnta agus is ceanglas é sin anois sa Phlean Náisiúnta Forbartha.

## FÓRAM PÁIRTITHE LEASMHARA NA FREAGRACHTA SÓISIALTA CORPARÁIDÍ

Bhí bliain ghnóthach ag Fóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí in 2018. Bunaíodh an Fóram, atá á stiúradh ag fiontair le rúnaíocht ón Roinn seo, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gníomhartha sa phlean náisiúnta "Towards Responsible Business", an dara Plean Náisiúnta don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in Éirinn le haghaidh 2017–2020. Tá Catherine Heaney, an Stiúrthóir Bainistíochta in DHR Communications, ina cathaoirleach ar Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí faoi láthair. Tháinig an Fóram le chéile faoi thrí i rith na bliana. Tionóladh cruinniú mhí Mheán Fómhair 2018 sa Chabhán, agus bhí imeacht for-rochtana le fiontair bheaga agus mheánmhéide mar chuid de.

Thionóil an Fóram an chéad chruinniú bricfeasta do Phríomhfheidhmeannaigh agus Ceannairí i mí an Mheithimh 2018 agus seoladh 'CSR Check 2018', tuarascáil ar dhul chun cinn ar phlean náisiúnta na freagrachta sóisialta corparáidí, ag an gcruinniú sin. I rith 2018, thóg an Roinn, tríd an bhFóram, taisce de chás-staidéir spéisiúla, atá ag dul i méid i gcónaí, ina léirítear freagracht shóisialta chorparáideach i raon gnóthaí fud fad na tíre, ó chuideachtaí móra ilnáisiúnta go gnóthaí beaga. Bíonn comhaltaí an Fhóraim ina nAmbasadóirí don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, agus cuireann siad leis an bhfeasacht ar bhuntáistí na freagrachta sóisialta corparáidí do chúrsaí gnó.

## AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN MIONDÍOLA

Tionóladh dhá chruinniú de chuid an Fhóraim Comhairliúcháin Miondíola in 2018, agus i measc na míreanna ar an gclár oibre bhí an Breatimeacht, Trádáil ar Líne, Athnuachan Láir Bailte, Árachas agus Scileanna. I mí Aibreáin 2018, reáchtáladh seisiún eolais don Fhóram Comhairliúcháin Miondíola faoi thionchar an Bhreatimeachta ar earnáil Mhiondíola na hÉireann. Tá an tAire Heather Humphreys, T.D., ina cathaoirleach ar an bhFóram.

I mí na Nollag 2018, thionóil an tAire Humphreys ceardlann Breatimeachta le gníomhaithe tábhachtacha i gcúrsaí Miondíola agus Dáilte Grósaeireachta mar chuid dá rannpháirtíocht leanúnach leis an earnáil. Tá slabhraí dáilte san earnáil mhiondíola an-chomhtháite ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe agus léiríonn plé leanúnach an Aire leis an earnáil seo an tábhacht a chreideann an Rialtas a bhaineann leis an earnáil agus go n-aithníonn an Rialtas go bhfuil dúshláin mhóra os a gcomhair.

Seoladh Scéim Miondíola Ar Líne nua phíolótach i mí Dheireadh Fómhair 2018, le ciste €1.25m. Cuireann Fiontraíocht Éireann an scéim ar fáil, a bhfuil i gceist léi tacú leis an earnáil mhiondíola chun a gcumas ar líne a fhorbairt agus a n-iomaíochas a fheabhsú. Tá an dara glaoch le heisiúint in 2019 le haghaidh gnóthaí miondíola ina bhfuil deichniúr fostaithe ar a laghad agus atá réidh lena gcumas ar líne a fhás go straitéiseach. Tabharfar tacaíocht dóibh i réimsí an taighde, na forbartha straitéisí, cur i bhfeidhm agus oiliúna.

Dhírigh grúpa oibre Scileanna an Fhóraim Miondíola ar oiliúint a bhaineann go sonrach le miondíol a thabhairt isteach i réimsí Digiteacha agus an Bhreatimeachta.

# SPRIOC 2: CEANNAS A THABHAIRT DO CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS MAIDIR LEIS AN TIMPEALLACHT IS IOMAÍCHE A FHORBAIRT D'INFHEISTÍOCHT, TÁIRGIÚLACHT AGUS POIST INBHUANAITHE

## FUTURE JOBS IRELAND

I mí Iúil 2018, chomhaontaigh Rialtas na hÉireann go bhforbrófaí Future Jobs Ireland, creat uaillmhianta le haghaidh 2019 agus dá éis, a bheidh ina chuid thábhachtach de chlár oibre geilleagrach na hÉireann sa mheántéarma. Is creat uile-Rialtais, ilbhliantúil é seo a ceapadh chun nuálaíocht agus athléimneacht a chomhtháthú inár ngeilleagar. Cinnteofar go bhfuil ár bhfiontair agus ár n-oibrithe i suíomh maith chun dul in oiriúint d'athruithe teicneolaíochta agus athruithe móra eile ó bhonn a tharlóidh inár ngeilleagar sna blianta seo amach romhainn.

Tá forbairt agus cur i bhfeidhm Future Jobs Ireland á stiúradh i gcomhpháirt ag Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Áiríodh san obair comhairliúchán cuimsitheach, a raibh Cruinniú Mullaigh Náisiúnta an 22 Samhain 2018 mar bhuaicphointe aige. Ghlac os cionn 200 rannpháirtí páirt ghníomhach i bplé le hochtar Airí Rialtais faoi chúig cholún Future Jobs Ireland, eadhon:

1. Feabhas a chur ar tháirgiúlacht na bhfiontar beag agus meánmhéide;
2. Glacadh go fonnmhar le nuálaíocht agus athrú teicneolaíochta;
3. Cur le scileanna agus tallann a fhorbairt agus a mhealladh;
4. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú; agus
5. Aistriú go geilleagar ísealcharbóin.

Seoladh Future Jobs Ireland, 2019 go hoifigiúil i mí an Mhárta 2019.

## AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM POIST, 2018

Foilsíodh an seachtú Plean Gníomhaíochta um Poist, 2018, an ceann deiridh go deimhin, i mí an Mhárta 2018, agus bhí 55 gníomh agus 105 beart ann a bhí le cur i bhfeidhm in 2018. As an 105 beart a bhí le cur i bhfeidhm in 2018, cuireadh 91 i gcrích i rith na bliana, ráta forfheidhmithe 87%. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na bearta eile in 2019. Foilseofar an dara tuarascáil ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta um Poist, 2018 sa chéad ráithe de 2019.

## FIONTRAÍOCHT 2025: ATHNUAITE

Foilsíodh Fiontraíocht 2025, straitéis náisiúnta fiontraíochta na hÉireann, in 2015. Athbhreithníodh an straitéis chun a chinntiú go bhfuil creat beartais agus tosaíochtaí fiontraíochta na hÉireann fós láidir i bhfianaise dúshláin mhóra dhomhanda, ina measc an Breatimeacht, caomhnaitheacht trádála ag dul i méid, forbairtí cánach idirnáisiúnta agus an dul chun cinn leanúnach ar theicneolaíochtaí suaiteacha. Foilsíodh an t-athbhreithniú sin, dar teideal Fiontraíocht 2025: Athnuaite, i mí an Mhárta 2018.

Léiríodh san athbhreithniú go bhfuil bunghnéithe bheartas fiontraíochta na hÉireann fós bailí, mar a ndírítear ar fhás bunaithe ar easpórtáil, agus a bhfuil nuálaíocht agus tallann atá in ann fás geilleagrach a spreagadh agus poist d'ardchaighdeán a chur ar fáil mar bhonn agus taca aige. Tá tábhacht níos mó in Fiontraíocht 2025: Athnuaite ar athléimneacht a thógáil i mbonn fiontraíochta na hÉireann agus ar dhlús a chur faoi luas chur i bhfeidhm an athraithe. Leagtar béim ar fhorbairt na bhfiontar faoi úinéireacht Éireannach agus ar thairbhe a bhaint as sainghnéithe ar leith mheascán fiontraíochta na hÉireann trí chomhoibriú agus cnuasú; díriú ar nuálaíocht agus tallann; láidreachtaí na hÉireann i dteicneolaíochtaí suaiteacha a threisiú; agus cumas iomlán réigiún na hÉireann a bhaint amach. Leagtar amach réimse gníomhartha i ngach réimse chun na spriocanna sin a bhaint amach.

## SCILEANNA A SHEACHADADH DO GHEILLEAGAR ATÁ AG FÁS

D'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí na tuarascálacha seo a leanas; tá rúnaíocht an ghrúpa saineolaithe sin lonnaithe sa Roinn seo:

### Forecasting the Future Demand for High Level ICT Skills in Ireland, 2017-2022

In 2018, cuireadh athnuachan i gcrích ar an Réamhaisnéis Éilimh ar Scileanna TFC, réamhaisnéis ar tugadh faoi in 2013. Foilsíodh an staidéar sin, "Forecasting the Future Demand for High Level ICT Skills in Ireland, 2017-2022", i mí an Mhárta 2019. Tugtar forléargas cáilíochtúil agus cainníochtúil sa tuarascáil ar na treochtaí agus éileamh margaidh, teicneolaíochta agus seirbhíse ar scileanna ardleibhéil TFC in Éirinn ó 2017 go 2022. Chuir an staidéar go mór leis an bPlean Gníomhaíochta Scileanna TFC a fhorbairt, Scileanna Teicneolaíochta 2022. Tá an Roinn lárnach i gcur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC nua, agus í mar chuid den chomh-Rúnaíocht ar Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil an Phlean leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is comhaltaí den Ghrúpa Ardleibhéil sin iad gníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, chomh maith le Todhchaí Chliste de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

### Tuarascáil faoi Athrú Digiteach ó Bhonn

I mí na Nollag 2018, foilsíodh 'Digital Transformation: Assessing the Impact of Digitalisation on Ireland's Workforce'. Dhírigh an staidéar sin ar an tionchar a bheidh ag glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha ó 2018 go 2023. Tugtar léargas ann ar an tionchar a bheidh ag glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha ar oibrithe in Éirinn, de réir earnála, gairm bheatha agus réigiúin. Tarraingítear aird freisin ann ar na deiseanna agus dúshláin a chruthóidh sé sin.

### Addressing the Skills Needs Arising from the Potential Trade Implications of Brexit

I ndiaidh an fhoilsithe, thosaigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Bhunaigh an Roinn Grúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm an Bhreatimeachta, ina bhfuil Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí fiontraíochta. Tá sé d'aidhm acu cur i bhfeidhm na moltaí sa tuarascáil ó staidéar an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais

Scileanna sa Todhchaí a spreagadh agus a mhonatóiriú, agus chun súil a choinneáil ar na riachtanais scileanna a bhaineann leis an mBreatimeacht go ginearálta.

Mar chuid den phróiseas cur i bhfeidhm, tá an Roinn ag plé freisin go haonarach agus go déthaobhach ar bhonn ráithiúil le páirtithe leasmhara sna hearnálacha príobháideacha, ionadaíocha agus oideachais agus oiliúna, chun aon mholtaí a thagann faoina sainchúram a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú agus chun aiseolas a fháil ar aon cheisteanna faoi scileanna a bhaineann leis an mBreatimeacht a chaithfear a chur san áireamh i bhfreagairt Bhreatimeachta an Rialtais. Tá na torthaí ón bplé sin á gcur i bhfeidhm in obair agus machnamh an Ghrúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm an Bhreatimeachta.

## IOMAÍOCHAS AGUS TÁIRGIÚLACHT

Tugann an Roinn faoi thaighde, anailís agus ról na rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais. Tuairiscíonn an Chomhairle don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar shaincheisteanna iomaíochais tábhachtacha atá ann do gheilleagar na hÉireann agus tairgeann moltaí ar ghníomhartha beartais a bhfuil gá leo chun seasamh iomaíoch na hÉireann a fheabhsú.

De réir mholadh na Comhairle Eorpaí maidir le tíortha i limistéar an Euro ag bunú Boird Náisiúnta Táirgiúlachta, i mí an Mhárta 2018, d'ainmnigh an Rialtas an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais mar an comhlacht atá freagrach as anailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus beartais i réimse na táirgiúlachta agus an iomaíochais in Éirinn.

Is tosaíocht ard don Roinn é a chinntiú go sainaithnítear saincheisteanna iomaíochais tábhachtacha na fiontraíochta agus go dtugtar tús áite do ghníomhú ina leith ar fud chóras an rialtais. Is é ár dtosaíocht sa Bheartas Fiontraíochta go mbeadh Éire i measc na gcúig thír is iomaíche (le hais tíortha ardioncaim ag a bhfuil daonra cosúil le hÉirinn) faoi 2020. Ar an mbonn sin, tá Éire sa séú háit faoi láthair.

In 2018, rinneadh taighde ar chur chuige gráinneach chun tuiscint a fháil ar fhás táirgiúlachta comhiomlán in Éirinn. Dheimhnigh an taighde go mbaineann turraingeacha táirgiúlachta na gcúig ghnólacht is mó, i dtéarmaí breisluacha, in Éirinn, le thart ar aon trian den fhás táirgiúlachta comhiomlán. Léiríonn na torthaí eimpíreacha sin bunús luaineachtaí táirgiúlachta na hÉireann, iarmhairtí an dírithe gheilleagraigh ar athléimneacht agus an tábhacht atá le beartais éagsúlaithe a bhfuil d'aidhm leo bonn fiontraíochta na hÉireann de ghnólachtaí táirgiúla a leathnú.

D'fhoilsigh an Chomhairle na tuarascálacha seo a leanas i rith 2018:

- Costs of Doing Business in Ireland 2018
- Ireland's Competitiveness Scorecard 2018
- Ireland's Competitiveness Challenge 2018
- Productivity Statement 2018
- Competitiveness Bulletins 2018

## BONNEAGAIR GHEILLEAGRACHA

I rith 2018 chuir an Roinn béim ar na príomhcheisteanna agus ar na príomhthosaíochtaí d'úsáideoirí gnó i ngach réimse den bhonneagar, agus í ag tarraingt ar anailís a rinne an Rannóg um Straitéis Fiontraíochta, Iomaíochas agus Meastóireacht, ag díriú ar chomh hiomaíoch agus atá timpeallacht ghnó na hÉireann.

Bhí an Roinn ag plé le páirtithe leasmhara ar sheirbhísí uisce d'úsáideoirí neamhthí, ar bhonneagar fuinnimh agus forbairt na Straitéisí Geilleagracha agus Spásúla Réigiúnacha a thacaíonn leis an gCreat Náisiúnta Pleanála.

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an Roinn 'Government Statement on the Role of Data Centres in Ireland's Enterprise Strategy' i mí an Mheithimh 2018. D'oibrigh an Roinn go dlúth freisin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun a Scéim Tacaíochta d'Fhuinneamh In-athnuaite a fhorbairt. Cuireann anailís ar riachtanais bhonneagair, mar chuid dár n-uaillmhianta náisiúnta daonra agus fostaíochta a bhaint amach, bonn eolais freisin faoi phlé na Roinne le Bord Seachadta Éire 2040.

Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i dteagmháil leanúnach leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun tacaíocht a thabhairt do bhearta beartais chun infhaighteacht agus cáilíocht an bhonneagair gheilleagraigh a fheabhsú d'fhonn tacú le forbairt fiontraíochta agus iomaíochas ár dtimpeallachta gnó a chothú.

## GNÍOMHAÍOCHT MEASTÓIREACHTA

D'oibrigh Aonad Meastóireachta na Roinne go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne agus le Ranna Rialtais eile chun tabhairt faoi mheastóireachtaí fónta in 2018. Thug an tAonad Meastóireachta ionchur don Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus cuireadh Measúnú Beartais Dírithe ar Thacaíochtaí do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Cothromas i gcrích. Thug an páipéar anailís ón mbarr anuas ar mhaoiniú iomlán na Roinne do chaiteachas ar Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Cothromas agus athbhreithníodh an infheistíocht sin de réir a príomhghníomhaíochtaí, aschur agus tionchar thar phríomhthéamaí na hinfheistíochta.

D'fhoilsigh an tAonad Meastóireachta athbhreithniú freisin ar an tSamhail Breithmheasa Gheilleagraigh, ar samhail costais is tairbhe í a úsáideann gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun breithmheas a dhéanamh ar thograí tionscadail ag an gcéim ex-ante. Bhí moltaí san athbhreithniú ar an tSamhail Breithmheasa Gheilleagraigh chun na paraiméadair reatha a leasú agus chun paraiméadair nua a chur san áireamh sa bhreithmheas ar thograí tionscadail bunaithe ar dhea-chleachtas in anailís costais is tairbhe.

## CÁNACHAS

Bhí an tAonad Beartas Cánach ag plé go forleathan le grúpaí ionadaíochta fiontraíochta agus d'oibrigh siad go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun Aighneacht Roimh Cháinaisnéis 2019 a chur isteach i bpáirt. Ba é an cuspóir príomhúil a bhí leis an

aighneacht a chinntiú go leanann Cáinaisnéis 2019 ag tacú le fiontair agus go gcuirfí dearcthaí agus riachtanais na bhfiontar san áireamh.

Phléigh an aighneacht réimse leathan de cheisteanna cánach, agus díríodh ar chuid de na príomhdhreasachtaí a bhfuil d'aidhm leo nuálaíocht a spreagadh, ar nós an chreidmheasa cánach do Thaighde agus Forbairt agus bearta a bhfuil d'aidhm leo riosca fiontraíochta a chúiteamh, ar nós an Fhaoisimh ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil d'Fhiontraithe. Ina theannta sin, bhí moltaí san aighneacht maidir lenár gcóras cánach pearsanta agus tarraingíodh aird ar an ngá atá le hathbhreithniú ar na scéimeanna sin nár ghlac an oiread daoine a rabhthas ag súil leis páirt iontu.

Coinníonn an Roinn súil freisin ar fhorbairtí cánach idirnáisiúnta agus bíonn sí ar an eolas faoi impleachtaí féideartha agus chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí náisiúnta.

## ATHRÚ AERÁIDE

I mí Dheireadh Fómhair 2018, rinne an Roinn cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais ar Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaíodh an Coiste chun breithniú a dhéanamh ar an tríú tuarascáil agus ar na moltaí ón Tionól Saoránach ar "Conas is féidir leis an Stát ceannaire a dhéanamh d'Éirinn ó thaobh dul i ngleic le hAthrú Aeráide de". Ag an gcruinniú agus in aighneachtaí i scríbhinn don Choiste, leag an tArd-Rúnaí amach an chaoi a gcuirtear athrú aeráide san áireamh i gcroíbheartais fiontraíochta agus nuálaíochta na Roinne agus thug breac-chuntas ar na cláir agus gníomhaíochtaí roinne agus gníomhaireachta a thacaíonn le cuideachtaí chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú, éifeachtachtaí comhshaoil a spreagadh agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe a bhaint amach.

I rith na bliana chuir an Roinn anailís agus ionchur beartais ar fáil d'ábhar a bhaineann le spriocanna agus beartas maidir le hathrú aeráide a bhaineann leis an earnáil fiontraíochta agus chinntigh sí go gcuirfí tionchar ar iomaíochas san áireamh i roghanna beartais.

## BAILIÚ AGUS DÁILEADH SONRAÍ

Táirgeann an Roinn staitisticí oifigiúla ar thaighde agus forbairt sna hearnálacha Rialtais agus Ardoideachais.

### Buiséad Taighde agus Forbartha

Cé nach bhfuil córas nuálaíochta na hÉireann ach ina thús fós i ndáiríre, tá dul chun cinn mór déanta againn agus aitheantas idirnáisiúnta ar réimsí áirithe. Léiríonn meastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta an luach maith ar airgead agus tionchar geilleagrach a eascraíonn as infheistíocht i dtaighde agus forbairt a dhéanann an Stát agus fiontair. Tá cáilíocht thaighde na hÉireann tar éis ardú ón 36ú háit (2003) go dtí an 11ú háit (2017) de réir InCites Essential Science Indicators a fhoilsíonn Thomson Reuters.

I gcás na hÉireann, le haghaidh €1 d'infheistíocht an stáit i dtaighde agus forbairt, caitheann an earnáil ghnó beagnach €2.5 ar thaighde agus forbairt (i.e. déanann an Stát 29% den infheistíocht iomlán i dtaighde agus forbairt agus déanann an earnáil ghnó 71%). Bíonn

cóimheas aon trian: dhá thriain de ghnáth san Aontas Eorpach. Dá réir, tá Éire ar comhchéim leis an mBeilg agus an tSualainn, agus beagán taobh thiar den tSeapáin agus den Chóiré.

I measc chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, tá gníomhaíocht taighde agus forbartha ina saintréith de ghnólachtaí a bhí ag spreagadh fáis i ndíolacháin, easpórtálacha agus breisluach. Baineann cúnamh deontais taighde agus forbartha le níos mó fás fostaíochta i ngnólachtaí agus athléimneacht níos fearr i bhfostaíocht i rith an chúlaithe gheilleagraigh.

Beidh rathúnas agus fás geilleagrach na hÉireann amach anseo ag brath go mór ar ár n-infheistíocht leanúnach i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Tá an infheistíocht sin dírithe ar gheilleagar agus sochaí ardtáirgiúlachta, bunaithe ar eolas a fhorbairt, ag spreagadh nuálaíochta i bhfiontraíocht, ag tógáil caipiteal daonna agus ag méadú a mhéad agus is féidir an toradh ar infheistíocht taighde agus forbartha le haghaidh dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta.

### Dashboard Statistics

Foilsítear na Dashboard Statistics ar shuíomh gréasáin na Roinne gach mí. Tiomsaítear sonraí iontu ón Roinn, an Ard-Oifig Staidrimh, ONS agus foinsí seachtracha eile a bhaineann le táscairí luatha ar athrú a théann i bhfeidhm ar bheartas fiontraíochta.

## SAINCHÚRAIM EARNÁLA AGUS DÍRIÚ AR EARNÁLACHA

D’fhorbair an Roinn sraith 16 Shainchúram Earnála a thugann léargas ar phríomhearnálacha sa gheilleagar Éireannach. Forbraíodh na sainchúraim earnála i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha agus le páirtithe leasmhara eile, agus tugtar iontu:

- léargas luath ar athruithe agus treochtaí struchtúrtha sna hearnálacha a bhféadfadh anailís spriocdhírithe beartais agus/nó freagairtí a bheith ag teastáil dóibh;
- léargas ar réimsí deiseanna d’Éirinn atá ag teacht chun cinn;
- sraith gníomhartha féideartha, ar leibhéal earnála, deimhnithe ag na príomhpháirtithe leasmhara atá in ann bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas; agus
- eolas beacht, atá éasca le teacht air, faoi earnálacha le húsáid mar ábhar faisnéise agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas ar fud na Roinne agus i gcóras an Rialtais trí chéile.

Leagtar amach i ngach sainchúram earnála:

- grafaic faisnéise lán leathanaigh ina dtugtar léargas achomair ar an earnáil;
- sonraí domhanda agus náisiúnta ceannlíne;
- cur síos ar an earnáil go domhanda agus ar fhorbairtí domhanda;
- an earnáil in Éirinn agus éiceachóras na hearnála, lena n-áirítear tacú le bonneagair, líonraí, etc., taighde agus forbartha;

- deiseanna agus gníomhartha féideartha atá sonrach don earnáil chun dlús a chur faoi fhás agus bacainní a bhaint; agus
- infheistíochtaí le deireanaí agus fógraí post a bhaineann leis an earnáil.

Cuireadh na Sainchúraim Earnála in oiriúint le foilsiú agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tugtar 'Focus on Sectors' ar na Sainchúraim Earnála oiriúnaithe agus tá grafaic faisnéise úsáideach i ngach ceann, ina dtugtar forléargas ar threochtaí idirnáisiúnta don earnáil atá i gceist agus faisnéis faoin gcaoi a bhfuil an earnáil ag forbairt in Éirinn.

## AN MARGADH AONAIR DIGITEACH

De réir spriocanna na Roinne maidir le timpeallacht iomaíoch a fhorbairt chun trádáil a spreagadh, táirgiúlacht a fheabhsú agus poist a chruthú agus a chothú, leanadh leis an obair ar an gclár oibre don athrú digiteach ó bhonn i rith 2018.

Stiúrann an Roinn gníomhaíocht an Rialtais uile agus comhordú tras-Rialtais chlár oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh ar leibhéal náisiúnta agus AE, chomh maith le dlús a chur faoi obair agus comhghuaillíochtaí le Ballstáit agus forais AE a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin.

Bhí Pat Breen, T.D., an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, ina chathaoirleach ar chúig chruinniú de chuid an Choiste Idir-rannaigh ar an Margadh Aonair Digiteach i rith na bliana. Is grúpa tras-Rialtais é an Coiste Idir-rannach ina bhfuil roinnt Aonad ón Roinn mar aon le hionadaithe ó Ranna eile. Stiúrann siad an ghníomhaíocht uile-Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na tionscnaimh atá ag teacht chun cinn ón gCoimisiún Eorpach faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach agus idirbheartaíocht a dhéanamh orthu.

De réir mar a leantar le forbairt chlár oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, i measc cuid d'éachtaí móra na Roinne do thomhaltóirí tá rialacháin maidir le geobhlocáil a thabhairt isteach, comhoibriú faoi chosaint tomhaltóirí i measc gníomhaireachtaí, níos mó rochtana ar inneachar digiteach, inaistritheacht inneachair ar líne thar teorainn agus feabhas ar dhíolachán cianda earraí. Ó thaobh an ghnó de, stiúir an Roinn idirbheartaíocht na hÉireann ar an Rialachán maidir leis an Ardán go Gnó (P2B), a bhfuil d'aidhm leis timpeallacht ghnó chothrom, thrédhearcach agus intuartha a chruthú do ghnóthaí a úsáideann ardáin ar líne dá dtrádáil. Tá an Rialachán sin le comhaontú in 2019.

Tá an Roinn ina comhalta den ghrúpa stiúrtha chun Straitéis Náisiúnta Dhigiteach nua a fhorbairt agus tá sí ag stiúradh an cholúin Nuálaíochta agus Geilleagair. Reáchtáladh dhá chomhairliúchán comhchéime i rith na bliana le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ionadaíochta gnó mar chuid de phróiseas forbartha na straitéise.


Shínigh Éire Dearbhú ar Intleacht Shaorga ar an Lá Digiteach i mí Aibreáin 2018, agus stiúir an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann ina dhiaidh sin i bPlean Comhordaithe an Aontais Eorpaigh ar Intleacht Shaorga a fhorbairt, a foilsíodh i mí na Nollag. Ghlac an Roinn páirt

freisin sa chomhairliúchán ar Threoirlínte Eiticiúla an Aontais Eorpaigh a fhorbairt chun an teicneolaíocht nuálach agus suaiteach seo a úsáid.

I measc na hoibre eile a rinneadh chun an clár oibre digiteach a chur chun cinn in Éirinn, bhí staidéar a rinne an Roinn i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun imscrúdú a dhéanamh ar a gcuireann bac ar dhigitiú na bhfiontar beag agus meánmhéide in Éirinn, is é sin, bacainní airgeadais agus eolais agus breac-chuntas a thabhairt ar fhreagairtí beartais iomchuí. Tá an staidéar le cur i gcrích go luath in 2019.

Is suntasach go raibh Éire sa séú háit ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach in 2018, suas ón naoú háit in 2017.

**An tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Rangú 2018**




Nascacht

Caipiteal Daonna

Úsáid Seirbhísí Idirlín

Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití

**Seirbhísí Poiblí Digiteachaital**

# SPRIOC 3: CEANNASAÍOCHT A THABHAIRT AR CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR CHEANNRÓDAÍ DOMHANDA, CÓRAS IOMAÍOCH IDIRNÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS FORBARTHA A SPREAGADH, BONN FIONTRAÍOCHTA NUÁLACH A CHRUTHÚ AGUS SOCHAÍ NÍOS FEARR A THÓGÁIL.

## NUÁLAÍOCHT 2020


Leagtar amach i Nuálaíocht 2020, straitéis náisiúnta na hÉireann le haghaidh taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, fís maidir le hÉirinn a bheith mar cheannródaí nuálaíochta domhanda.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí in 2018 bhí:

- De réir na dtiomantas in Nuálaíocht 2020, athnuadh na réimsí Tosaíochta Taighde i mí an Mhárta 2018;
- €630m cinntithe faoi Fís 2020, an Clár Creata AE do Thaighde agus Forbairt;
- Tá forbairt beartas don Eolaíocht Oscailte ar bun ag an bhFóram Náisiúnta Taighde Oscailte;
- Seoladh Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, le €500m;
- Comhaltacht na hÉireann sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas;
- Trí Cháinaisnéis 2018, leithdháil an Roinn €5.5m chun tús a chur le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán cláraithe na Dochtúireachtaí/na Máistreachtaí Taighde. Leithdháileadh an maoiniú ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a bhronn gradaim trína cláir reatha a thacóidh le thart ar 110 áit taighde iarchéime;
- Méadófar an buiséad níos mó in 2019 go €15m chun gur féidir tús a chur le Lárionaid thiomnaithe le haghaidh Oiliúint Taighde. Cuirfidh an clár taithí iarchéime ar an gcaighdeán is airde atá dírithe ar mhic léinn ar fáil, a chuirfidh leis an sprioc Éire a bhunú mar cheannasaí in oiliúint agus oideachas taighdeoirí iarchéime; agus

De réir an Scórchláir Eorpaigh Nuálaíochta in 2018, tá Éire anois sa naoú háit san Aontas Eorpach, ardú áit amháin i measc an 28 Ballstát. D'fhan Éire sa deichiú háit ar Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2018, léim shuntasach ón 21ú háit deich mbliana ó shin.

## RANGÚ NA HÉIREANN AR AN INNÉACS NUÁLAÍOCHTA DOMHANDA, 2007–2019



### BEARTÚ TOSAÍOCHTAÍ TAIGHDE

Thug an Roinn faoi chleachtadh dian a raibh comhairliúchán cuimsitheach ina chuid de chun an bonn fianaise a fhorbairt a chuirfeadh bonn eolais faoin athnuachan ar an gcleachtadh Tosaíochta Taighde. Cé gur léiríodh san fhianaise go bhfuil an fócas in go leor de na réimsí tosaíochta chomh hábhartha in 2018 agus a bhí do thimthriall 2012–2017, tharla roinnt leasuithe agus nuashonruithe ar na téamaí agus na réimsí tosaíochta mar gheall ar chúinsí athruithe na tréimhse sin.

Chomhaontaigh an Rialtas an tuarascáil a d'eascair as sin, "Research Priority Areas 2018 to 2023", agus foilsíodh í i mí an Mhárta 2018. Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: Research Priority Areas 2018-23. Spreagfar cur i bhfeidhm na tuarascála trí Ghrúpa Forfheidhmithe Nuálaíocht 2020.

### CISTE NUÁLAÍOCHTA NA DTEICNEOLAÍOCHTAÍ SUAITEACHA

Bhí an seoladh agus an glaoch deireanach le haghaidh maoiniú faoi Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha in 2018 – ceann de na ceithre chiste mhóra a bronnadh mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2040. Fógraíodh Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Éire 2040 - An Tionscadal. Dheimhnigh sé sin bunú Ciste €500m bunaithe ar dhúshlán a cuireadh i bhfeidhm tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus a gníomhaireachtaí, i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.

Tá sé d'aidhm leis dul i ngleic le forbairt, úsáid agus tráchtálú ceann de na teicneolaíochtaí suaiteacha, nó níos mó díobh, chun réitigh nua a chur ar fáil trí infheistíocht i bhforbairt agus cur i bhfeidhm táirgí agus seirbhísí nua. Cruthóidh na tionscadail a mhaoinítear poist na todhchaí.

Fuarthas os cionn 300 Léiriú Spéise tosaigh (le cómhaoiniú tionscail) faoin spriocdháta i mí Lúnasa 2018, a léirigh go raibh an-fhonn ar éiceachóras Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta na hÉireann tairbhe a bhaint as Ciste dá leithéid. Is é seo an chéad Chiste dá leithéid a thacaíonn le comhoibriú idir cuideachtaí a oibríonn le comhlachtaí taighde poiblí.

Fógraíodh an chéad ghrúpa de thionscadail ar éirigh leo i mí na Nollag 2018.

- Ceadaíodh maoiniú do 27 Tionscadal, a raibh cuid mhór díobh á stiúradh ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag gnólachtaí nuathionscanta;
- Gheobhaidh na tionscadail ar éirigh leo os cionn €70m go 2021 agus baineann siad le hearnálacha sláinte, bia, TFC agus déantúsaíochta na hÉireann;
- Is comhpháirtíocht chomhoibríoch gach tionscadal a dhéanfaidh teicneolaíochtaí suaiteacha a fhorbairt, a úsáid agus a thráchtálú chun gnó a athrú ó bhonn agus tá gach ceann dírithe ar "thaighde tionsclaíoch".
- Bhí rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide riachtanach i ngach cuibhreannas.

## MOL NUÁLAÍOCHTA SLÁINTE ÉIREANN

Is comhthionscnamh é Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte. Is é aidhm an tionscnaimh comhoibriú idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta a chur chun cinn agus go ndéanfaí forbairt agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua cúram sláinte.

I mí an Mheithimh 2018, sheol Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann a nglaoch náisiúnta dúbailte – dírithe agus oscailt – do thionscal na hÉireann. Spreag an gá straitéiseach don tseirbhís sláinte, ar tharraing comhpháirtí Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, aird air, an glaoch dírithe – “Enabling positive ageing”. Bhí an glaoch oscailte dírithe ar chuideachtaí, gnólachtaí nuathionscanta, fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil táirgí nó seirbhísí nuálacha acu atá ag céim réamhthráchtála, taispeána nó forbartha deiridh agus a d’fhéadfadh tionchar mór a imirt ar chúram sláinte. Dúnadh an glaoch ag deireadh mhí Lúnasa 2018, le méadú 58% ar iarratais ar ghlaoch náisiúnta Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann, agus bhí beagnach a leath díobh siúd bainteach le réitigh sláinte.

D’oscail an tAire Harris agus an tAire Stáit John Halligan, T.D., an dara craobh de Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann in Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2018. Fógraíodh clár ceardlanna oideachais Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann ag an oscailt.

## CLÁR RÉIME UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AN AE – FÍS 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici in Fís 2020, Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh. Bhuaigh Éire €630m do mhaoiniú iomaíoch AE ón gclár don tréimhse 2014 go Samhain 2018. Fuair Institiúidí Ardoideachais €382m de sin, nó 60.1% den iomlán. Bhuaigh cuideachtaí €238m, nó 37.8%, le €161.9m de sin ag dul go dtí fiontair bheaga agus mheánmhéide. Stiúrann Fiontraíocht Éireann Líonra Fís 2020 na hÉireann.

D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra don naoú Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht, ar a dtabharfar Fís Eorpach, i mí an Mheithimh 2018. Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht an mhí dár gcionn agus baineadh Cur Chuige Ginearálta Páirteach amach an 30 Samhain 2018.

## COMHAIRLE NÁISIÚNTA IOMAÍOCHAIS AN AONTAIS EORPAIGH

I rith 2018, rinne an tAire Stáit John Halligan, T.D., ionadaíocht ar leas na hÉireann ag cruinnithe na Comhairle Iomaíochais ar chúrsaí a bhain le taighde agus nuálaíocht. Reáchtáladh trí chruinniú fhoirmiúla agus dhá chruinniú neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle Iomaíochais (Taighde).

Bhí clár oibre na Comhairle dírithe go mór ar an gCreatchlár beartaithe don taighde agus nuálaíocht don tréimhse ó 2021 go 2027. Ghlac an Chomhairle le Cur Chuige Ginearálta Páirteach i mí na Samhna 2018. Tá idirbheartaíocht faoin gcreatchlár nua ar bun go fóill.

## COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

I rith 2018, shínigh an Roinn meabhrán tuisceana ar chomhoibriú eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta leis an Afraic Theas agus d'óstáil sí an chéad chruinniú den Chomhchoiste chun an meabhrán tuisceana a chur i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath. D'aontaigh an Roinn meabhrán tuisceana leasaithe ar eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht leis an tSín freisin.

## EAGRAÍOCHTAÍ TAIGHDE IDIRNÁISIÚNTA

Lean an Roinn ar aghaidh ag treisiú rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhoibrithe taighde idirnáisiúnta agus i mí Dheireadh Fómhair 2018, chuaigh Éire isteach sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas. Is í an réadlann an eagraíocht réalteolaíochta idir-rialtais is tábhachtaí san Eoraip agus an réadlann réalteolaíochta is táirgiúla ar domhan.

Tríd an Roinn, is ball anois í Éire de na naoi nEagraíocht Taighde Idirnáisiúnta – an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, Eureka, COST, CECAM agus ELIXIR agus LOFAR.

I mí Dheireadh Fómhair, bhí Éire ina comhalta bunaidh de Chomh-ghnóthas na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaí (EuroCFC). Is tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh é EuroCFC agus struchtúr nua dlí agus maoinithe a thabharfaidh acmhainní le chéile ó 25 tír Eorpach, a thógfaidh bonneagar sár-ríomhaireachta agus sonraí agus a thacóidh le taighde agus nuálaíocht sa réimse sin.

## EURAXESS AGUS SOGHLUAISTEACHT TAIGHDE

Forálann Treoir an AE maidir le Taighdeoirí Tríú Tír do nós imeachta mear chun soghluaisteacht taighdeoirí ó lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a éascú. I rith 2018, tháinig an Roinn ar chomhaontú seirbhíse nua le Cumann Ollscoileanna na hÉireann, a bhainistíonn oibríocht na scéime ó lá go lá thar ceann na Roinne. Tá sonraí faoin scéim soghluaisteachta taighdeoirí ar fáil ar: https://www.euraxess.ie/.

## COMHPHÁIRTÍOCHT TAIGHDE AGUS FORBARTHA SAM AGUS NA HÉIREANN

Is toradh í Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM agus na hÉireann ar phróiseas na síochána agus tá rialtais SAM, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach ann agus iad ag obair le chéile chun dul chun cinn na heolaíochta a chothú ach deontais taighde a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch. Ar na réimsí ar tugadh maoiniú dóibh tá sláinte, teileachumarsáid, fuinneamh, nanaitheicneolaíocht, braiteoirí, talmhaíocht agus comhoibriú ag leibhéal na Lárionad Taighde aonair.

Déanann Grúpa Stiúrtha atá faoi chomhchathaoirleacht na dtrí dhlínse an comhoibriú a stiúradh sna trí riarachán agus tá tacaíocht rúnaíochta aige ó Idir-Thrádáil Éireann. Thionóil Tuaisceart Éireann cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha i mí na Bealtaine 2018. Comhaontaíodh ag

an gcruinniú sin go leathnófaí raon feidhme na comhpháirtíochta chun comhoibriú idir sláinte agus talmhaíocht a áireamh.

Maoiníodh 49 tionscadal faoin gcomhpháirtíocht in earnálacha tábhachtacha, ina measc talmhaíocht, sláinte, eolaíocht agus innealtóireacht, teileachumarsáid, fuinneamh agus inbhuanaitheacht. Is fiú os cionn €73m an maoiniú a tiomsaíodh go mí na Nollag 2018.

## FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN

I rith 2018, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ar thús cadhnaíochta domhanda ó thaobh na Nuálaíochta de (ina Ceannródaí Nuálaíochta Domhanda), mar a ndéantar breac-chuntas air i straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – Nuálaíocht 2020 – mar aon le roinnt gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta um Poist, 2018 agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm.

### Gníomhaíochtaí sna Cláir

Sa bhliain 2018, baineadh éachtaí suntasacha amach ar fud gach réimse de ghníomhaíocht SFI. Faomhadh 323 gradam nua in 2018 thar 28 clár ar luach €132m. B’fhiú €181m na híocaíochtaí le comhlachtaí agus eagraíochtaí taighde in 2018.

### I measc na bpríomhréimsí dul chun cinn in 2018 bhí:

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis infheistíocht shuntasach a chur i gcrích in 2018, ina measc: fás ar Lárionaid Taighde na Fondúireachta, tacaíocht do thaighdeoirí i dtús a ngairme le clár cuimsitheach dochtúireachta agus infheistíocht a áiríonn liostaí suntasacha cúltaca de thograí láidre agus inmhaoinithe, ina measc cláir an Bhonneagair Taighde agus an Ghradaim Taighde d’Imscrúdaitheoirí Nua.

### Gradaim

- Seoladh cúig cinn de Lárionaid Taighde na Fondúireachta go hoifigiúil in 2018 – I-Form d’ard-déantúsaíocht; Vistamilk, an lárionad agraitheicneolaíochta is mó a phléann le slabhra táirgthe iomlán na déiríochta le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; BEACON, an lárionad bithgheilleagrach; FutureNeuro, an lárionad do ghalair néareolaíochta ainsealacha agus annamha; agus CONFIRM, lárionad taighde don ‘déantúsaíocht chliste’;
- D’éirigh thar cionn le Lárionaid Taighde na Fondúireachta le Fís 2020 – tarraingíodh anuas níos mó ná €111m sna iomlán agus tharraing Lárionaid Taighde na Fondúireachta anuas >50% den mhaoiniú d’Institiúidí Ardoideachais na hÉireann;
- Rinneadh athbhreithniú ar an gcéad seacht Lárionad Taighde a bhunaigh an Fhondúireacht le haghaidh mhaoiniú chéim a dó. Cuirfidh sé cinn tús le haistriú go samhail nua i mí an Mheithimh 2019;
- Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €26m ar shé ghradam bonneagar taighde;
- Tugadh €10.8m i maoiniú taighde do 20 tionscadal tríd an nGradam Taighde d’Imscrúdaitheoirí Nua. Tá idir €376,000 agus €425,000 thar imeacht ceithre bliana i

gceist leis na gradaim, agus tacóidh na tionscadail mhaoinithe le 20 taighdeoir agus 20 scoláire dochtúireachta; agus

- Clár Ollaimh Taighde na Fondúireachta – cheap Coláiste na hOllscoile Corcaigh an tOllamh Séamus Davis mar cheann an chláir cheannródaíoch taighde chun staidéar a dhéanamh ar Ábhair Chandaim le haghaidh Teicneolaíocht Chandaim, i gcomhcheapachán le hOllscoil Oxford. Is fisiceoir candaim turgnamhach é an tOllamh Davis a bhfuil clú agus cáil air ar fud na cruinne.

### Gairmeacha, Tacaíocht Oideachais, Foghlaim Neamhfhoirmiúil

- Seoladh suíomh gréasáin nua don Todhchaí Chliste ("Smart Futures") agus ceapadh feachtas nua náisiúnta fógraíochta do Ghairmeacha STEM, a forbraíodh le tacaíocht ón Roinn Oideachais.
- Bhronn clár Discover Primary Science and Maths na Fondúireachta gradaim ar 641 bunscoil ar fud na hÉireann mar aitheantas ar a n-éachtaí in eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) i scoilbhliain 2017/2018.
- Bhí os cionn 1,400 imeacht ar bun do Sheachtain na hEolaíochta, an líon ba mhó imeachtaí riamh.

## FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, INFHEISTÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NUÁLAÍOCHTA

Cuireann Fiontraíocht Éireann tacaíochtaí Taighde agus Forbartha ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh easpórtálacha. Déanann Fiontraíocht Éireann é sin de bhun trí phríomhghníomhaíocht:

- Acmhainn reatha Taighde agus Forbartha ionchuideachta a threisiú
- Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil
- Tráchtálú

### Acmhainn reatha Taighde agus Forbartha ionchuideachta a threisiú

De bhun tacaíocht a chur ar fáil do Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht, aithníonn an Stát cliseadh sa mhargadh sa mhéid is nach ndéanann cuideachtaí (fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe) dóthain infheistíochta i dtaighde agus forbairt nó sa chás go ndéanann siad infheistíocht ach nach mbíonn na tionscadail sách mór ná uaillmhianach. Is é ról Fhiontraíocht Éireann ina leith sin an baol a bhaint as taighde, forbairt agus nuálaíocht den chineál sin ionas go bhforbródh cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe. In 2018, cheadaigh Fiontraíocht Éireann níos mó ná 140 cead taighde agus forbartha os cionn €50,000 do chliantchuideachtaí. In 2018, rinneadh dul chun cinn ar obair ar athruithe reachtaíochta a bheartaítear chun dul i ngleic le rudaí a chuireann bac ar ghlacadh mhaoiniú taighde, forbartha agus nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann.

### Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an Tionscal agus Lucht Acadúil

I rith 2018, fuair 1,048 tionscadal comhoibritheach idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Áirítear san fhigiúr sin 558 tionscadal beag €5k do Dhearbháin Nuálaíochta, 435 tionscadal faoi Thionscal Tairsí Teicneolaíochta a mhaoiníonn an tionscal agus a chuirtear i gcrích in Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na hÉireann agus 55 Comhpháirtíocht Nuálaíochta mór agus a d'fhéadfadh athrú ó bhonn a

bhaint amach. Tugann na tionscadail seo deiseanna tráchtála nua do chuideachtaí, spáráiltear airgead agus méadaíonn siad ar chumas nuálaíochta.

**Clár na nIonad Teicneolaíochta:** I rith 2018, bhí 844 cuideachta páirteach le líonra Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann, ag réiteach fadhbanna inmheánacha comhchoiteanna agus earnála. Chabhraigh clár na nIonad Teicneolaíochta le láimhdeachas €134m a chruthú go dtí seo i ngnólachtaí rannpháirteacha i seacht gcinn de na hionaid, agus meastar go n-ardóidh an láimhdeachas tuartha go €766m.

**Clár na Tairsí Teicneolaíochta:** Seoladh Clár na Tairsí Teicneolaíochta, 2018–2022 le fógra faoi mhaoiniú €26.76m trí Fhiontraíocht Éireann thar imeacht cúig bliana. Maoiníonn an clár seo 15 Thairseach a fheidhmíonn sna 11 Institiúid Teicneolaíochta. Seoladh Braisle nua na Tairsí Teicneolaíochta in 2018. Is í braisle Theicneolaíocht Bhia na hÉireann an tríú braisle sa líonra, agus tugtar le chéile seacht dTairseach Teicneolaíochta léi. Tá sé d’aidhm léi comhchumas na dTairseacha bia a chur chun cinn mar sholáthraí amháin.

**Mac-chuideachtaí Gnóthaí Nuathionscanta Ardacmhainne:** Cruthaíodh 15 Ghnó Nuathionscanta Ardacmhainne de bharr torthaí taighde ón gcóras Ardoideachais in 2018. Tá 18 nGnó Nuathionscanta Ardacmhainne a stiúrann fiontraithe mná (22%) ina measc.

### TRÁCHTÁLÚ

**Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga:** In 2018, sheol réimse leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí 11 dúshlán chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh nuálacha trí rannpháirtíocht le cuideachtaí a phléann go mór leis an teicneolaíocht.

I ndeireadh 2018, den chéad uair, chuaigh Fiontraíocht Éireann i bpáirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun réitigh a chumasaíonn teicneolaíocht a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshláin i ngalar ainsealach, agus ainmníodh diaibéiteas mar údar mór imní.

**Aistriú Eolais Éireann:** An oifig náisiúnta a chuidíonn le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach ach a chinntiú gur féidir nascadh agus tabhairt faoi thaighde a mhaoinítear go poiblí in Éirinn go héasca. I rith 2018 leanadh leis an obair ar athbhreithniú Aistriú Eolais Éireann ar Phrótacal Náisiúnta IP. Tá an tríú heagrán den Phrótacal Náisiúnta IP nua agus an Treoir Acmhainní IP a ghabhann leis le foilsiú go luath in 2019. Beidh treoir beartas san eagrán is nuaí faoi mhac-chuideachtaí a bhunú.

In 2018, d’oibrigh Aistriú Eolais Éireann leis an Údarás um Ard-Oideachas chun meitheal a thionól a d’fhorbródh treoirlínte ar Mhaoin Intleachtach agus Coimhlintí Leasa a Bhainistiú a ghlacfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

## AN CLÁR TAIGHDE IN INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

Seoladh an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal in 1998, agus eagraíodh cúig thimthriall caiteachais go dtí seo.  Anuas ar thacú le soláthar bonneagair do thaighde den chéad scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh den chuid is nua-aimseartha), rinne an Clár Taighde infheistíocht shuntasach i gcaipiteal daonna a fhorbairt, trí chláir PhD Struchtúrtha/Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Lean an Roinn ag maoirsiú na gcéimeanna deiridh de riaradh an chúigiú timthriall in 2018.

Fógraíodh clár nua maoinithe d'áiteanna PhD struchtúrtha in 2018 trí chlár nua infheistíochta €100m i Lárionaid le haghaidh Oiliúint Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.   Anuas air sin, tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag dul i ngleic leis an ngá atá le spás fisiciúil don taighde san earnáil ardoideachais trí thuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar ardoideachais go dtí 2027 (le thart ar €3 bhilliún) mar a léirítear in Éire 2040 – An Tionscadal.

## GNÍOMHAIREACHT SPÁIS NA HEORPA

I rith 2018, fuair 27 cuideachta conarthaí ón nGníomhaireacht; ba chonraitheoirí céaduaire leis an nGníomhaireacht iad seacht gcinn díobh sin.  B'fhiú €19.28m san iomlán na conarthaí tionscail a shocraigh an Ghníomhaireacht in Éirinn in 2018. Dhaingnigh tionscal taighde na hÉireann conradh €1.7m eile freisin; dá bhrí sin b'fhiú €20.98m luach iomlán na gconarthaí le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in 2018, a léiríonn dul chun cinn na hÉireann san earnáil seo atá ag forbairt.   In 2018, d'infheistigh Éire €17.8m ina comhaltas i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Tá méadú tagtha ar líon iomlán na bpost i gcuideachtaí a bhíonn ag plé leis an nGníomhaireacht go 2,000 in 2014 agus táthar ag tuar go mbeidh níos mó ná 4,500 duine fostaithe iontu faoi 2020. Anuas air sin, ceadaíodh ocht ngnólacht nuathionscanta le haghaidh Oifig Gorlann Ghnó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa in Éirinn in 2018. Oibríonn Oifig Gorlann Ghnó na Gníomhaireachta le fiontraithe chun smaointe gnó a bhaineann leis an spás a thiontú ina gcuideachtaí tráchtála nuathionscanta.

I mí Eanáir 2018, d'fhógair an Roinn gur forbraíodh Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar chun a chur ar chumas na hÉireann an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as a hinfheistíocht sa spás don tionscal, taighdeoirí, saoránaigh agus an geilleagar trí chéile. I rith 2018, rith an Roinn comhairliúchán poiblí agus imeacht do pháirtithe leasmhara chun na deiseanna agus dúshláin in earnáil athraitheach idirnáisiúnta an spáis a shainaithint agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise náisiúnta. Meastar go bhfoilseofar an Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar sa chéad ráithe de 2019.

## FORBAIRTÍ AR BHEARTAS SPÁIS AN AONTAIS EORPAIGH

An 6 Meitheamh 2018, mhol an Coimisiún Eorpach Rialachán a bhunódh clár spáis an Aontais. D'fhéach an Rialachán beartaithe le straitéis spáis 2016 an Aontais a chur i

bhfeidhm trí chlár spáis an Aontais a chur ar bhonn seasmhach i rith an chreata airgeadais ilbhliantúil do 2021–2027, le buiséad €16bn chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí spáis sna cláir sin. Bhí dhá phríomhchuid sa togra spáis: (i) cláir spáis reatha agus nua a aontú le chéile; agus (ii) ról breisithe na Gníomhaireachta um Chóras Loingseoireachta Satailíte Domhanda.

I rith na Comhairle Iomaíochais a tionóladh i mí na Samhna 2018, ghlac na hAirí páirt i gcur agus cúiteamh faoi rialachas, rochtain ar spás agus forbairt na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na ngnólachtaí nuathionscanta.

An 19 Nollaig 2018, baineadh amach sainordú Coreper maidir leis na hairteagail don togra do Rialachán chun clár spáis an Aontais a bhunú, agus cuireadh tús le hidirphlé tríphláirteach i dtús 2019 dá bharr.

## INSTITIÚID NÁISIÚNTA TYNDALL

Is í Institiúid Náisiúnta Tyndall an t-ionad taighde is mó in Éirinn le speisialtóireacht i gcrua-earraí agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). D'úsáid Tyndall an croídheontas €4.5m a thug an Roinn seo in 2018 chun buiséad iomlán taighde de €36m a ghiniúint.

## CÓIPCHEART

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar shaincheisteanna cóipchirt a chur chun cinn in Éirinn agus ag leibhéal an AE. Foilsíodh an Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2018 an 13 Márta 2018. Leasóidh an Bille an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 chun moltaí áirithe a chur san áireamh ón tuarascáil "Modernising Copyright" a d'fhoilsigh an Coiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart in 2013 agus chun foráil níos fearr a dhéanamh do chosaint cóipchirt agus maoine intleachtúla eile sa ré dhigiteach.

Cuireadh tús leis an mBille a chur trí Thithe an Oireachtais i mí an Mhárta 2018, agus cuireadh Céim an Choiste i gcrích i Seanad Éireann an 7 Samhain 2018.

Ag leibhéal an AE, sheol an Coimisiún Eorpach sraith tograí reachtaíochta i mí na Nollag 2015 agus mí Mheán Fómhair 2016 mar chuid den Straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach a raibh d'aidhm léi dlí cóipchirt an AE a nuachóiriú. Dearadh na tograí chun ligean do rochtain níos leithne ar líne ar shaothair chóipchirt d'úsáideoirí agus tomhaltóirí ar fud an AE. Cuireadh roinnt de na tograí i gcrích in 2017, agus tháinig na tograí reachtaíochta seo a leanas i bhfeidhm in 2018:

### An Rialachán maidir le hInaistritheacht

Rialachán (AE) 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach a tháinig i bhfeidhm i mBallstáit uile an AE an 1 Aibreán 2018. Cuireann an rialachán seo ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil ar a seirbhísí ábhair ar líne, e.g. Netflix,

RTÉ Player, agus iad ag taisteal go sealadach san Aontas Eorpach mar a dhéanfaidís sa bhaile.

### Treoir agus Rialachán chun Conradh Marrakech a chur i bhfeidhm i ndlí an AE

Glacadh le Treoir an AE 2017/1564 agus Rialachán an AE 2017/1563 chun Conradh Marrakech (comhaontú idirnáisiúnta faoi chúrsaí cóipchirt) a chur i bhfeidhm i ndlí an AE Éascaíonn an conradh rochtain ar shaothair fhoilsithe do dhaoine atá dall, faoi lagamharc, nó faoi mhíchumas cló ar shlí eile.

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conradh Marrakech) 2018 (I.R. Uimh. 412 de 2018) a trasuíodh i ndlí na hÉireann, Treoir 2017/1564 ón AE. Tháinig na Rialacháin sin i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2018 agus ceadaítear leo cóipeanna de shaothair atá faoi chóipcheart (leabhair, ríomhleabhair, irisí, nuachtáin, irisleabhair agus cineálacha eile scríbhneoireachta) a chur ar fail i bhformáidí inrochtana (e.g. Braille, cló mór, ríomhleabhair nó closleabhar) do dhaoine atá dall, faoi lagamharc, nó faoi mhíchumas cló ar shlí eile, gan cead a fháil ón sealbhóir cirt.

Tá éifeacht dhíreach ag Rialachán an AE 2017/1563 a ghabhann leis ar fud an Aontais agus ní gá é a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta. Foráiltear do mhalartú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana idir Ballstáit AE agus tríú tíortha atá ina bpáirtithe de Chonradh Marrakech.

### An Treoir maidir le cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach

Togra reachtaíochta eile faoin Straitéis maidir leis an Margadh Aonair Digiteach is ea Treoir an AE maidir le Cóipcheart. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Treoir bheartaithe i mí Mheán Fómhair 2016. Tá sé i gceist leis an Treoir eisceachtaí cóipchirt a chomhchuibhiú i réimsí taighde, oideachais agus caomhnaithe chultúrtha, agus feabhsóidh sí seasamh sealbhóirí cirt chun idirbheartaíocht a dhéanamh agus luach saothair a fháil as saothrú a n-ábhair ar líne. Ó foilsíodh í, tá oifigigh de chuid na Roinne rannpháirteach go gníomhach in idirbheartaíocht faoin Treoir, ina measc comhairliúchán le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach chun bonn eolais a chur faoi sheasamh idirbheartaíochta na hÉireann ar na tograí éagsúla sa Treoir.

I mí na Bealtaine 2018, comhaontaíodh téacs idir-réitigh ar an Treoir i gComhairle an AE agus fuair Uachtaránacht na Bulgáire cead do shainordú chun tús a chur le hidirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa. I mí Dheireadh Fómhair 2018, cuireadh tús le hidirphlé tríph※áirteach, a raibh d'aidhm leo an Treoir a thabhairt chun críche, idir an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.

## TEASTAIS COSANTA FHORLÍONTACHA

Tá togra an Choimisiúin Eorpaigh faoi Theastais Cosanta Fhorlíontacha ag féachaint le díolúine déantúsaíochta easpórtála a thabhairt isteach a bhfuil d'aidhm léi déantúsaíocht agus iomaíochas san earnáil chógaisíochta lonnaithe san Aontas Eorpach a threisiú. Ceapadh an togra chun go mbeadh déantúsóirí atá lonnaithe san AE in ann leighis chineálacha agus bhithchosúla a dhéanamh san AE ach tá an chosaint faoi Theastais

Cosanta Fhorlíontacha fós bailí d'easpórtáil chuig tíortha nach bhfuil san AE agus nárbh ann don chosaint sin riamh nó ina bhfuil sí imithe i léig. Pléadh é ag cruinnithe Mheitheal Cosanta Intleachtúla na Comhairle i rith 2018 agus meastar go gcuirfear i gcrích é in 2019.

### TRÁDMHARCANNA

Trasuíodh Treoir (AE) 2015/2436 maidir le Trádmharcanna i ndlí na hÉireann i gcomhar leis an Rialachán (AE) 2017/1001 maidir le Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2018. Tá sé d'aidhm leis an Treoir an nuálaíocht agus fás geilleagrach a chothú ach a chinntiú go mbeidh córais chláraithe trádmharcanna ar fud an AE níos inrochtana do ghnóthaí ó thaobh costas agus castachta níos ísle, luais níos mó, intuarthachta níos mó agus deimhneachta dlíthiúla. Tugann na ceithre Ionstraim Reachtúla, (I.R. 561, 562, 563 agus 564), éifeacht do phacáiste athchóirithe an AE agus tugann siad isteach forálacha nua agus leasaíonn siad forálacha reatha áirithe i ndlí trádmharcanna na hÉireann. Tiocfaidh siad i bhfeidhm an 14 Eanáir 2019.

### REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH A CUIREADH I BHFEIDHM I RÉIMSE NA MAOINE INTLEACHTÚLA

1. **Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rúin Trádála a Chosaint) (I.R. Uimh. 188 de 2018)**

   Tugann na Rialacháin seo cosaint d'eolas agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) ar a bhfáil, a n-úsáid agus a nochtadh mídhleathach. Déantar foráil leis na Rialacháin do bhearta agus leighis sásaimh shibhialta sa chás go bhfaightear, go n-úsáidtear nó go nochtar rún trádála.

2. **Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conradh Marrakech) 2018 (I.R. Uimh. 412 de 2018)**

   Is Rialacháin iad seo a bhaineann le húsáidí ceadaithe áirithe de shaothair áirithe agus d'ábhair eile atá faoi chóipcheart agus cearta lena mbaineann ar mhaithe le daoine atá dall, faoi lagamharc, nó faoi mhíchumas cló ar shlí eile.

3. **Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trádmharcanna) 2018 (I.R. Uimh. 561 de 2018)**

   Leasaíonn agus leathnaíonn na Rialacháin seo forálacha áirithe a bhaineann le trádmharcanna.

4. **Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú) 2018 (I.R. Uimh. 562 de 2018)**

   Leasaíonn agus leathnaíonn an Ionstraim Reachtúil seo forálacha áirithe a bhaineann le reachtaíocht thánaisteach trádmharcanna na hÉireann, eadhon, na Rialacha um Thrádmharcanna 1996.

5. **Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An tAcht Trádmharcanna, 1996) (Trádmharcanna na gComhphobal) (Leasú) 2018 (I.R. Uimh. 563 de 2018)**

   Rinneadh na leasuithe sin chun éifeacht a thabhairt d'athruithe teicniúla ar fhorálacha áirithe agus athruithe ar théarmeolaíocht a d'eascair as an Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh.

6. **Rialacha na bPaitinní, na dTrádmharcanna agus na nDearthaí (Táillí) (Leasú) 2018 (I.R. Uimh. 564 de 2018)**

   Tugann an Ionstraim Reachtúil seo isteach leasuithe ar Rialacha na bPaitinní, na dTrádmharcanna agus na nDearthaí (Táillí) 2001, ina measc táille nua €125 a thabhairt isteach ar roinnt clárúchán trádmhairc.

## CAIGHDEÁNÚ

In 2018, roghnaíodh an tÚdarás chun dhá ollchruinniú caighdeán de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeáin (ISO) a reáchtáil in 2019 ar:

- ISO/IEC JTC 1/SC 42: Intleacht Shaorga;
- ISO/TC 307: Blocshlabhra agus teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte.

Dá bhrí sin, óstálfaidh an tÚdarás líonra domhanda de ghairmithe tionscail i mBaile Átha Cliath ar na réimsí athraithe seo.

## SPRIOC 4: TACAÍOCHTAÍ CAIDRIMH DHEARFAIGH SAN ÁIT OIBRE, SÁSRAÍ RÉITIGH DÍOSPÓIDÍ A FHEIDHMÍONN GO MAITH, FORFHEIDHMIÚ FÓNTA NA GCEART FOSTAÍOCHTA AGUS TIMPEALLACHT OIBRE SHÁBHÁILTE A CHUR AR FÁIL

Anuas ar thacaíochtaí san áit oibre, a áiríonn áiteanna oibre sábháilte agus sláintiúla, réiteach díospóidí agus forfheidhmiú ceart, tá an Roinn freagrach freisin as an mBeartas Imirce Geilleagraí agus as réimeas na gCeadanna Fostaíochta a bhainistiú.

### IMIRCE GHEILLEAGRACH

I rith 2018, agus an geilleagar ag dul i dtreo lánfhostaíochta, thosaigh easnaimh sa lucht saothair agus easnaimh scileanna ag teacht chun cinn. Chun a chinntiú go mbeadh córas ceadanna fostaíochta an Stáit fós sách solúbtha le freagairt d'athruithe ar an margadh saothair agus le tacú go hiomlán le riachtanais lucht saothair a thagann chun cinn, tugadh faoi athbhreithniú bunúsach ar na beartais imirce geilleagraí atá mar bhonn agus taca ag an gcóras ceadanna fostaíochta.  Foilsíodh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2018, agus léiríodh go bhfuil córas reatha na gceadanna fostaíochta fónta ar an iomlán, ach go dteastaíonn roinnt athruithe chun a chinntiú go mbeidh sé fós in ann freagairt do riachtanais athraithe an mhargaidh saothair.  Forbraíodh plean gníomhaíochta chun na moltaí a chur chun cinn sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

I rith 2018, rinneadh athruithe, trí leasú ar na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta, ar na liostaí slite beatha chun dul in oiriúint do na riachtanais scileanna. De bharr na n-athruithe sin, baineadh slite beatha sonracha san earnáil bhia agus agraibhia agus roinnt slite beatha sa tionscal dearaidh agus beochana de na catagóirí neamhcháilithe den liosta fostaíochta de réir cuóta.

### Ceadanna Fostaíochta

Chun tacú le cuspóir na Roinne chun seirbhís do ghnóthaí a fheabhsú, socraíodh go láidir an Córas Ar Líne do Cheadanna Fostaíochta, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2016, mar an modh roghnaithe chun iarratais a chur isteach. Tá os cionn 99% de na hiarratais ar chead fostaíochta a fhaightear á gcur isteach ar líne faoi láthair.

Bhí moill ar iarratais a phróiseáil in 2018 mar gheall ar an éileamh méadaithe ar cheadanna. Ach trí mheascán de níos mó acmhainní, ragobair foirne agus feabhsuithe TFC agus oibríochta, thosaigh na hamanna próiseála ag laghdú i dtreo dheireadh 2018 agus meastar go bhfeabhsófar tuilleadh iad in 2019.

Is léir rath an chórais ceadanna fostaíochta maidir le freastal ar ghanntanais scileanna agus éifeachtúlacht fheabhsaithe riaracháin in 2018 ó na staitisticí seo a leanas:

- próiseáladh 16% níos mó ceadanna le hais 2017;
- próiseáladh níos mó ceadanna sa cheathrú ráithe de 2018 ná aon ráithe eile le deich mbliana anuas;

- bhain 44% de na ceadanna fostaíochta uile a eisíodh in 2018 le Ceadanna Fostaíochta le haghaidh Scileanna Criticiúla, an cead fostaíochta a ceapadh le díriú ar ghanntanas i ngairmeacha ardoilte a bhfuil an-éileamh orthu; agus
- Ba do ghairmithe TFC a eisíodh 30% de na ceadanna fostaíochta a eisíodh.

| Bliain | Iarratais ar glacadh leo [2] | Iomlán Eisithe | Iomlán Diúltaithe | Iomlán Tarraingthe Siar | Le próiseáil |
|---|---|---|---|---|---|
| **2018** | **16,735** | **13,398** | **1,396** | **543** | **2,625** |
| **2017** | 13,333 | 11,354 | 1,516 | 320 | **1,300** |
| **2016** | **11,317** | **9,383** | **1,651** | **207** | **1,238** |

I rith 2018 bhí an rannóg ag plé go réamhghníomhach le custaiméirí chun iad a chur ar an eolas faoi aon athruithe ábhartha ar an gcóras ceadanna fostaíochta trí ríomhphoist, cruinnithe, cora poist spriocdhírithe agus nuashonruithe rialta ar an rannóg Ceadanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE

Is comhlacht neamhspleách agus reachtúil é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015). Pléann an Coimisiún le gach gearán tosaigh anois.  Ghlac an Chúirt Oibreachais le freagrachtaí nua freisin mar chuid den athchóiriú ar chaidreamh san áit oibre faoi Acht 2015, agus tá dlínse achomhairc iomlán ag an gCúirt anois i ngach aighneas faoi achtacháin na gceart fostaíochta. Déanann sí é sin chomh maith lena ról bunaidh mar Chúirt rogha dheiridh chun aighnis caidrimh thionsclaíoch a réiteach.

In 2018, fuair an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre 15,451 gearán sonrach.  B'in méadú níos mó ná 10% ar líon na ngearán sonrach a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. D'ainneoin an méadú sin ar líon na ngearán, sceidealadh 90% de na héisteachtaí breithnithe laistigh de shé mhí den ghearán a fháil nuair nach

[2] **Luadh líon na n-iarratas a fuarthas seachas líon na n-iarratas ar glacadh leo sna tuarascálacha bliantúla roimhe seo.  Bhíodh iarratais ar diúltaíodh dóibh ina dhiaidh sin mar nach raibh siad críochnaithe san fhigiúr 'iarratais a fuarthas'. Tá an Córas ar Líne do Cheadanna Fostaíochta tar éis deireadh a chur le hiarratais neamhchríochnaithe nach mór, mar sin úsáidtear an teideal "Iarratais ar glacadh leo" sa tábla thuas toisc go bhfuil sé níos cruinne.**

bhfuarthas aon iarratas ar an éisteacht a chur ar athlá agus nuair a bhí na páirtithe ar fad ar fáil agus na haighneachtaí ar fad faighte go tráthúil.

Thug an tSeirbhís Cigireachta faoi 5,753 cigireacht ar áiteanna oibre, agus aisghabhadh €3.1m de thuarastal neamhíoctha dá mbarr i rith 2018. Bhí an tSeirbhís Comhréitigh ina cathaoirleach ar 1,145 comhdháil comhréitigh agus 500 éascú i ndáil le haighnis chomhchoiteanna i rith 2018.

### AN CHÚIRT OIBREACHAIS[3]

In 2018 fuair an Chúirt Oibreachais 1,169 ábhar arna dtarchur, arbh ionann sin agus méadú 7% ar líon na n-ábhar arna dtarchur (1,093) a rinneadh in 2017.

### ORDUITHE UM FHOSTAÍOCHT EARNÁLA

Déantar foráil leis an Acht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2015 don bhunús dlí le haghaidh Orduithe um Fhostaíocht Earnála. Féadfaidh Ordú dá leithéid an scéim pá, pinsean nó pá breoiteachta a shocrú d'oibrithe in earnáil gheilleagrach.

Cuireadh tús le hOrdú um Fhostaíocht Earnála d'Earnáil Chonarthach Sheirbhísí Foirgníochta na hInnealtóireachta Meicniúla i mí an Mhárta 2018.

Cuireadh dhá iarratas nua ar Ordú um Fhostaíocht Earnála faoi bhráid na Cúirte Oibreachais go deireanach in 2018. Is iarratas ar leasú ar an Ordú um Fhostaíocht Earnála reatha don earnáil Foirgníochta atá i gceann amháin, agus baineann an ceann eile le hOrdú um Fhostaíocht Earnála don earnáil Conarthóireachta Leictrí agus Foirgníochta. Meastar go n-eiseoidh an Chúirt Oibreachais a moltaí in 2019.

### ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA

Is ionstraim é Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhréachtaíonn Comhchoiste Oibreachais, a nglacann an Chúirt Oibreachais leis agus a dtugann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta éifeacht reachtúil dó. Socraíonn an tOrdú na híosrátaí pá agus coinníollacha fostaíochta d'oibrithe in earnálacha sonracha gnó: bíonn ar fhostóirí sna hearnálacha ansin rátaí pá a íoc agus coinníollacha fostaíochta a sholáthar atá chomh fabhrach leo sin a ordaíodh ar a laghad.

[3] Ó achtaíodh an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, is í an Chúirt Oibreachais anois an comhlacht achomhairc aonair a phléann le gach achomharc faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta. Déanann sí é sin chomh maith lena ról bunaidh mar Chúirt rogha dheiridh chun aighnis caidrimh thionsclaíoch a réiteach.

De réir na reachtaíochta, tugadh faoi athbhreithniú ar Chomhchoistí Oibreachais i mí an Mhárta 2018 agus bunaíodh Comhchoiste Oibreachais náisiúnta amháin don Lónadóireacht. Laghdaigh sé sin líon na gComhchoistí Oibreachais ó ocht gcinn go seacht gcinn.

## GRÚPA OIBRE AR STRUCHTÚIR CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH DON GHARDA SÍOCHÁNA

Bunaíodh an grúpa oibre chun dul chun cinn a dhéanamh ar na leasuithe reachtaíochta a theastaíonn chun gur féidir leis an nGarda Síochána agus a gcomhlachtaí ionadaíochta leas a bhaint as sásra caidrimh thionsclaíoch an Stáit. Bhí an Grúpa ag feidhmiú mar fhoghrúpa den ghrúpa oibre níos leithne a scrúdaigh struchtúir caidrimh thionsclaíoch don Gharda Síochána.

Foilsíodh an Bille Caidrimh Thionscail (Leasú), 2018 an 20 Iúil 2018. Chuir sé an Dara Céim i gcrích i mí Dheireadh Fómhair. Nuair a achtaítear é, leasóidh sé an reachtaíocht Caidrimh Thionscail ionas gur féidir le cumainn ionadaíochta na nGardaí leas a bhaint as seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais.

## TIMPEALLACHT CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH

Is beag gníomhaíocht aighnis thionsclaíoch a tharla sa gheilleagar arís i rith 2018.Bhí laghdú an-suntasach ar líon na laethanta a cailleadh de bharr aighnis thionsclaíocha in 2018 i gcomparáid le figiúirí 2017. Cailleadh 4,050 lá de bharr stailceanna in 2018, ach cailleadh 50,191 lá in 2017. Bhain cuid de na haighnis in 2018 le héilimh ar ardú pá, a léiríonn an timpeallacht fheabhsaithe gheilleagrach. Is é cur chuige na Cúirte Oibreachais gach cás a scrúdú de bhua a thuillteanais agus arduithe pá a mholadh má tá cúis leis sin agus go bhfuil sé inbhuanaithe, agus aird ar chúinsí na fostaíochta lena mbaineann agus neart an cháis a rinneadh.

## AN BEARTAS SÁBHÁILTEACHTA, SLÁINTE AGUS CEIMICEÁN

Tá an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta freagrach as beartas a fhoirmliú agus a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta i dtaca le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán i dtionscal na hÉireann.

In 2018, ceapadh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nua ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus d'fhaomh an Bord agus an tAire Ráiteas Straitéise nua le haghaidh 2019–2021.

I rith 2018, bhí an Roinn ag plé le comhghleacaithe sna hinstitiúidí AE chun tacú le glacadh le dhá Threoir nua chun nochtadh oibrithe do shubstaintí carcanaigineacha nó só-ghineacha a laghdú oiread agus is féidir. Tá plé ar an (3ú) Treoir nua féideartha ag dul ar aghaidh go maith agus meastar go dtrasuífear na trí Threoir i ndlí na hÉireann faoin 1 Eanáir 2020. Anuas air sin, tugadh isteach Cód Cleachtais nua in 2018 faoi úsáid Gníomhaithe Ceimiceacha. Leagtar amach ansin na huasteorainneacha nochta gairme (nó caighdeáin sábháilteachta) do dhaoine a oibríonn le ceimiceáin ghuaiseacha agus tacaítear le

cuideachtaí chun go gcloífidh siad leis na rialacháin maidir le dea-chleachtas i sábháilteacht ceimiceán.

In 2018, d'oibrigh an Roinn go dlúth freisin le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile chun reachtaíocht a dhréachtú chun éifeacht a thabhairt do Rialacháin (AE) Rotterdam agus maidir le Glantaigh faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010. Meastar go gcuirfear an próiseas i gcrích i dtús 2019, faoi réir chúnamh Oifig an Ard-Aighne.

## RÓL ÚDARÁIS A THUGANN FÓGRA

Rialáiltear sábháilteacht táirgí ar an mórchuid trí dhlí comhchuibhithe AE (reachtaíocht atá i bhfeidhm ar fud an AE ar an iomlán) a chlúdaíonn thart ar 70% de na táirgí ar mhargadh an AE. Is eagraíocht é Comhlacht dá dTugtar Fógra san Aontas Eorpach a fhaomhann Ballstáit an AE chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht táirgí áirithe sula gcuirtear ar an margadh iad. Caithfidh Údarás a Thugann Fógra eagraíocht a fhaomhadh le feidhmiú mar Chomhlacht dá dTugtar Fógra a thugann faoi mheasúnuithe comhréireachta ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is Údarás a Thugann Fógra í an Roinn faoi chúpla Treoir de chuid an AE agus tá freagracht shonrach uirthi as Treoracha a bhaineann le hInnealra; Trealamh Cosanta Pearsanta; Trealamh Brú Iniompartha; Trealamh Brú; Ardáin agus Comhpháirteanna Sábháilteachta d'Ardáin agus, chomh maith leis sin, Trealamh le hÚsáid in Atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith Pléascach.

I ndiaidh an Reifrinn ar an mBreatimeacht sa Ríocht Aontaithe, tá roinnt Comhlachtaí dá dTugtar Fógra sa Ríocht Aontaithe á mbunú féin anois in Éirinn agus rinne siad iarratas ar cheapachán mar Chomhlacht dá dTugtar Fógra in Éirinn. Beidh siad in ann leanúint orthu ag feidhmiú san Aontas Eorpach i ndiaidh an Bhreatimeachta má cheaptar iad amhlaidh.

## AN EARNÁIL FOIRGNÍOCHTA

Leanadh leis an obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis na tacaíochtaí oiliúna a sholáthraíonn SOLAS don earnáil foirgníochta a nuachóiriú.

Ghlac an Roinn páirt freisin sa Choiste Comhairleach Comhpháirtíochta do Shábháilteacht Foirgníochta a fheidhmíonn mar fhóram sainchomhairliúcháin agus comhairleach do Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

## AN EARNÁIL FEIRMEOIREACHTA

D'ainneoin laghdú ar an iomlán ar líon na ndaoine a fuair bás san earnáil feirmeoireachta in 2018 i gcomparáid le 2017, is í an earnáil feirmeoireachta an earnáil leis an ráta is airde timpistí agus básanna fós. Tionóladh Tascfhórsa Sábháilteachta Feirme i rith 2018 le hionadaithe ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí éagsúla.

## RÉIMEAS REACHTAÍOCHTA NA SUBSTAINTÍ DAINSÉARACHA

In 2018, chuir an Roinn tús le hobair ar nuachóiriú na rialachán don rannóg peitriliam. De bharr an tionscadail shuntasaigh sin, beifear in ann réimeas nua rialála a fhorbairt i rith 2019 agus tacú leis an earnáil chun na caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus chomhshaoil is airde a chothú. Dhírigh an obair ar dtús ar athbhreithniú ar an Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus na Rialacháin maidir le Miondíol agus Stóráil Peitriliam 1979 (I.R. 311 de 1979 agus I.R. 313 de 1979) agus ar na hathruithe a theastaíonn ar an réimeas rialála a shainaithint.

Bunaíodh coiste stiúrtha chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal. Tá oifigigh ó Ranna Rialtais eile, an Rialtas Áitiúil agus Gníomhaireachtaí ábhartha ar an gcoiste. Eagraíodh imeacht comhairliúcháin agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i mí na Samhna 2018, agus tugadh le chéile thart ar 40 páirtí leasmhar ón earnáil phoiblí agus phríobháideach chun ionchur a thabhairt d’fhorbairt na ndréacht-Rialachán nua agus réimeas nua ceadúnaithe agus rialála don earnáil. Tá an t-aiseolas ó na páirtithe leasmhara ar fad á chur i dtoll a chéile faoi láthair agus forbrófar dréachtú na ndréacht-Rialachán nua tuilleadh agus foilseofar iad in 2019.

# SPRIOC 5: A CHINNTIÚ GO N-ÉASCAÍONN ÁR RIALÁIL GNÓ INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT GNÓ, IOMAÍOCHAS SA MHARGADH, ARDCHAIGHDEÁIN I DTACA LE COSAINT TOMHALTÓIRÍ AGUS RIALÁIL CHORPARÁIDEACH, AGUS GO DTUGANN SÍ BUNTÁISTE IOMAÍOCH D'ÉIRINN SA MHARGADH DOMHANDA.

## AN DLÍ CUIDEACHTAÍ, IOMAÍOCHAS AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

I rith 2018, thóg an Roinn ar an obair a rinneadh roimhe sin chun creat dhlí na gcuideachtaí atá seasmhach, trédhearcach agus nua-aimseartha a fhorbairt in Éirinn agus lean sí ag forbairt agus ag múnlú freagairtí nua do dhúshláin nua agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn i ndlí na gcuideachtaí, iomaíochas agus beartas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus go náisiúnta. Dírítear go háirithe ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara, oifigí agus gníomhaireachtaí na Roinne agus Ranna Rialtais eile chun na torthaí is fearr a bhaint amach de réir ár sprice ardleibhéil.

## TOGRA LE HAGHAIDH TREORACH MAIDIR LE CONARTHAÍ TOMHALTÓIRÍ I NDÁIL LE SOLÁTHAR ÁBHAIR DHIGITIGH

Tá sé d'aidhm ag an togra cur le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh agus ag an am céanna leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí trí cheanglais áirithe a cheapadh d'ábhar ar nós chomhréireacht an ábhair dhigitigh agus seirbhísí digiteacha leis an gconradh agus an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí mura dtagann an t-ábhar digiteach nó seirbhísí digiteach le conradh nó mura gcuirtear ábhar digiteach nó seirbhísí digiteach ar fáil. I ndiaidh don Chomhairle cur chuige ginearálta a cheadú in 2017, cuireadh tús le cruinnithe idirphlé thrípháirtigh faoin togra idir Uachtaránacht na hEastóine, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2017. Leanadh leis an idirphlé trípháirteach i rith 2018 faoi Uachtaránacht na Bulgáire agus Uachtaránacht na hOstaire agus meastar go dtiocfar ar an gcomhaontú deiridh don togra sa chéad ráithe de 2019.

## TOGRA LEASAITHE LE HAGHAIDH TREORACH MAIDIR LE CONARTHAÍ TOMHALTÓIRÍ I NDÁIL LE DÍOL EARRAÍ

D'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh togra leasaithe a chuimsigh gach conartha díolacháin tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2017. Seachas gur leathnaíodh a raon feidhme go gach conradh díolacháin tomhaltóirí, bhí an méid a bhí ann cosúil leis an gcéad togra maidir le díolacháin ar líne. I rith cruinnithe meithle i rith 2017 agus 2018, d'fhéach Uachtaránachtaí eile an Aontais Eorpaigh le haghaidh a thabhairt ar imní a tharraing na Ballstáit anuas faoi ghnéithe den togra a laghdódh na cosaintí atá ag tomhaltóirí faoi láthair sna Ballstáit. Áirítear ina measc siúd imní a léirigh Éire faoi na himpleachtaí don cheart fadbhunaithe atá ag tomhaltóirí na hÉireann diúltú d'earraí nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh. Comhaontaíodh cur chuige ginearálta i leith an togra ag an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 6–7 Nollaig 2018. Cuireadh tús le hidirphlé trípháirteach idir an Uachtaránacht, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 12 Nollaig 2018 ag féachaint le teacht ar chomhaontú ar an togra sa chéad ráithe de 2019.

### TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁIN MAIDIR LE HAGHAIDH AR THABHAIRT AR AN NGEOBHLOCÁIL AGUS AR CHINEÁLACHA EILE IDIRDHEALAITHE ATÁ BUNAITHE AR NÁISIÚNTACHT, ÁIT CHÓNAITHE NÓ ÁIT BHUNAITHE CUSTAIMÉIRÍ

Shínigh an tAire rialacháin agus tháinig siad i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt ar mhaithe le tomhaltóirí do Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le deireadh a chur le geobhlocáil nach bhfuil údar léi agus le cineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus ag leasú Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Threoir 2009/22/CE.

Is ionann geobhlocáil agus teicneolaíocht a úsáid chun srian a chur le rochtain ar dhíolacháin trasteorann ar líne bunaithe ar shuíomh geografach an úsáideora. Cinnteoidh an rialachán faoi gheobhlocáil tomhaltóirí go mbeidh na cearta céanna anois ag tomhaltóirí na hÉireann chun teacht ar earraí agus seirbhísí trádálaí ar na téarmaí céanna le tomhaltóirí eile san AE, beag beann ar a suíomh. Baineann an rialachán seo le hidirbhearta a bhfuil gné thrasteorann leo.

D’ainmnigh an tAire an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Sonraí mar an t-údarás forfheidhmithe ábhartha le haghaidh aighneas idir tomhaltóir agus trádálaí agus ainmníodh an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, Éire mar an comhlacht atá freagrach as cúnamh a thabhairt do thomhaltóirí faoin rialachán.

### PACÁISTE AN BHIRT NUA DO THOMHALTÓIRÍ

Sheol an Coimisiún Eorpach pacáiste beart dar teideal an Beart Nua do Thomhaltóirí, nó “New Deal for Consumers”, an 11 Aibreán 2018. Tá sé d’aidhm leis comhordú agus gníomh éifeachtach a éascú i measc údaráis náisiúnta tomhaltóirí ar leibhéal an AE agus gníomh forfheidhmithe phoiblí agus cosaint níos fearr do chearta tomhaltóirí a neartú. D’eascair sé as na torthaí a d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 2017 óna Sheiceáil Oiriúnachta ar roinnt de na píosaí is tábhachtaí de reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus tuarascáil meastóireachta ar leith ar chearta tomhaltóirí. Léiríodh sa tuarascáil meastóireachta go háirithe go dteastaíonn forfheidhmiú feabhsaithe agus roghanna sásaimh níos fearr do thomhaltóirí. Baineadh de thátal as na meastóireachtaí freisin gur gá an t-ualach rialála ar thrádálaithe a laghdú i roinnt réimsí.

Tá togra do dhá Threoir nua i bPacáiste an Bhirt Nua do Thomhaltóirí.

1. Togra ar ghníomhartha ionadaíochta do chosaint chomhleas na dtomhaltóirí agus aisghairm Threoir 2009/22/EC maidir le hUrghairí. Tá sé d’aidhm ag an togra sin uirlisí a fheabhsú chun cleachtais mhídhleathacha a stopadh agus sásamh a éascú do thomhaltóirí nuair atá go leor díobh thíos leis an sárú céanna ar a gcearta, i gcás díobhála do mhórán.
2. Togra chun leasuithe substainteacha a dhéanamh ar Threoir 2005/29/CE maidir le cleachtais tráchtála gnó le tomhaltóir éagóracha agus ar Threoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí, agus togra le haghaidh pionóis níos éifeachtaí, níos comhréirí agus

níos athchomhairlí as sárú an dá Threoir seo, Treoir 93/13/CEE maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra agus Treoir 98/6/CE maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl.

Chuir na Ballstáit tús le grinnscrúdú teicniúil de bharr an dá Threoir nua bheartaithe in 2018 agus leanfar leis an obair sin in 2019.

## TREOIR MAIDIR LE HÚDARÁIS IOMAÍOCHAIS NA MBALLSTÁT A CHUMHACHTÚ IONAS GO MBEIDH SIAD INA BHFORFHEIDHMITHE NÍOS ÉIFEACHTAÍ

An 14 Eanáir 2019, foilsíodh Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochais na mBallstát a chumhachtú ionas go mbeidh siad ina bhforfheidhmithe níos éifeachtaí agus chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an margadh inmheánach mar is ceart. Caithfear an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 4 Feabhra 2021. Feabhsóidh trasuí na Treorach córas díláraithe forfheidhmithe do rialacha iomaíochais an AE atá i bhfeidhm de bharr Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 agus spreagfar forfheidhmiú éifeachtach rialacha iomaíochais an AE trí uirlisí imscrúdaithe agus cinnteoireachta níos éifeachtaí a thabhairt do na húdaráis iomaíochta náisiúnta. Beidh sé mar bhonn agus thaca ag an dlúthchomhar sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta.

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an Treoir:

1. a áirithiú go mbeidh uirlisí éifeachtacha imscrúdaithe agus cinnteoireachta ag gach údarás iomaíochta náisiúnta
2. a áirithiú go mbeidh gach údarás iomaíochta náisiúnta in ann fíneálacha éifeachtacha díspreagthacha a fhorchur
3. a áirithiú go mbeidh clár trócaire atá dea-cheaptha i bhfeidhm ag gach údarás iomaíochta náisiúnta, ar clár é lena n-éascaítear iarratas a dhéanamh ar thrócaire i níos mó ná dlínse amháin, agus
4. a áirithiú go mbeidh acmhainní dóthanacha ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus go bhféadfaidh siad rialacha iomaíochta AE a fhorfheidhmiú go neamhspleách.

## RIALACHÁN LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH CHOMHLÍONADH AGUS FHORFHEIDHMIÚ REACHTAÍOCHT CHOMHCHUIBHITHE AN AONTAIS.

An 19 Nollaig 2017, d’fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh togra le haghaidh Rialacháin chun comhlíonadh agus forfheidhmiú rialacha sábháilteachta táirgí an AE a neartú trí sheiceálacha comhlíonta a threisiú agus comhar trasteorann a chur chun cinn. Tabharfaidh an Rialachán le chéile na rialacha faoi fhaireachas margaidh ar Rialachán (CE) 765/2008 agus go leor píosaí de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a bhaineann le hearnáil ar leith chun ionstraim dhlíthiúil amháin a dhéanamh atá i bhfeidhm ar na hearnálacha ar fad. Cabhróidh an Rialachán le sábháilteacht tomhaltóirí a chinntiú nuair a chuirtear táirgí ar an margadh. Cabhróidh sé freisin le hoibreoirí geilleagracha tuiscint níos fearr a fháil ar cheanglais sábháilteachta táirgí. Anuas air sin, treisíonn sé comhar i measc údaráis

faireachais margaidh agus oibreoirí geilleagracha, ag socrú na bprionsabal ginearálta a bhíonn ag eagraíocht faireachais margaidh chomh maith le cumhachtaí agus dualgais na n-údarás faireachais margaidh. Tugtar aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le hinniúlachtaí tástála san Aontas, agus leagtar síos freisin nósanna imeachta le haghaidh cúnamh frithpháirteach trasteorann agus bunaítear Gréasán Comhlíonta an Aontais. Meastar go bhfoilseofar an Rialachán in 2019 agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm dhá bhliain i ndiaidh dháta a fhoilsithe.

## REACHTAÍOCHT BHEARTAITHE AR ATHDHÍOL TICÉAD

I ndiaidh comhairliúchán poiblí ar athdhíol ticéad a sheoladh i mí Eanáir 2017, reáchtáil an Roinn plé leantach ina dhiaidh sin leis na páirtithe leasmhara ag féachaint le measúnú a dhéanamh ar roghanna féideartha a mbeadh d'aidhm leo cabhrú lena chinntiú go n-oibreodh margaí ticéad níos fearr do thomhaltóirí. Bhí na hoifigigh ag plé le húdaráis i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus i mBallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa freisin faoi reachtaíocht ar athdhíol ticéad ag féachaint le measúnú a dhéanamh ar a dtaithí ar reachtaíocht dá leithéid agus ar éifeachtacht na reachtaíochta. D'aontaigh an Rialtas tacú leis an mBille Comhaltaí Príobháideacha, an Bille um Thoirmeasc ar Mhangaireacht Ticéad Thar an gCostas, 2017, a cuireadh os comhair Dháil Éireann an 31 Eanáir 2017.

Déantar foráil sa Bhille gur cion a bheadh i dticéid d'imeachtaí móra spóirt, ceoil nó amharclannaíochta a dhíol, nó a thairiscint a dhíol, ar phraghas níos airde ná an praghas oifigiúil ainmnithe.  D'fhaomh an Rialtas freisin roinnt leasuithe a dréachtaíodh don Bhille agus tugadh le fios go raibh sé i gceist ag an Aire athruithe ar an mBille a leasú ag Céim an Choiste nó ag Céim na Tuarascála.  Chuirfeadh na leasuithe beartaithe toirmeasc ar bhogearraí bota a úsáid chun ticéid a cheannach agus chuirfí i bhfeidhm tiomantas a tugadh do UEFA bac a chur ar aistriú ticéad gan chead do chluichí i rith chraobhchomórtas an EURO 2020. I mí na Nollag 2018, chuir an Roinn roinnt leasuithe ar na mBille faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte.

## AN BILLE UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ (DEARBHÁIN BHRONNTANAIS), 2018

An 12 Meitheamh 2018, d'fhaomh an Rialtas dréachtú an Bhille um Théarmaí Éagóracha Conartha (Dearbháin Bhronntanais). Déantar foráil leis an mBille sin go gcaithfidh dearbháin bhronntanais a bheith bailí ar feadh cúig bliana ar a laghad. Thug sé cumhacht freisin don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta táillí a shocrú d'athsholáthar dearbháin bhronntanais agus d'iarmhéideanna neamhghníomhacha ar dhearbháin bhronntanais. Seoladh comhairliúchán poiblí ar tháillí agus dáta éaga dearbháin bhronntanais an 19 Iúil 2018.

I ndiaidh ceisteanna dlí a tháinig chun cinn i rith an dréachtaithe, agus chun a chinntiú go mbeadh tomhaltóirí fós ag baint tairbhe as cosaint níos fearr, chinn an tAire ar rialáil na dtáillí a fhágáil as an mBille. An 18 Nollaig 2018, d'fhaomh an Rialtas foilsiú an Bhille um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais), 2018, ar cuireadh tús leis i Seanad Éireann an 19 Nollaig 2018. Foráiltear sa Bhille sin go mbeidh dearbháin bhronntanais a thugann trádálaí do thomhaltóir faoi réir dáta éaga nach lú ná cúig bliana. Cuirtear toirmeasc freisin ar aon téarma conartha a éilíonn go gcaithfear dearbháin bhronntanais a chaitheamh go

hiomlán in idirbheart amháin agus toirmeasc ar dearbhán a chur ar ceal nó táillí a ghearradh mura dtagann ainm an té a fuair dearbhán bronntanas go huile agus go hiomlán lena (h)ainm ar cháipéisí sonraithe, ar nós pas.

### AN BILLE UM SHAINMHARCÁIL (LEASÚ), 2016

Chuir an Bille gach céim sa Dáil i gcrích agus tá sé le dul trí gach céim sa Seanad i dtús 2019. Déantar foráil leis an mBille do roinnt leasuithe ar nós: forálacha chun sainmharcáil a dhéanamh ar earraí ilmhiotal agus freagracht as cead a thabhairt do mharcanna urraí le fanacht leis an Meisiúnóir.

### TEACHT I BHFEIDHM RIALACHÁN CHUN AN TACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995 A LEASÚ

Shínigh an tAire Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An tAcht Corr-Thrádála) 2018 (I.R. Uimh. 308 de 2018) agus tháinig siad i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Is é cuspóir na Rialachán an tAcht Corr-Thrádála, 1995 a leasú i dtrí réimse áirithe chun go gcloífeadh sé leis an Treoir um Sheirbhís (Treoir 2006/123/CE).

Déantar foráil leis an Acht Corr-Thrádála do chóras smachtaithe agus rialála do dhaoine a bhíonn ag trádáil in áiteanna poiblí agus baineann sé le húdaráis áitiúla ag eisiúint ceadúnas do thrádálaithe.

Ar aon dul leis na Rialacháin a shíniú, thug an Roinn faoi chleachtadh comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara agus údaráis áitiúla chun a sheiceáil go raibh an tAcht Corr-Thrádála, 1995 agus an tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979 fós oiriúnach dá gcuspóir d’ainneoin chomh fada agus a bhí an dá phíosa reachtaíochta i bhfeidhm.

### TOGRA LE HAGHAIDH TREOIR Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE A LEASÓDH TREOIR (AE) 2017/1132 MAIDIR LE HÚSÁID UIRLISÍ AGUS PRÓISEAS DIGITEACH SA DLÍ CUIDEACHTAÍ

Ghlac an Coimisiún Eorpach le togra le haghaidh Treoir a leasódh Treoir (AE) 2017/1132 maidir le huirlisí agus próisis dhigiteacha i mí Aibreáin 2018.  Tá an togra ina chuid de Phacáiste Dhlí Cuideachtaí an AE: an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as réitigh dhigitigh agus rialacha éifeachtúla a sholáthar d’oibríochtaí trasteorann. Is é aidhm an togra réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir teacht ar chláir ghnó ar líne, do chuideachtaí a chláraíonn agus a sholáthraíonn faisnéis, chomh maith le rochtain ar an bhfaisnéis sin i measc tríú páirtithe.  Cuireadh tús le hidirbheartaíocht ar an togra i nGrúpa Oibre an Dlí Cuideachtaí i lár 2018 agus leanfar léi in 2019.

### GRÚPA ATHBHREITHNITHE AN DLÍ CUIDEACHTAÍ

Is é Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí an grúpa sainchomhairleoirí a bhfuil de chúram orthu comhairle a chur ar an Aire faoi chúrsaí dhlí na gcuideachtaí. Chinn an tAire clár oibre nua le haghaidh 2018–2020. Athbhunaíodh an Grúpa i mí an Mheithimh 2018 agus ceapadh Cathaoirleach nua. Ghlac an Grúpa le Cód Cleachtais nua freisin, a thagann

le tiomantas na Roinne do thrédhearcacht agus caighdeáin arda eiticiúla. Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil.

Chuir Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí saothar suntasach i gcrích ón gclár oibre in 2018 nuair a rinneadh a moltaí maidir le chomh hinmhianaithe agus a bheadh glacadh le Dlí Eiseamláireach UNCITRAL maidir le Dócmhainneacht Trasteorann in Éirinn. Tá sé sin á bhreith anois ag an Roinn.

Thug an Grúpa Athbhreithnithe faoi athbhreithniú freisin ar an dlí cuideachtaí a fhorfheidhmiú, atá á chur chun cinn ag fochoiste Comhlíonta agus Forfheidhmithe an ghrúpa. Tá béim láidir ar dhócmhainneacht i gClár Oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe le haghaidh 2018–2020, agus tá machnamh ar an réimse sin fós ar bun. Tá fochoiste Dócmhainneachta Corparáidí an Ghrúpa i mbun machnaimh freisin ar rialáil na nglacadóirí mar mhír bhreise ar an gclár oibre.

### TOGRA LE HAGHAIDH TREORACH MAIDIR LE DÓCMHAINNEACHT

Féachann togra an Choimisiúin Eorpaigh le gnéithe de dhlíthe náisiúnta maidir le dócmhainneacht a chomhchuibhiú – do chuideachtaí agus do dhaoine aonair. Dírítear ann ar réimsí sonracha an dlí dócmhainneachta – deiseanna 'athstruchtúraithe luaith' (do ghnóthaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu ach nach bhfuil, nó nach bhfuil fós, dócmhainneach) agus 'an dara seans' a chinntiú do na 'fiontraithe ionraice' atá dócmhainneach gan aon chalaois ná míchleachtais.

Meastar go nglacfar go foirmiúil leis an togra in earrach 2019.

### ACHTÚ ACHT NA GCUIDEACHTAÍ (INIÚCHTAÍ REACHTÚLA), 2018

Achtaíodh Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 agus cuireadh tús leis an 21 Meán Fómhair 2018. Tugann an tAcht athruithe praiticiúla isteach ar mhaoirseacht ar iniúchtaí in Éirinn agus tá sé ar cheann de ghníomhartha na Roinne i bpacáiste Beart an Rialtais chun creat corparáideach, geilleagrach agus rialála na hÉireann a fheabhsú.

### SCÉIM GHINEARÁLTA BHILLE NA GCUIDEACHTAÍ (ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH)

An 4 Samhain 2018, foilsíodh Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach). Tugann an Scéim Ghinearálta éifeacht do phéire de na 14 bheart i bpacáiste Beart an Rialtais chun creat corparáideach, geilleagrach agus rialála na hÉireann a fheabhsú, ar a dtugtar 'Ireland combatting "white collar crime"' agus a foilsíodh an 2 Samhain 2017. Is iad an dá bheart sin:

- Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar ghníomhaireacht atá níos fearr in ann imscrúdú a dhéanamh ar shárú an dlí cuideachtaí atá ag éirí níos casta i gcónaí; agus

- moltaí Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí ar rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Tá roinnt forálacha breise sa Scéim Ghinearálta freisin, ar nós –

- moltaí Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí ar scaireanna agus scairchaipiteal a chur i bhfeidhm;
- foras nua do shrianadh stiúrthóirí cuideachtaí;
- bearta maidir leis an gcaoi a ndéantar leachtú agus maoirseacht ar leachtaitheoirí; agus
- bearta trédhearcachta maidir le cuideachtaí agus Clár na gCuideachtaí.

## TOGRA LE HAGHAIDH TREORACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE A LEASÓDH TREOIR (AE) 2017/1132 MAIDIR LE COMHSHÓ, CUMAISC AGUS ROINNT TRASTEORANN

Ghlac an Coimisiún Eorpach le togra le haghaidh Treorach a leasódh Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshó, cumaisc agus roinnt trasteorann i mí Aibreáin 2018. Tá an togra ina chuid de Phacáiste Dhlí Cuideachtaí an AE: an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as réitigh dhigitigh agus rialacha éifeachtúla a sholáthar d’oibríochtaí trasteorann. Is é cuspóir an togra go mbeadh sé níos éasca do chuideachtaí cumasc, roinnt nó bogadh a dhéanamh laistigh den Mhargadh Aonair agus cearta fostaithe, creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh a chosaint. Thionóil an Roinn comhairliúchán poiblí ar an togra i mí na Bealtaine 2018. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht ar an togra i nGrúpa Oibre an Dlí Cuideachtaí i lár 2018 agus leanfar léi in 2019.

## ATHBHREITHNIÚ AR NA HACHTANNA UM CHUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR

Lean an Roinn le hathbhreithniú ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893–2018 chun an reachtaíocht atá ann a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú chun creat reachtach do chomharchumainn a bheadh oiriúnach don raon éagsúil gnóthaí atá ag oibriú na comharshamhla in Éirinn a chinntiú. Mar chuid den athbhreithniú sin, thionóil an Roinn comhairliúchán poiblí faoin athbhreithniú reachtaíochta beartaithe agus foilsíodh na freagraí ar shuíomh gréasáin na Roinne i mí Aibreáin 2018. Tabharfaidh an Roinn tograí chun cinn le haghaidh reachtaíocht chuimsitheach, chomhdhlúite agus nuachóirithe in 2019.

## AN BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

I mí Lúnasa 2018, foilsíodh an Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) (Uimh. 2), 2018. Is beart tábhachtach é an Bille a spreagfaidh go socrófar níos mó éileamh i ndáil le díobháil phearsanta trí phróiseas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Éascaíonn an Bord measúnú oibiachtúil ar dhamáistí ag costas soláthair i bhfad níos lú agus in achar i bhfad níos giorra ná trí dhlíthíocht. In 2018, rinne an Bord próiseáil ar éilimh laistigh de 7.2 mí, i gcomparáid leis an gcúpla bliain a thógfadh dlíthíocht.

Dá bhrí sin, trí níos mó éilitheoirí a spreagadh lena gcás a chur i gcrích trí shamhail an Bhoird seachas le dlíthíocht, ba cheart go mbainfí amach coigilteas i réimse na n-éileamh. Bheadh sé sin go maith don tsochaí ar fad toisc go gcuirtear cúiteamh ar fáil níos tapa, le costais níos ísle agus torthaí intuartha. Chuir an Bille gach céim sa Dáil i gcrích agus tá sé le dul trí gach céim sa Seanad i dtús 2019.

### AN COIMISIÚN UM DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA

Chuir an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta a chuid oibre i gcrích agus foilsíodh a Dhara Tuarascáil, an ceann deiridh, i mí Mheán Fómhair 2018 i ndiaidh fhaomhadh an Rialtais. Tá deich moladh sa Tuarascáil, a mbeidh gach ceann de na comhlachtaí freagracha i bhfeighil a chur i bhfeidhm. Tá na moltaí sin le cur i bhfeidhm anuas ar na ceithre mholadh a rinneadh sa chéad tuarascáil. Toisc gur bunaíodh an Coimisiún de bharr moladh sa Tuarascáil ar Mhótarárachas na Meithle um Chostas Árachais a foilsíodh i mí Eanáir 2017, beartaítear go ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn an chur i bhfeidhm trí Thuarascálacha Ráithiúla ar Dhul Chun Cinn ón Meitheal um Chostas Árachais.

### TAKING CARE OF BUSINESS

Reáchtáil an tAonad Rialála Níos Fearr, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, imeacht ‘Taking Care of Business’ sa Lár-Iarthar i mí Mheán Fómhair 2018 ina bhféadfadh níos mó ná 200 ball den phobal gnó – fiontair bheaga agus mheánmhéide, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe ina measc – labhairt duine le duine le beagnach 30 gníomhaireacht, oifig agus seirbhís stáit agus earnála poiblí chun comhairle a fháil agus foghlaim faoin gcúnamh atá ar fáil. Thacaigh roinnt comhlachtaí ionadaíochta ón earnáil phríobháideach leis an imeacht freisin. D’fhreastail beagnach 2,700 duine ar an tsraith imeachtaí seo ar fud na tíre ó 2013 i leith.

### AN TACHT UM CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA, 2013 – RIALÁIL ÍOCAÍOCHTAÍ FAOI CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS TEIDLÍOCHT REACHTÚIL I LEITH BREITHIÚNAIS

I rith 2018, rinneadh 27 iarratas ar Phainéal Breithnithe na gConarthaí Foirgníochta, le haghaidh ceapachán Breithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

Chuir an Dr Bunni an dara Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 faoi bhráid an Aire Stáit Pat Breen, T.D., i mí Lúnasa 2018 agus tá an tuarascáil sin le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### MÉADREOLAÍOCHT NÁISIÚNTA

Bhí an t-éileamh ar sheirbhísí calabraithe seasmhach le haghaidh 2018, agus eisíodh 4,600 deimhniú calabraithe i rith na bliana.

## MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

In 2018 thug cigirí méadreolaíochta dlíthiúla cuairt ar 4,260 áitreabh agus rinne siad cigireacht ar 15,660 uirlis. B'in méadú 20% agus 6.1% faoi seach ar 2017. Tá leibhéal ard comhlíonta le feiceáil sa tionscal, le meánráta comhlíonta 88%. Eisíodh 450 rabhadh san iomlán mar gheall ar neamhchomhlíonadh.

## DEIMHNIÚ FEISTIS LEIGHIS

Bhain Feistis Leighis aitheantas amach mar Eagraíocht Iniúchóireachta le haghaidh Chlár Iniúchóireachta Aonair na bhFeisteas Leighis, agus tá siad anois ar cheann de na 14 chomhlacht leis an stádas sin go hidirnáisiúnta.

## SMACHTÚ AGUS CEADÚNÚ TRÁDÁLA

Cuireann an Roinn bearta AE agus náisiúnta i bhfeidhm chun cosc a chur le leathadh na n-arm ollscriosta, tacú le seasmhacht réigiúnach agus cearta an duine a chosaint. Is cuid thábhachtach é an réimeas sin den chreat rialaithe gnó do chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta as Éirinn. Cabhraíonn réimeas fónta agus éifeachtúil le buntáiste iomaíochais a thabhairt d'Éirinn sa mhargadh domhanda.

In 2018, riar an Roinn 565 ceadúnas easpórtála d'earraí rialaithe dar luach €3.6bn. D'achtaigh an Roinn 20 Ionstraim Reachtúil freisin chun éifeacht iomlán dlí a thabhairt do smachtbhannaí nua an AE. Tá an Roinn freagrach as gnéithe trádála smachtbhannaí an AE a fhorfheidhmiú.

Cuireann an Roinn ceanglais faireachais an AE i bhfeidhm le haghaidh iompórtálacha táirgí áirithe cruach agus alúmanaim ó thríú tíortha. In 2018, eisíodh 1,500 ceadúnas iompórtála.

Déanann an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ag fóraim AE agus idirnáisiúnta eile ag a bhfuil freagracht as rialuithe trádála agus cuireann sí go gníomhach le reachtaíocht ábhartha a nuashonrú, idir náisiúnta agus Eorpach.

# SPRIOC 6: OIBRIÚ GO HUAILLMHIANACH AR FUD AN RIALTAIS LENÁR GCOMHPHÁIRTITHE AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA CHUN DUL CHUN CINN A DHÉANAMH I BHFÓRAIM AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA, THAR RAON LEATHAN LEAS, LENA N-ÁIRÍTEAR FREAGAIRT D'IMPLEACHTAÍ AN BHREATIMEACHTA

## RANNPHÁIRTÍOCHT AG LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

I rith 2018, rinne an tAire Heather Humphreys, T.D., na hAirí Stáit Pat Breen, T.D., agus John Halligan, T.D., ionadaíocht ar leas na hÉireann ag cruinnithe na gComhairlí Iomaíochais agus Trádála faoi seach. Reáchtáladh ceithre chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na gComhairlí Iomaíochais, mar aon le dhá chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle Trádála i rith 2018 faoi Uachtaránacht na Bulgáire agus Uachtaránacht na hOstaire.

I measc na gceisteanna a ndearna an Chomhairle Iomaíochais dul chun cinn orthu i rith 2018, bhí todhchaí an Mhargaidh Aonair, Trádáil Seirbhísí AE a chur ag oibriú do chách; todhchaí an bheartais thionsclaíoch, ina measc intleachtacht shaorga agus róbataic; digitiú gheilleagar an AE; an Creat Ilbhliantúil Airgeadais, 2021–2027; tionscnaimh ríomhthráchtála an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a chur i bhfeidhm; Rialachán maidir le hAitheantas Frithpháirteach; Rialachán maidir le hArdáin go Caidreamh Gnó; Rialachán maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Choiste Eorpaigh d'Fhunneamh Adamhach (2019–2020) a thagann le Fís 2020, Creat Taighde agus Nuálaíochta agus Rialachán ag bunú chlár spáis an Aontais.

I measc na gceisteanna a ndearna an Chomhairle Trádála dul chun cinn orthu i rith 2018, bhí togra do Chreat-Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí ar fhorais slándála nó oird phoiblí; idirbheartaíocht ar chomhaontuithe saorthrádála le comhpháirtithe tríú tíortha, Rialachán Cosanta Cothrománach Déthaobhach; faomhadh do shíniú Comhaontuithe Trádála leis an tSeapáin agus le Singeapór i mí Iúil agus i mí Dheireadh Fómhair 2018 ag imeachtaí mullaigh idir an AE agus an tSeapáin agus idir an AE agus Singeapór faoi seach; faomhadh do threoracha idirbheartaíochta (sainorduithe) chun tús a chur le hidirbheartaíocht fhoirmiúil trádála leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn; Comhaontú Comhlachais idir an AE agus Meicsiceo a chur i gcrích; idirbheartaíocht leanúnach trádála le Mercosur agus an tSile. Anuas air sin, tugadh faoi phlé ar chaidreamh trádála an AE agus SAM agus ar chlár oibre Athchóirithe na hEagraíochta Domhanda Trádála.

I dteannta ionadaíocht a dhéanamh ar leasa na Roinne agus na hÉireann ag an gComhairle, cuireadh príomhleasa AE na Roinne chun cinn freisin ar leibhéal tras-Rialtais de bhun Ghasra na nOifigeach Sinsearach AE sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Grúpa Idir-roinne ar Ghnóthaí AE agus an Breatimeacht, chomh maith le rannpháirtíocht dhéthaobhach le Ballstáit a raibh an meon céanna acu agus leis an gCoimisiún Eorpach.

Lean an Roinn ag glacadh páirte ar leibhéal Coiste agus Meithle an AE chun seasamh na hÉireann a chur in iúl maidir le ceisteanna Trádála, chun a chinntiú go dtacaítear le córas

trádála iltaobhach atá oscailte, saor agus bunaithe ar rialacha, agus go gcosnaítear é. Chuige sin, idir Baile Átha Cliath agus an Bhruiséil fónaimid ar Choistí agus Meithleacha éagsúla, an Ghinéiv ina measc i gcás na hEagraíochta Domhanda Trádála. Bímid inár gceannairí freisin ar son na hÉireann i bhfóraim eagraíochtaí idirnáisiúnta eile (na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála) trína Buan-Mhisean Ionadaíochta sa Ghinéiv, chomh maith leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

## AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR

Stiúrann an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair[4]. Tá Éire ag fónamh ar théarma trí bliana mar chomhalta Titulaire (ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ar an gComhlacht Rialaithe. Comhordaítear seasaimh náisiúnta ar chlár oibre an Chomhlachta Rialaithe trí Ghrúpa Idir-rannach, a thugann le chéile Ranna ag a bhfuil freagracht beartais as míreanna ar chlár oibre forleathan an Chomhlachta Rialaithe. Tá rannpháirteachas na gComhpháirtithe Sóisialta ina phríomhghné d'obair an Ghrúpa, a léiríonn gur eagraíocht thríthaobhach í an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Chomh maith le páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chomhlachta Rialaithe i mí an Mhárta agus i mí na Samhna, stiúir an Roinn toscaireacht thríthaobhach go dtí an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh 2018. Thug an tUachtarán Ó hUigínn príomhaitheasc ag an gcomhdháil sin.

## COMHAONTUITHE TRÁDÁLA AGUS MISIN TRÁDÁLA

In 2018, d'oibrigh an Roinn, thar ceann na hÉireann, go dlúth le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit eile chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil.

Ghlac an Chomhairle leis an gComhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin an 29 Meitheamh 2018 agus síníodh í i dTóiceo an 17 Iúil 2018. Vótáil Parlaimint na hEorpa leis an gComhpháirtíocht sin a dhaingniú an 12 Nollaig 2018 agus tá an comhaontú le teacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019. Is éacht shuntasach é an comhaontú trádála uaillmhianach sin don Aontas agus don tSeapáin, a bhfuil níos mó ná an tríú cuid d'olltáirgeacht intíre an domhain acu in éindí.

Shínigh Airí na mBallstát an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ag an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2018. Shínigh an AE agus

[4] I mí an Mheithimh 2017, toghadh Éire mar chomhalta Titulaire de Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair don tréimhse ó 2017 go 2020. Is é seo an chéad uair a toghadh Éire ar shuíochán Titulaire (ceann ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ó chuamar isteach san Eagraíocht in 1923. Is í Éire an Comhordaitheoir Réigiúnach ar Ghrúpa Iarthar na hEorpa na hEagraíochta freisin.

Singeapór an Comhaontú i dteannta an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta ag an 12ú Cruinniú Mullaigh don Áise agus don Eoraip an 19 Deireadh Fómhair 2018. Sáraíonn an margadh go leor comhaontuithe saorthrádála eile sa chaoi a dtugtar tiomantas do sholáthar poiblí a oscailt, réimse ina bhfuil go leor soláthraithe ceannródaíocha ag an AE agus caighdeáin theicniúla a chomhaontú i réimsí ar nós mótarfheithiclí, leictreonaice agus teicneolaíochtaí glasa. I mí Iúil 2018, chomhaontaigh an AE agus Vítneam a gComhaontú a dheighilt ina Chomhaontú Saorthrádála agus ina Chomhaontú Cosanta Infheistíochta. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún Eorpach an dá Chomhaontú le Vítneam a shíniú ag cruinniú mullaigh an G20 i mí an Mheithimh 2019 agus go ndaingneodh Parlaimint na hEorpa iad i rith 2019. An 21 Aibreán 2018, tháinig an AE agus Meicsiceo ar Chomhaontú Polaitiúil ina n-idirbheartaíocht chun an Comhaontú Domhanda idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo atá i bhfeidhm faoi láthair a nuachóiriú. Leathnófar a raon feidhme chun comhar rialála, trádáil bhreise sa talmhaíocht agus soláthar poiblí a chuimsiú. Tabharfaidh an Comhaontú ardán chun easpórtálacha na hÉireann go Meicsiceo a mhéadú, agus beidh sé sin suntasach d'earnáil thábhachtach Agraibhia na hÉireann, go háirithe do tháirgí déiríochta, muiceola agus mairteola. Cuireadh tús i mí Iúil 2018 le hidirbheartaíocht ar Chomhaontuithe Saorthrádála ar leith leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn i ndiaidh don Chomhairle na sainorduithe idirbheartaíochta a cheadú i mí na Bealtaine 2018.

Lean an Roinn ar aghaidh freisin de bheith ag obair leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit lena chinntiú go gcuirfear chun cinn agus go slánófar leas na hÉireann san idirbheartaíocht trádála ag an AE, ar nós na hidirbheartaíochta nuabhunaithe faoi Chomhaontú Saorthrádála leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn, chomh maith leis na Comhaontuithe Saorthrádála agus Comhaontuithe Cosanta Infheistíochta le Singeapór agus Vítneam a chur i gcrích. Ina theannta sin, tá idirbheartaíocht leanúnach ar bun ag an AE le Mercosur, an tSile agus an Indinéis, tá reachtaíocht cosanta trádála nua don AE á fhorbairt agus creat Eorpach do scagadh infheistíochtaí díreacha eachtracha ag teacht isteach san AE.

In 2018, chuir an Roinn tús le staidéar ar an tionchar a bhí agus a bheidh ag Comhaontuithe Saorthrádála an AE le deireanaí agus atá le teacht ar Éirinn. Déanfar measúnú sa staidéar ar a dtionchar geilleagrach agus tabharfar moltaí chun gnóthachan a mhéadú oiread agus is féidir agus dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn ina gcur i bhfeidhm a mhaolú.

Mhéadaigh líon na Misean Trádála faoi stiúir Aire arís in 2018, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, agus reáchtáladh 62 imeacht trádála agus Misean Trádála faoi stiúir Aire. Tá clár na Misean Trádála ina chuid de thiomantas níos leithne na Roinne d'éagsúlú mhargadh easpórtála na hÉireann i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Ní raibh sna Misin Trádála ach píosa amháin de chlár cuimsitheach imeachtaí trádála idirnáisiúnta a d'eagraigh Gníomhaireachtaí Fiontraíochta na Roinne, a thug deis do chuideachtaí Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí ionchais agus líonrú le lucht tionchair tábhachtach i dtíortha ar fud na cruinne. San iomlán, eagraíodh 62 imeacht a dhírigh ar thrádáil idirnáisiúnta i rith na bliana.

Cé go mbeidh an Ríocht Aontaithe fós ina margadh an-tábhachtach d'easpórtálaithe na hÉireann, tá an-fhonn ar an Roinn a chinntiú go gcruthaítear deiseanna nua do chuideachtaí Éireannacha a dteastaíonn uathu a láithreacht a leathnú nó fiú a dtáirgí a chur ar fáil i margaí nua. Chuige sin, thug an Roinn tús áite do láithreacht na hÉireann a mhéadú ar mhargaí limistéar an Euro in 2018 agus leanfar leis sin. Príomhchuspóir de chuid rannpháirtíocht na Roinne ar na misin sin is ea aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá teacht ar mhargaí nua agus an tairbhe a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar thairseach na hEorpa a chur chun cinn do thíortha eile.

## TACAÍOCHT A THABHAIRT DO CHLÁR INTERREG AE

Tá Clár INTERREG VA ar cheann de 60 clár maoinithe trasteorann san AE a ceapadh chun cabhrú leis an gceann is fearr a fháil ar fhadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar theorainn. Clúdaíonn sé na sé chontae cois teorann in Éirinn, Tuaisceart Éireann ina iomláine agus cuid d'iarthar na hAlban.

Cómhaoiníonn an Roinn snáithe Taighde agus Nuálaíochta Chlár INTERREG VA, i dteannta na Roinne Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann. Tá €71m san iomlán ar fáil mar mhaoiniú don snáithe Taighde agus Nuálaíochta (ón AE agus ó Rialtais Náisiúnta) don tréimhse suas go 2022.

Tá dhá ghné ar leith laistigh den snáithe Taighde agus Nuálaíochta: tionscnamh chun líon na bhfiontar beag agus meánmhéide a dhéanann taighde trasteorann agus gníomhaíochtaí nuálaíochta (€18) a mhéadú; agus tionscnamh níos taighde-bhunaithe chun leibhéal an ghnó trasteorann, taighde ábhartha do thionscal agus acmhainn nuálaíochta a mhéadú laistigh d'earnáil na Sláinte agus Eolaíochtaí Beatha agus earnáil an Fhuinnimh In-athnuaite (€53m).

Tá ról lárnach ag institiúidí tríú leibhéal laistigh de limistéar geografach sa Chlá, lena n-áirítear na trí Institiúid Teicneolaíochta sna contaetha cois teorann. Baineann a chomhionann de 514 bliain dochtúireachta i mbun taighde leis an obair thar shaolré an Chláir (tá 135 bliain curtha i gcrích go dtí seo) agus tá cuideachtaí roghnaithe ó na hearnálacha ábhartha páirteach ann freisin, trína bhforbróidh siad saineolas feabhsaithe, chomh maith le táirgí nó próisis nua. Tá dhá ghné an Chláir ar bun anois agus seoladh tionscadail ar leith go foirmiúil i rith 2017.

## RÉIMEAS STÁTCHABHRACH AN AONTAIS EORPAIGH

Ba thosaíocht de chuid na Roinne arís in 2018 é go gcloífí leis na rialacha i dtaca le Státchabhair. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta do bheartas uileghabhálach Státchabhrach, ag scaipeadh eolais agus ag cur oiliúint ar fáil faoi rialacháin státchabhrach ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne. Ina theannta sin, mar phointe idirchaidrimh do gach cumarsáid a eisítear chuig Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le Státchabhair i rith 2018.

Is iad cuspóirí an tionscnaimh um Nuachóiriú Státchabhrach de chuid an AE fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le Státchabhair a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

B'athchóiriú tábhachtach sa phróiseas nuachóirithe an soiléiriú ón gCoimisiún Eorpach agus díolúine a thabhairt do Státchabhair ó rialú roimhe seo trí Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine. Tá ról ríthábhachtach ag Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine chun rialacha faoi Státchabhair a shimpliú agus a shoiléiriú, maorlathas a mhaolú agus ligean d'infheistíochtaí dul ar aghaidh chomh tapa agus is féidir. Cuireann sé sin ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh freisin a rialú ar Státchabhair a dhíriú ar na cásanna is saofa.

### Freagairt Státchabhrach an Bhreatimeachta – grúpa oibre

In 2017, bunaíodh Grúpa Oibre ar Státchabhair, ina raibh ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is é cuspóir an Ghrúpa raon feidhme scéimeanna a mheas agus iad a cheapadh chun tacú le fiontair a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu, de réir rialacha na Státchabhrach. Tá an Roinn ag stiúradh thoscaireacht na hÉireann.

Bhain an Grúpa go leor amach go dtí seo, ina measc an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a fhorbairt faoi rialacha Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine, Scéim Tarrthála agus Athstruchtúrtha na hÉireann a leathnú chun cúnamh Leachtachta Sealadach a áireamh ann agus leanann an Grúpa lena ndlúthobair le hArd-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta chun an réimse deiseanna faoi Threoirlínte Státchabhrach na Talmhaíochta agus Foraoiseachta a fhiosrú, chun tacaíocht a thabhairt do na fiontair sin in earnáil an bhia a mbeidh tionchar ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil orthu.

## STRAITÉIS MAIDIR LE MARGADH AONAIR DIGITEACH AN AONTAIS EORPAIGH

I mí Aibreáin 2018, rinne an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí ionadaíocht ar Éirinn ag Lá Digiteach an Aontais Eorpaigh, mar ar shínigh sé trí Dhearbhú: Intleacht Shaorga, Blocshlabhra agus Radar Nuálaíochta.

D'fhógair an Coimisiún Eorpach 16 thionscnamh tosaigh faoi Straitéis AE an Mhargaidh Aonair Dhigitigh in 2015, agus cuireadh 14 thionscnamh eile leo sin ó shin, deich gcinn i ndiaidh an Lae Dhigitigh i mí Aibreáin 2018 ina measc Tá sé d'aidhm le tionscnaimh an Mhargaidh Aonair Dhigitigh tacú le trí phríomhcholún: rochtain a shimpliú do thomhaltóirí agus gnóthaí; an timpeallacht a mhúnlú ionas go mbeidh rath ar líonraí agus seirbhísí digiteacha; agus acmhainn fáis an gheilleagair dhigitigh a mhéadú oiread agus is féidir. Tá an Roinn freagrach as tionscnaimh an Mhargaidh Aonair Dhigitigh maidir le hArdáin do Ghnóthaí; Cóipcheart; agus ríomh-Thráchtáil (geobhlocáil ina measc). Spreag an Coimisiún

Eorpach dul chun cinn ar an réimse iomlán tionscnamh agus comhaontaíodh 21 as an 30 tionscnamh faoi dheireadh na bliana.

Tionóladh cruinniú do na tíortha D9+ i mí na Bealtaine 2018 sa Digital Hub, Baile Átha Cliath faoi théama na hintleachta saora. Is cruinniú ar leibhéal Aireachta é D9+ ina dtagann tíortha atá ar aon intinn le chéile le chéile chun ceisteanna an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a phlé. D'fhreastail roinnt ionadaithe Aireachta ar an gcruinniú, a leag béim ar cheannaireacht na hÉireann ar an gclár oibre digiteach. Tá na naoi dtír Eorpacha is airde ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach a fhoilsíonn an Coimisiún Eorpach gach bliain sa D9+. D'fhreastail Éire ar chruinniú an D9+ san Eastóin freisin i mí na Samhna, inar díríodh ar thodhchaí an Mhargaidh Aonair Dhigitigh i gcomhthéacs na dtoghchán a bhí ag teacht chun cinn do Pharlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach nua a bheadh in oifig in 2019.

### ULLMHÚCHÁIN DON BHREATIMEACHT

In 2018, d'oibrigh an tAonad Breatimeachta chun a chinntiú go mbeadh cur chuige comhordaithe agus seasmhach i leith an Bhreatimeachta ar fud na Roinne agus a Gníomhaireachtaí agus chun ár dtionchar ar an idirbheartaíocht faoi imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, agus an creat dá gcaidreamh amach anseo, a mhéadú oiread agus ab fhéidir.

Chun a chinntiú go raibh cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe i leith an Bhreatimeachta i ngach réimse den Roinn in 2018, agus chun an ghluaiseacht chuig céim nua san idirbheartaíocht faoi imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach a chur san áireamh, bhainistigh agus thacaigh Aonad an Bhreatimeachta leis an méid seo a leanas:

- cruinnithe an Ghrúpa Chomhordaithe ar an mBreatimeacht, a raibh an tAire mar chathaoirleach orthu agus a athbhunaíodh le comhaltas níos leithne, Gníomhaireachtaí ábhartha uile na Roinne ina measc, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bhfreagartha do na forbairtí a tháinig chun cinn go náisiúnta, sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach;
- cruinnithe an Fhóraim Fiontraíochta ar Dhúshláin Bhreatimeachta agus Dhomhanda, a raibh an tAire mar chathaoirleach orthu freisin, a chuireann ar chumas na Roinne dearcthaí, údar imní agus moltaí ón earnáil fiontar a chloisteáil agus a phlé leo. Bhí ionadaithe ó 13 ghrúpa fiontraíochta i measc na gcomhaltaí;
- cruinnithe Ghasra na nOifigeach Sinsearach Tras-rannóige le haghaidh an Bhreatimeachta sa Roinn, faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, ina raibh oifigigh shinsearacha i réimsí beartais ábhartha na Roinne. Comhordaíonn an grúpa sin ár gcur chuige i leith an Bhreatimeachta ar fud na Roinne agus nuashonraíonn siad an idirbheartaíocht agus Taighde Breatimeachta na Roinne; agus
- rannpháirtíocht ar fud an Rialtais, á stiúradh ag Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Bhí an Roinn ag stiúradh fós Grúpa Oibre Trádála agus Infheistíochta Breatimeachta Idir-rannach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt seasamh beartais in idirbheartaíocht, agus reáchtáladh dhá chruinniú in 2018.

I mí Feabhra, foilsíodh staidéar le Copenhagen Economics, *Ireland and the Impacts of Brexit*, a choimisiúnaigh an Roinn. Déantar imscrúdú sa staidéar sin ar na himpleachtaí agus déantar meas ar thionchar na mbacainní nua féideartha don trádáil a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht, ag cur le bonn fianaise a bhí cuimsitheach cheana féin agus a chuir bonn eolais faoi fhorbairt ár bhfreagartha don Bhreatimeacht i rith 2018. Lean an bonn fianaise sin ag cur bonn eolais faoi sheasamh beartais na hÉireann mar chuid den idirbheartaíocht níos leithne ar chaidreamh na Ríochta Aontaithe amach anseo leis an Aontas Eorpach agus bearta maolaithe breise, ina measc bearta imirce earnála chun freagairt don Bhreatimeacht.

Bhí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ina colún tábhachtach fós i bhfreagairt intíre an Rialtais don Bhreatimeacht. Reáchtáladh imeacht Roinne do pháirtithe leasmhara – 'Trade Implications of Brexit' – i mí Feabhra i bPáirc an Chrócaigh, le breis agus 200 páirtí leasmhar tábhachtach, chun torthaí staidéar Copenhagen Economics a phlé.

I mí an Mheithimh 2018, d'fhoilsigh an Roinn "Findings and insights of the firm-level impact of Brexit on most exposed sectors". Bhí an taighde ag plé le gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn, agus rinneadh ionadaíocht ar fhostóirí móra, meánacha agus beaga sna hearnálacha sin is mó nochta do chás Breatimeachta 'chrua'. Léirítear sa staidéar go mbeidh cineál agus fairsinge an tionchair sonrach do ghnólachtaí den chuid is mó.

D'óstáil an Roinn seimineár, *Building Stronger Business – Responding to Brexit*, i bpáirt leis an ESRI agus Fiontraíocht Éireann i mí Iúil 2018 chun cur i láthair a dhéanamh ar thorthaí sraith tuairiscí ar thionchar féideartha an Bhreatimeachta ar cheisteanna éagsúla, ina measc iompórtálacha ón Ríocht Aontaithe a úsáideann gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn, na riachtanais scileanna a eascróidh as tionchar féideartha an Bhreatimeachta, tionchar an Bhreatimeachta ar ghnólachtaí agus sonraí faoi thrádáil seirbhísí idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.

- Choimisiúnaigh an Roinn an tuarascáil 'Intermediate Goods Inputs and the UK Content of Irish Goods Exports'. Ba iad na príomhthorthaí ón tuarascáil cé nach mbraitheann gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach an oiread céanna ar ionchuir iompórtálacha le gnólachtaí faoi úinéireacht iasachta, bíonn na gnólachtaí Éireannacha ag brath níos mó ar an iomlán ar an Ríocht Aontaithe mar fhoinse iompórtálacha, agus tá os cionn 20% dá n-iompórtálacha ag brath go hiomlán/go mór ar an Ríocht Aontaithe.
- Choimisiúnaigh an Roinn taighde an ESRI ar Thrádáil Seirbhísí idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Scrúdaíodh ann tosca na trádála seirbhísí idirnáisiúnta idir tíortha agus meastachán ar an méid a chuireann ballraíocht san AE le sreafaí trádála seirbhísí. Sainaithníodh tionchar mór ag teacht as an mballraíocht san AE don trádáil i seirbhísí airgeadais agus gnó, go háirithe in árachas díreach.

De réir ullmhúchán an Rialtais uile don Bhreatimeacht, chuir an Roinn dlús faoina hobair ullmhúcháin i rith 2018 faoin gcás lárnach (Comhaontú Tarraingthe Siar agus Tréimhse Aistrithe go deireadh 2020) ach leanadh leis an bpleanáil theagmhasach do Bhreatimeacht crua. Áiríodh leis an obair sin *Plean Gníomhaíocht Ullmhachta don Bhreatimeacht* cuimsitheach a fhorbairt don Roinn, agus chuir Rannóga ar fud na Roinne leis sin.

I measc na hoibre eile a rinneadh chun ullmhú don Bhreatimeacht tá riachtanais fiontraíochta agus rialála na Roinne a chomhordú chun sraith tacaíochtaí breise gnó agus rialála a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil gnóthaí réidh don Bhreatimeacht. D'ullmhaigh an Roinn na ceanglais thábhachtacha reachtaíochta faoin mBreatimeacht a d'eascródh as Breatimeacht crua.

Chun tacú le hullmhúchán agus feasacht na bpáirtithe leasmhara ar fud na Roinne agus a Gníomhaireachtaí, scaipeadh staidéar Copenhagen Economics agus an tuarascáil *Building Stronger Business* go forleathan i rith cruinnithe agus cuir i láthair inmheánacha agus sheachtracha. Scaipeadh bileog *Getting Brexit Ready* go forleathan freisin agus scrúdaíodh fógraí i dtaobh ullmhacht le haghaidh an Bhreatimeachta ón gCoimisiún Eorpach agus fógraí i gcás nach mbeadh socrú ann ó Rialtas na Ríochta Aontaithe agus scaipeadh iad ar na hoifigigh ábhartha, cuireadh chun cinn iad i measc Gníomhaireachtaí agus na bpríomhpháirtithe leasmhara agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin na Roinne.

#### AN BREATIMEACHT AGUS IOMPÓRTÁLACHA CEIMICEÁN

Ar feadh 2018, thacaigh an Roinn, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le tionscnamh "Getting Ireland Brexit Ready" an Rialtais chun aird a tharraingt ar an tionchar féideartha ar thionscal na hÉireann mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach i mí an Mhárta 2019. Tarraingíodh aird go háirithe ar an tionchar féideartha don tionscal maidir le ceimiceán a fhoinsiú agus táirgí a iompórtáil i rith 2018, toisc go bhféadfadh go mbeadh níos mó dualgais agus oibleagáidí rialála ar thionscail.

### Taighde Breatimeachta

I rith 2018, d'fhoilsigh an Roinn roinnt staidéir eile a chuireann lenár dtuiscint ar thionchar an Bhreatimeachta ar earnálacha agus ar réigiúin.

- Export Participation and Performance of Firms on the Island of Ireland (Meán Fómhair 2018): Breathnaítear go mion sa staidéar seo ar ghnólachtaí beaga a bhíonn ag plé le heaspórtáil trasteorann agus tugtar pictiúr cuimsitheach den trádáil trasteorann agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta gnólachtaí sa dá gheilleagar.
- Intermediate Goods Inputs and the UK Content of Irish Goods Exports (Iúil 2018): Tuarascáil ón ESRI é seo a d'urraigh an Roinn agus Fiontraíocht Éireann, inar scrúdaíodh a mhéad a bhíonn iompórtálacha na hÉireann ag brath ar an Ríocht Aontaithe, agus sainaithníodh méid an nochta do chur isteach féideartha i ndiaidh an Bhreatimeachta.
- Irish-UK Services Trade and Brexit (Iúil 2018): Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile le taighde an ESRI agus d'urraigh an Roinn agus Fiontraíocht Éireann í. Tugtar

meastóireacht ann ar an méid a chuireann ballraíocht san Aontas Eorpach le sreafaí trádála seirbhísí agus scrúdaítear nochtadh earnálacha seirbhísí na hÉireann do chur isteach féideartha i ndiaidh an Bhreatimeachta.


- Addressing the skills needs arising from the potential trade implications of Brexit (Meitheamh 2018): Tagann an staidéar seo ón Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus sainaithnítear ann na riachtanais scileanna a theastaíonn chun gur féidir leis na fiontair tionchar an Bhreatimeachta ar thrádáil earraí na hÉireann a mhaolú agus tugtar breac-chuntas ar shraith moltaí a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- Findings and insights of the firm-level impact of Brexit on most exposed sectors (Meitheamh 2018): Sonraítear sa tuarascáil seo torthaí agus léargas ar an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar ghnólachtaí sna hearnálacha is noichte, trí mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochta, ag díriú ar 15 earnáil.
- Brexit and Irish Consumers (Márta 2018): Thug an ESRI faoin taighde seo a choimisiúnaigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Déantar measúnú ann ar thionchar féideartha an Bhreatimeachta ar theaghlaigh na hÉireann.
- Cross-border trade and supply chain linkages (Márta 2018): Tagann an tuarascáil seo ó Idir-Thrádáil Éireann agus scrúdaítear ann patrúin na trádála trasteorann ar oileán na hÉireann, ag díriú ar ról na nasc slabhraí soláthar, a tomhaiseadh de réir mhéid na trádála i dtáirgí idirmheánacha agus an méid a chuireann gnólachtaí a thrádálann an dá bhealach (is é sin, iadsan a bhí ag iompórtáil agus ag easpórtáil ag an am céanna) leis an trádáil go ginearálta.
- Ireland and the Impacts of Brexit (Feabhra 2018): Déantar imscrúdú sa tuarascáil ó Copenhagen Economics ar na himpleachtaí agus déantar meas ar thionchar na mbacainní nua féideartha don trádáil a d’fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht.

## BEARTA MAOLAITHE AN BHREATIMEACHTA LE HAGHAIDH FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

### Scéim Iasachta an Bhreatimeachta

Seoladh Scéim Iasachta an Bhreatimeachta i mí an Mhárta 2018, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireann an Scéim maoiniú inacmhainne ar fáil do ghnóthaí Éireannacha incháilithe ag a bhfuil suas le 499 fostaí agus a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu faoi láthair nó a mbeidh amach anseo. Trí ráthaíochtaí Stáit agus AE in éindí, bhain an Scéim leas as suas le €300m iasachtaí d’fhiontair Éireannacha incháilithe ag an uasráta úis 4%. Chosain an scéim €23m ar an Státchiste. Tá an scéim ar oscailt do chliaint Gníomhaireachtaí Stáit agus do ghnóthaí nach bhfuil aon bhaint acu le Gníomhaireachtaí Stáit. Cuireann Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann an Scéim i bhfeidhm, trí iasachtóirí tráchtála chun caipiteal oibre a chur i ngnóthaí Éireannacha.

## SCÉIM IASACHTA AN BHREATIMEACHTA, FOINSE: AN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA




### An Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí

Fógraíodh an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí i gCáinaisnéis 2019. Is ciste iasachta €300m í atá ar fáil do ghnóthaí incháilithe Éireannacha agus earnálacha príomhúla na talmhaíochta agus an bhia mara chun tacú le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach. Bíonn an maoiniú a fhaightear faoin scéim seo níos éasca le teacht air, bíonn praghas níos iomaíche air, agus bíonn téarmaí níos fabhraí ag baint leis ná an méid a thugtar ar iasacht faoi láthair do ghnóthaí dá leithéid. Tairgtear iasachtaí idir €100,000 (€50,000 don talmhaíocht) agus €3m, le hiasachtaí neamhurraithe suas le €500,000. Tá téarmaí idir ocht agus deich mbliana ag baint leis na hiasachtaí – a théann i ngleic le bearna sa mhargadh d'airgeadas níos fadtéarmaí. Déanann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara cómhaoiniú ar an scéim. D'oscail an scéim d'iarratais ar incháilitheacht trí Chorparáid Bhaincéireachta Straitéisí Éireann an 17 Aibreán 2019.

### Mol Comhairleach d'Airgeadas Gnó

Leanadh in 2018 le Mol Comhairleach d'Airgeadas Gnó a fhorbairt a thacódh le pleanáil airgeadais agus le riachtanais ghinearálta maoinithe na bhfiontar beag agus meánmhéide. Cabhróidh an Mol beartaithe le gnóthaí cinntí airgeadais níos eolaí a

dhéanamh, ag tógáil ar thacaíochtaí reatha atá ar fáil ó chomhlachtaí ar nós Fhiontraíocht Éireann agus na nOifigí Fiontair Áitiúla. Is tairiscint ar líne a bheidh ann go príomha, a chuirfidh faisnéis chaighdeánaithe agus uirlisí ar fáil, agus a fheidhmeoidh mar threoir chuig tacaíochtaí agus acmhainní iomchuí Rialtais.

### An Scéim um Theacht i gCabhair agus Athstruchtúrú

D'fhaomh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta scéim um Theacht i gCabhair agus Athstruchtúrú i mí na Samhna 2017. Faoin scéim sin, is féidir le Fiontraíocht Éireann tacaíocht athstruchtúraithe a thairiscint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá i gcruachás mór airgeadais agus a bhfuiltear cinnte nach mór go rachaidís as gnó go hiomlán murach idirghabháil an Stáit.

Cé nach meastar go mbeidh ar an Stát cúnamh teachta i gcabhair/athstruchtúraithe a thabhairt do chuideachtaí, i bhfianaise na dtacaíochtaí atá ar fáil cheana féin agus iad siúd atá á bhforbairt (i.e. Scéim Iasachta an Bhreatimeachta agus an scéim iasacht d'Fhás sa Todhchaí, chomh maith le tacaíocht Fhiontraíocht Éireann agus ó Oifigí Fiontair Áitiúla agus Idir-Thrádáil Éireann), meastar go mbeadh sé ciallmhar bearta teagmhasacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn freagairt do tapa do chúinsí a athraíonn de réir mar is gá.

I mí na Bealtaine 2018, leathnaíodh an scéim seo chun cúnamh athstruchtúraithe sealadach a chuimsiú d'fhiontair a raibh riachtanais dhiana leachtacha acu. Tugtar an cúnamh mar iasachtaí atá inaisíoctha thar imeacht 18 mí. I dteannta Scéim Iasachta an Bhreatimeachta, tabharfaidh an cúnamh athstruchtúraithe sealadach seo cobhsú luachmhar do ghnóthaí agus iad ag freagairt don tionchar láithreach agus fadtéarmach atá ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil.

## ULLMHÚCHÁIN DON BHREATIMEACHT I MEASC NA NGNÍOMHAIREACHTAÍ FIONTRAÍOCHTA

Stiúir agus chomhordaigh an Roinn an fhreagairt don Bhreatimeacht i measc ár nGníomhaireachtaí. Dhírigh an fhreagairt sin ar fheasacht agus ullmhacht leanúnach na gcuideachtaí a chothú maidir leis an mBreatimeacht agus tacú le gnólachtaí chun tosú ag easpórtáil, a n-easpórtálacha a fhás i margaí reatha agus éagsúlú i margaí nua. Áirítear le buaicphointí sonracha:

### Fiontraíocht Éireann

Léirítear i Straitéis 2017–2020 de chuid Fhiontraíocht Éireann an fhreagairt straitéiseach don Bhreatimeacht, a bhfuil d'aidhm léi teacht aniar níos fearr a fhás i gcuideachtaí Éireannacha trí scála a thógáil agus réimse a leathnú. Chun tacú le cliantchuideachtaí dul i ngleic le dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, thug Fiontraíocht Éireann faoi chlár ina ndéantar an méid seo a leanas:

- athléimneacht a fhás i gcuideachtaí easpórtála na hÉireann a dhíríonn ar nuálaíocht, éagsúlú margaidh agus iomaíochas; agus
- dul i ngleic le feasacht agus ullmhacht cuideachtaí maidir leis an mBreatimeacht.

In 2018, rinne Fiontraíocht Éireann an méid seo a leanas:

- tugadh isteach an Ciste Aimsithe Margaí nua chun tacaíochtaí a chur fáil do ghnóthaí chun taighde a dhéanamh ar straitéisí nua inmharthana agus inbhuanaithe le dul isteach i margadh nua. Faomhadh 167 cuideachta faoin gCiste sin go dtí seo;
- seoladh Tairiscint Sármhaitheasa Oibríochta nua chun deiseanna a fhás trí thionscadal athraithe ó bhonn;
- Clinicí Comhairleacha faoin mBreatimeacht – in 2018, reáchtáladh 16 chlinic ar fud na tíre. Díríonn na clinicí sin ar thrí phríomhréimse: Bainistíocht Airgeadais agus Airgeadra; Foinsiú Straitéiseach; Iompar agus Lóistíocht. Bhí cruinnithe duine le duine le sainchomhairleoirí ag an am céanna le seimineáir i gceist leis an tsraith sin. Ghlac 1,200 cliantchuideachta páirt ann go dtí seo.
- Clár ‘Act On’, inar cuireadh sainchomhairleoir neamhspleách ar fáil do chuideachtaí do chúrsa dhá sheisiún leathlae inar díríodh ar: (1) Bainistíocht Airgeadais agus Airgeadra; (2) Foinsiú Straitéiseach; agus (3) Custaim agus Lóistíocht;
- seoladh cúrsa oiliúna ar líne faoi chustaim;
- Imeachtaí ‘Getting Ireland Brexit Ready’ – glacadh páirt san himeachtaí ceardlainne seo a d’eagraigh an Rialtas ar fud na hÉireann chun eolas agus comhairle a thabhairt faoi ullmhú don Breatimeacht agus faoin réimse bearta tacaíochta atá ar fáil ó na gníomhaireachtaí éagsúla. Tionóladh sé imeacht i gCorcaigh, Gaillimh, Muineachán, Baile Átha Cliath, Luimneach agus Leitir Ceanainn.
- Ceapadh tacaíochtaí eile chun tacú le gnólachtaí agus iad ag éagsúlú, ar nós cúrsa ar líne Fhiontraíocht Éireann ‘Customs Insights Course’, agus a gciste ‘Agile Innovation Fund’ (a thugann rochtain thapa ghasta ar mhaoiniú nuálaíochta).

### GFT Éireann

Dhírigh GFT Éireann go mór ar an mBreatimeacht arís agus lean an Ghníomhaireacht ag plé go díreach lena cliaint reatha chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin agus ag obair freisin chun tairbhe a bhaint as na deiseanna nua a bhaineann leis an mBreatimeacht.

I rith 2018, d’fhéach an Ghníomhaireacht lena lorg thar lear a threisiú chun a freagairt don Bhreatimeacht a neartú. Déantar gnó mhór-roinn na hEorpa de chuid na Gníomhaireachta a bhainistiú as Frankfurt anois agus caitear leis an Ríocht Aontaithe mar chríoch ar leith. Anuas air sin, cheap an Ghníomhaireacht Feidhmeannach Díolachán agus Margaíochta in Toronto sular osclaíodh oifig nua sa chathair sin. Bunaíodh Foireann Margaí Ceannródaíocha a dhíríonn go sonrach ar dheiseanna nua infheistíochta ón Tuirc, an Meán-Oirthear agus an Afraic Theas. Thug an Ghníomhaireacht faoi thurais margaíochta freisin go suíomhanna sna réigiúin sin, ina measc Iosrael, an Afraic Theas, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Bairéin, an Araib Shádach, Cuáit, Óman, Catar agus an Tuirc.

Lean an Ghníomhaireacht i mbun anailíse ar na rioscaí agus deiseanna don infheistíocht dhíreach eachtrach a bhaineann leis an mBreatimeacht agus, i dteannta réimse tacaíochta

airgeadais agus neamhairgeadais a fhorbairt, d'fhorbair sí a straitéisí margaíochta chun aird a tharraingt ar chomh hoiriúnach is atá Éire do chuideachtaí a dteastaíonn uathu rochtain ar mhargadh an AE a choinneáil amach anseo. Ag deireadh na bliana thuairiscigh GFT Éireann gur bhuaigh sí thart ar 55 infheistíocht a bhaineann leis an mBreatimeacht le féidearthacht fostaíochta de níos mó ná 4,500 ról as seo go ceann dhá nó trí bliana. Leanfaidh an Ghníomhaireacht ag obair chun tairbhe a bhaint as aon deiseanna infheistíochta dírí eachtraí a thagann chun cinn mar gheall ar an mBreatimeacht.

### Oifigí Fiontair Áitiúla

Tá tacaíochtaí Breatimeachta tríd an 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre dírithe ar fhaisnéis agus feasacht, éagsúlú margaidh, iomaíochas méadaithe, agus nuálaíocht a chur chun cinn. Chomh maith leis an mBreatimeacht, meantóireacht lena mbaineann agus oiliúint, chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla tionscnaimh a bhaineann go sonrach leis an mBreatimeacht ar fáil le haghaidh micrifhiontar, lena n-áirítear:

- d'fhreastail 4,054 rannpháirtí ar imeachtaí eolais faoin mBreatimeacht a bhí dírithe ar chliaint lárnacha agus neamhlárnacha;
- spreagadh cliaint le páirt a ghlacadh sna Seónna Bóthair Breatimeachta a d'eagraigh Fiontraíocht Éireann;
- cuireadh Deontais Cúnaimh Theicniúil don Mhicr-Easpórtáil sa tsraith deontas mar spreagadh do chliaint deiseanna nua margaidh a fhiosrú agus a fhorbairt. faomhadh cúnamh do 433 cliant faoin mbeart seo, arbh ionann é agus infheistíocht €758,651 san iomlán; agus
- d'fhorbair na hOifigí Fiontair Áitiúla tairiscint Lean4Micro le haghaidh cliaint micrifhiontair. Leithdháileadh €853k d'Oifigí Fiontair Áitiúla in 2018, a sholáthair 221 cliant rannpháirteach sa chlár.

### Idir-Thrádáil Éireann

Toisc go bhféadfadh an Breatimeacht tionchar mór a imirt ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide ar thug Idir-Thrádáil Éireann cúnamh dóibh, sholáthair an Roinn maoiniú breise d'Idir-Thrádáil Éireann in 2018. Chuir sé sin ar chumas Idir-Thrádáil Éireann tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar:

- Seirbhís Chomhairleach an Bhreatimeachta a chuireann réimse tacaíochtaí oiriúnaithe ar fáil. San iomlán, bhí Seirbhís Chomhairleach an Bhreatimeachta ag plé go díreach le hos cionn 4,000 fiontar beag agus meánmhéide ar fud an oileáin.
- Dearbháin 'Start to Plan' don Bhreatimeacht, dar luach €2,250, chun a chur ar chumas cuideachtaí sainchomhairle a fháil ar cheisteanna ar nós pleanáil airgeadra, taraifí agus custam, ceanglais rialála agus ceisteanna cánach. In 2018, fuair Idir-Thrádáil Éireann os cionn 600 iarratas ar dhearbháin 'Start to Plean' d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Chuir siad i gcrích freisin an mheastóireacht don chéad chéim eile dá scéim Dearbhán atá le seoladh go luath in 2019. Beidh luach €5,625 leis na dearbhán 'Start to Act' sin, agus úsáidfear iad chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide chun gníomh a sainaithníodh mar riachtanas ina bplean gnímh Breatimeachta a chur i bhfeidhm.

### AN TAONAD RIALÁLA NÍOS FEARR

Lean an tAonad Rialála Níos Fearr de bheith rannpháirteach i ngrúpaí éagsúla idirnáisiúnta amhail Ardán REFIT an Aontais Eorpaigh, ag féachaint ar chumas rialála, Grúpa Oibre um Rialáil Níos Fearr na Comhairle Eorpaí, Stiúrthóirí agus Saineolaithe an Ghrúpa Rialála Níos Fearr, an Líonra Rialála Níos Fearr agus Coiste um Beartas Rialála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

### SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE[5]

I mí Aibreáin 2018, d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an Plean Náisiúnta Cur i bhFeidhm d'Éirinn le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le haghaidh 2018–2020. Foráiltear leis an bplean do chur chuige uile-Rialtais i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

Cuireadh an chéad tuarascáil ó Éirinn maidir le hAthbhreithniú Deonach Náisiúnta ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi bhráid Fhóram Ardleibhéil Polaitiúil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe i mí Iúil 2018. Meastar feidhmíocht na hÉireann san Athbhreithniú Deonach Náisiúnta i gcomparáid leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus tugtar iarscríbhinn staitistiúil a úsáideann táscairí Eurostat.

Tá an príomhról agus freagracht pháirtí leasmhair ar an Roinn as cur i bhfeidhm spriocanna éagsúla sa phlean i réimsí ar nós Freagracht Shóisialta Chorparáideach, taighde eolaíochta, nuálaíochta agus ceimiceáin a bhainistiú. Tá monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm ina phríomhthosaíocht don Roinn agus léirítear a tiomantas do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ina Ráiteas Straitéise.

### TIONSCNAMH NA NGEILLEAGAR BEAG SÁRFHORBARTHA

Is ionann Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha agus grúpa seacht dtír (an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, Iosrael, an Nua-Shéalainn, Singeapór agus an Eilvéis) a thugann le chéile oifigigh agus saineolaithe chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna beartais comhleasa ina mbíonn tionchar ag dearcadh na tíre mar gheilleagar beag sárfhorbartha ar roghanna beartais.

---

[5] In 2015, ghlac 193 Ballstát sna Náisiúin Aontaithe, Éire ina measc, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuimsíonn na 17 sprioc sin riachtanais shóisialta, gheilleagracha agus chomhshaoil le haghaidh todhchaí inbhuanaithe.

Bhí cruinniú bliantúil na bPríomhoifigeach ar siúl in Wellington in 2018 agus áiríodh i dToscaireacht na hÉireann, á stiúradh ag an Ard-Rúnaí, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, feidhmeannaigh shinsearacha ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais.

Chuir an Roinn a cuid oibre ar thionchar geilleagrach na gcathracha ceannasacha i láthair na dtoscairí. I measc na gcur i láthair eile a rinne comhaltaí agus na réimsí a pléadh bhí comhoibriú taighde do gheilleagair bheaga, dúshláin sa chóras trádála idirnáisiúnta bunaithe ar rialacha, treoirthionscadail do chuir chuige nua i leith beartas, taighde ardoideachais agus bunaithe in ollscoileanna, agus beartas agus rialáil iomaíochais i bhfianaise cur isteach digiteach.

### AN CLÁR MÉADREOLAÍOCHTA EORPACH UM THAIGHDE

Is comhpháirtí í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) a chomhordaíonn tionscadail taighde chun dul i ngleic le dúshláin mhóra i gcúrsaí sláinte, fuinnimh, comhshaoil agus tionscail.

In 2018, bhí an tSaotharlann ina comhúdar ar dhá pháipéar eolaíochta a cuireadh i láthair ag comhdháil dhomhanda IMEKO ar an méadreolaíocht a tionóladh i mBéal Feirste. Bhain na páipéir le tionscadail taighde ar theirmiméadracht radaíochta agus tomhas bogthaise.

An 16 Samhain, vótáil ceannairí méadreolaíochta ó 60 náisiún, Éire ina measc, chun ceann de cholúin na heolaíochta, an cileagram, a athrú. Leis an sainmhíniú nua, beidh an ‘cileagram leictreonach’ ina bhonnlíne nua do thomhas maise.

# SPRIOC 7: INFHEISTIÚ INÁR BHFOIREANN AGUS TACÚ LEO CHUN AN ACMHAINN AONAIR AGUS CHOMHCHOITEANN A FHEABHSÚ A THUILLEADH, ARDCHAIGHDEÁIN RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH A CHINNTIÚ AGUS AN LEAS IS FEARR A BHAINT AS ÁR N-ACMHAINNÍ AR FAD CHUN ÁR STRAITÉIS, MISEAN AGUS SPRIOCANNA A BHAINT AMACH.

In 2018, cruthaíodh Rannóg nua Seirbhísí Corparáideacha sa Roinn a thug le chéile réimsí trasroinne an Rialachais, Acmhainní Daonna, TF, Airgeadais, Cumarsáide agus Seirbhísí Gnó.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2018–2021

Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua le haghaidh 2018–2021 i mí Aibreáin 2018. Leagtar amach ann seacht sprioc ardleibhéil uileghabhálacha a léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha thar raon leathan na réimsí a bhfuil an Roinn freagrach astu.

Tá sé d'aidhm leis an Straitéis tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le blianta beag anuas agus socraítear fís d'Éirinn a thiontú go dtí an áit is fearr dá bhfuil ann le rath a bheith ar ghnó agus soláthróimid lánfhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeáin níos airde maireachtála i ngach réigiún sa tír. Díreoidh an Roinn ar na spriocanna inár Straitéis a bhaint amach sa tréimhse amach romhainn, agus is cáipéis thábhachtach tagartha agus treorach a bheidh sa Straitéis.

## ATHBHREITHNIÚ AR INNIÚLACHT EAGRAÍOCHTÚIL

Foráiltear leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís (Gníomh 20) do chlár d'athbhreithnithe inniúlachta ar fud na Ranna Rialtais. Roghnaigh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse an Roinn chun tabhairt faoi athbhreithniú dá leithéid i rith 2018.

Thug Foireann Athbhreithnithe Inniúlachta neamhspleách faoin athbhreithniú i gcomhar le foireann na Roinne, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí agus raon páirtithe leasmhara seachtracha. Dhírigh an mhodheolaíocht athbhreithnithe ar cheithre phríomhréimse: Ceannaireacht, Straitéis, Soláthar agus Inniúlacht Eagraíochtúil.

Cuireadh Athbhreithniú Inniúlachta na Roinne i gcrích go deireanach in 2018 agus thug an Rialtas dá aire é sin, mar aon le Plean Cur i bhFeidhm na Roinne mar fhreagairt do na torthaí, i mí Aibreáin 2019.

Bhí príomhthorthaí an athbhreithnithe an-dearfach. Aithnítear go bhfuil cuntas teiste láidir ag an Roinn maidir le cuspóirí éagsúla straitéiseacha agus gnó a bhaint amach le blianta beaga anuas agus go bhfuil meas ar an Roinn ar fud an Rialtais. Mar aon le heagraíocht mhór ar bith eile, tá dúshláin ag baint le roinnt réimsí agus tabharfaidh an Roinn aird faoi leith ar dhul i ngleic leis na dúshláin sin go gearrthéarmach agus go meántéarmach tríd an bPlean Cur i bhFeidhm. Foilsíodh an dá cháipéis ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## ACMHAINNÍ DAONNA

I rith 2018, lean an tAonad Acmhainní Daonna d'fheabhas a chur ar chumas soláthair ár bhfoirne, lenár rannpháirtíocht ghníomhach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, Straitéis Acmhainní Daonna Nasctha (2018–2020) nua ina ndírítear ar phleanáil don lucht saothair agus anailísíocht dhaonna, tionscnamh nua do Chomhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna a sheoladh, agus tríd an tionscnamh inmheánach Dóigheanna Úra Oibre.

### Daoine agus Cumas

I margadh saothair dúshlánach agus leachtach, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus le soláthraithe oiliúna chun baill foirne a earcú agus folúntais thábhachtacha a líonadh agus ár bhfoireann oibre a fhorbairt agus a neartú. Tá líon suntasach foirne fós ag oibriú ar thascanna nua de bharr an líon suaite sa Státseirbhís agus sa mhargadh saothair tríd is tríd. Tá an Roinn ag oibriú chun é sin a bhainistiú trína próiseas Pleanála don Líon Lucht Oibre. Chuige sin, tá an próiseas á bheachtú tuilleadh i bhfianaise phróifíl aoise na Roinne, ar tarraingíodh aird uirthi mar riosca suntasach i bpróiseas an Athbhreithnithe Inniúlachta Eagraíochtúla.

Thug an Roinn faoi shraith rannpháirtíochtaí trína hOifigí agus Rannóga chun tuiscint chothrom le dáta a ghabháil ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus na ceanglais a leag siad sin ar an lucht saothair. De bhun na rannpháirtíochta sin, nuashonraíodh Plean don Líon Lucht Oibre trí bliana (ó 2017 go 2019) agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, a chuirfidh comhlachtaí lárnacha ar an eolas faoi cheanglais na Roinne agus a dhíreoidh ar idirghabhálacha agus tacaíochtaí Acmhainní Daonna chun bearnaí scileanna a dhúnadh agus ár lucht oibre a threisiú, de réir ár ndéimeagrafaice sonraí. Chuir Foghlaim agus Forbairt plean 18 mí i dtoll a chéile a thagann lenár sainordú straitéiseach agus gnó.

### Dóigheanna Úra Oibre

Lean an Grúpa Stiúrtha um Dhóigheanna Úra Oibre d'fheidhmiú mar phointe fócais do rannpháirtíocht foirne. Rinne an grúpa dul chun cinn ar thionscadail sna cúig fhoghrúpa a bhreathnaigh ar:

1. soghluaisteacht agus forbairt gairme;
2. luach saothair agus aitheantas;
3. scileanna;
4. cumarsáid; agus
5. cleachtais oibre nuálacha.

Cuireadh níos mó deiseanna comhoibre ar fáil trí inlíon nua a sholáthar agus feabhsaíodh próisis agus córais i réimsí éagsúla, ceadanna fostaíochta agus an suirbhé bliantúil fostaíochta ina measc.

Mar chuid de chlár oibre na nDóigheanna Úra Oibre sheol an Roinn Beartas Soghluaisteachta Inmheánaí nua. Bheartaigh an foghrúpa Nuálaíochta an chéad Seachtain Nuálaíochta riamh sa Roinn a bhunú, a tharlóidh go luath in 2019.

## ATHNUACHAN NA STÁTSEIRBHÍSE

Cuireadh tús le sraith Fóraim Rannpháirtíochta Foirne le haghaidh gach gráid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a imríonn tionchar ar a rannpháirtíocht, go háirithe na téamaí sin ar a mbíonn tionchar ag iompar bainisteoirí agus dearcadh an phobail i leith na Seirbhíse Poiblí, i ndiaidh thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse ó 2017.

Ghlac an Roinn páirt sna Gradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís agus bhí an-áthas uirthi gur cuireadh Oifig na bPaitinní ar an ngearrliosta faoin gcatagóir d'Fheabhas Digiteach, dá hiarratas ar ríomh-Ghnó agus Uirlisí.

Maidir leis an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse in 2017, mhéadaigh ráta freagartha na Roinne go suntasach go 64% ó 46%. Rinneadh anailís ar na torthaí agus cuireadh tús le sraith Fóraim Rannpháirtíochta Foirne le haghaidh gach gráid i mí na Samhna, agus tá seisiúin eile le reáchtáil i mí Eanáir 2019.

Áirítear le tiomantas na Roinne do Phlean Gnímh an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse:

- Rannpháirtíochtaí idir Comhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna agus Bainisteoirí Líne;
- Ceardlanna Acmhainní Daonna ar an gCód Smachta agus Treoirlínte Tearcfheidhmithe;
- PMDS a fhiosrú, ag treisiú stíl chóitseála san eagraíocht;
- Seachtain Nuálaíochta na Roinne a éascú;
- bunú líonraí bunaithe ar Ghráid nó ar Théamaí a fhiosrú;
- torthaí ón Suirbhé ar Shásamh Custaiméirí sa Státseirbhís a chur in iúl;
- obair na Roinne a cheiliúradh agus a chur in iúl trí ainmniúcháin na Roinne do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse agus imeachtaí Lóin agus Foghlama;
- Beartas Soghluaisteachta Inmheánaí na Roinne a chur i bhfeidhm;
- aistrithe trí Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse a éascú; agus
- Deiseanna Iasachta chuig eagraíochtaí ábhartha a thabhairt isteach.

## ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ (ÁR SEIRBHÍS PHOIBLÍ 2020)

Tá sé d'aidhm ag Gníomh 6 de 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020' 'Cultúr nuálaíochta a spreagadh sa tseirbhís phoiblí'. Tá ról lárnach ag an Roinn sa dul chun cinn ar an nGníomh seo agus tá an tArd-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann, Julie Sinnamon, ina stiúrthóirí ainmnithe air. Is í an Rúnaí Cúnta Pauline Mulligan Urraí an Ghnímh agus is í cathaoirleach fhoireann Ghníomh 6 í, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2018 agus ina bhfuil saineolaithe earnála ón tSeirbhís Phoiblí ar fad, ina measc na hearnálacha Cosanta agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Garda

Síochána, Fiontraíocht Éireann agus Státseirbhísigh ó na Ranna Oideachais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Cosanta, Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige.

De bharr cleachtadh scóipe tosaigh an ghrúpa, forbraíodh clár oibre ar a bhfuil 12 thionscnamh, agus tugadh tús áite do dhul chun cinn ceithre cinn díobh:

1. Bonnlíne a aimsiú do chultúr nuálaíochta reatha na seirbhíse poiblí agus bacainní ar nuálaíocht;
2. Dearbhú faoi nuálaíocht na seirbhíse poiblí;
3. Líonra Nuálaíochta Sheirbhís Phoiblí na hÉireann a bhunú; agus
4. Scileanna Nuálaíochta agus bearnaí scileanna a shainaithint agus infheistiú iontu.

I measc an dul chun cinn a rinneadh in 2018, bhí measúnú cuimsitheach ar an gcultúr nuálaíochta reatha sa tseirbhís phoiblí, a rinne Deloitte agus a tagarmharcáladh in aghaidh a leithéid go hinmheánach; dréacht-dhearbhú ar Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí in Éirinn, bunaithe ar obair na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) sa réimse sin; páipéar roghanna a choimisiúnú chun an fhoirm is iomchuí do Líonra Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a chinneadh agus tús a chur le cleachtadh mapála ar an réimse deiseanna atá ar fáil d'oiliúint nuálaíochta.

### ÁR GCUMAS CÓIRÍOCHTA A FHEABHSÚ OIREAD AGUS IS FÉIDIR

I rith 2018, tugadh faoi aistriú suntasach a bhain leis an gcóiríocht trínar laghdaigh an Roinn a lorg fisiciúil arís cé gur tháinig méadú beag ar an líon foirne. D'fhág an Roinn áitreabh ag Teach Davitt ar Bhóthar Adelaide agus d'aistrigh os cionn 100 comhalta foirne agus na sócmhainní seasta iomchuí chuig na hoifigí reatha in Ionad Phort an Iarla agus sna foirgnimh ar Shráid Chill Dara agus chuig áitreabh nuachóirithe ar Shráid Dhásain.

### Feidhmíocht Fuinnimh

I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) tuarascáil bhliantúil 2018 faoi éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí.

Léirítear i dtuarascáil 2018 go bhfuil an Roinn sa chéad áit leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ag 41% de choigilteas fuinnimh ón mbonnbhliain (2009). De réir shonraí an SEAI, is ionann an leibhéal fuinnimh a coiglíodh agus thart ar 1,250 crann a shábháil gach bliain.

Le blianta beaga anuas, thug an Roinn, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí faoi go leor athchóirithe suntasacha a chur leis an gcoigilteas fuinnimh, ina measc:

- Ár lorg fisiciúil a chomhdhlúthú agus a laghdú agus bogadh go foirgnimh atá níos tíosaí ar an bhfuinneamh; agus
- chuir an tAonad TFC go mór leis an gcoigilteas freisin trí threalamh atá níos tíosaí ar an bhfuinneamh a shuiteáil (freastalaithe, ríomhairí, etc.) agus prótacal "múch an ríomhaire/logáil amach" a thosú d'amanna faoi leith gach oíche.

Cé go léiríonn na sonraí is deireanaí ón SEAI go bhfuilimid i measc na ranna is fearr, admhaíonn an Roinn go bhfuil deis aici feabhsú arís agus bunaíodh “Foireann Ghlas” nuabhunaithe agus leathnaithe i dtús 2019 chun cabhrú le spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann a bhaint amach. Díríonn an Fhoireann Ghlas ar cheithre phríomhcholún – fuinneamh, úsáid uisce, bainistíocht dramhaíola agus éiceolaíocht/plandaí.

## TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID CHUN ÉIFEACHTÚLACHTAÍ A BHAINT AMACH AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ A FHEABHSÚ

Thug an Roinn faoi thionscnaimh nua TFC i rith na bliana chun soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí a fheabhsú. Ina measc siúd bhí seirbhísí nua a sheoladh do Chlárlann na gCara-Chumann agus feidhmeanna cigireachta agus forfheidhmithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Baineadh feabhsuithe amach freisin i gCóras Bainistíochta na gCeadanna Fostaíochta chun éifeachtúlacht próiseála a fheabhsú oiread agus ab fhéidir.

Go hinmheánach, tugadh faoi thionscnaimh éagsúla chun éifeachtacht na n-oibríochtaí inmheánacha a fheabhsú, ina measc inlíon nua corparáideach a sheoladh chun tacú le níos mó comhoibre agus feidhm maoirseachta fheabhsaithe do thionscadail TFC a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar thionscadail TFC. Rinneadh feabhsuithe freisin ar chóras suirbhéireachta fostaíochta na Roinne, chun éifeachtúlacht an phróisis don suirbhé bliantúil fostaíochta a mhéadú. Cuireadh tionscadail i gcrích freisin chun maoirseacht slándála níos fearr a chur ar fáil do chórais na Roinne agus chun athléimneacht córais níos fearr a sholáthar.

## CUMARSÁID

In 2018, bhunaigh an Roinn Aonad Cumarsáide chun freastal ar a riachtanais chumarsáide inmheánacha agus sheachtracha. Tá Ceann Cumarsáide ag leibhéal Príomhoifigigh ag stiúradh an Aonaid, a bhfuil d’aidhm leis an chaoi a bhfuil an Roinn ag cur a Cuspóirí Straitéiseacha i gcrích mar a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise a chur in iúl.

Tá ceithre shnáithe ag baint le hobair an Aonaid: cumarsáid inmheánach; cumarsáid straitéiseach; na meáin dhigiteacha agus shóisialta; agus caidreamh agus feachtais meán. Ó bunaíodh é, tá an fhoireann ag forbairt scileanna thar réimse leathan ardáin mheán chun tacú le hobair an Aire, na nAirí Stáit agus a gcomhghleacaithe sa Roinn.

Bhí sé d’aidhm ag béim an Aonaid ar phleanáil feachtas an chaoi a gcuirtear tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne in iúl a fheabhsú. I rith 2018, áiríodh leis na tosaíochtaí sin: an réimse tacaíochtaí faoi stiúir an Rialtais atá ar fáil do ghnóthaí atá ag ullmhú don Bhreatimeacht a chur in iúl; Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha a bhunaigh an Roinn le deireanaí a chur chun cinn i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara; agus imeacht mór a eagrú do pháirtithe leasmhara faoi bheartas nua Future Jobs Ireland an Rialtais.

## SAORÁIL FAISNÉISE

In 2018 d'eisigh an Roinn 230 Iarratas Saorála Faisnéise agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

### Creat Rialachais

I rith 2018, chuir an tAonad Tacaíochta Bainistíochta athbhreithniú iomlán i gcrích ar an gCreat, le hionchuir ó aonaid ábhartha ghnó ar fud na Roinne. D'fhaomh an Bord Bainistíochta an Creat i mí na Nollag 2018 agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne é.

Tá sé d'aidhm ag Creat Rialachais na Roinne dearbhú a thabhairt go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais leabaithe sa Roinn. Leagtar amach ann a bhfuil i gceist againn nuair a luaimid rialachas, an chúis a bhfuil sé tábhachtach, an chaoi a ndéanann an Roinn a cuid oibre agus an chaoi a n-oibríonn sí chun a sainordú agus feidhmeanna a bhaint amach. Cinntítear go bhfuil an chaoi a ndéanann an Roinn cinntí agus a gcuireann sí beartais i bhfeidhm níos trédhearcaí don phobal agus, chomh tábhachtach céanna, d'fhoireann na Roinne.

### Creat Comhlíonta

Moladh i gCaighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse gur cheart do Ranna Rialtais Creat Comhlíonta a fhorbairt le cur leis an gCreat Rialachais.

Forbraíodh Creat Comhlíonta i rith 2018 agus d'fhaomh an Bord Bainistíochta é. Tugtar forléargas sa Chreat sin ar an ghníomhaíocht ar fad sa Roinn a bhaineann le dearbhú comhlíonta agus sainaithnítear cé atá freagrach as gach oibleagáid chomhlíonta.

## INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ar ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leo ar son na Státseirbhíse, thug Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú agus comhairle don Ard-Rúnaí in 2018 maidir le próisis agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais agus eile na Roinne.

## AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (GDPR) & AN TACHT UM CHOSAINT SONRAÍ, 2018

Tháinig an Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí (an "GDPR") i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018.  Tugtar cearta feabhsaithe maidir le cosaint sonraí do dhaoine aonair (i.e. ábhair sonraí) leis an Rialachán, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht, slándáil agus cuntasacht i ngach gníomhaíocht próiseála sonraí a bhaineann le Sonraí Pearsanta.  Méadaíonn an GDPR go mór oibleagáidí agus freagrachtaí eagraíochtaí agus gnóthaí sa chaoi a mbailíonn siad, a n-úsáideann siad agus a gcosnaíonn siad Sonraí Pearsanta.

Mar chuid den ullmhú do na ceanglais bhreise chomhlíonta, d'uasghrádaigh an Roinn ról an Oifigigh Cosanta Sonraí reatha go post lánaimseartha ó thús 2018. I rith 2018, bhí an tOifigeach sin bainteach le hoibriú le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus a hOifigí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais Sonraí Pearsanta, cabhrú le beartais agus prótacail nua a cheapadh, seisiúin oiliúna agus eolais a chur ar fáil don fhoireann, agus eolas a thabhairt don phobal maidir le cosaint sonraí agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt.

In 2018, fuair an Roinn 21 Iarratas Rochtana Ábhair agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

### AN TACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL, 2015

Ceapadh an tAcht um Brústocaireacht chun faisnéis a thabhairt don phobal faoi cé atá i mbun brústocaireachta, cé leis agus céard faoi. Nuashonraíodh liosta dár nOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht seo in 2018, agus foilsíodh é ar ár suíomh gréasáin.

### AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

D'fhoilsigh an Roinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta le haghaidh 2017 i mí an Mheithimh 2018.

### AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

I rith 2018, d'fhoilsigh an Roinn tuairiscí feidhmíochta íocaíochta gach ráithe ar a suíomh gréasáin don Roinn agus do na comhlachtaí faoina cúram.

### SCÉIM TEANGA 2019–2022

Forbraíodh an tríú Scéim Teanga don Roinn in 2018 agus, i ndiaidh comhaontú foirmiúil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, tháinig sí i bhfeidhm an 18 Feabhra 2019. Tógann an Scéim nua, a chlúdaíonn an tréimhse 2019 go 2022, ar an Dara Scéim Teanga a bhí ag an Roinn agus leagtar amach inti a mhéad agus atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus sainaithnítear réimsí a fhorbrófar amach anseo. Tá tiomantas inti freisin go ndéanfar measúnú, ar bhonn leanúnach, ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge lena chinntiú go gcoinneoidh an Roinn uirthi ag comhlíonadh an éilimh sin ar bhealach pleanáilte comhtháite inrochtana.

### CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ AGUS PLEAN GNÍMH DO SHEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ, 2019–2021

Sa cheathrú ráithe de 2018, nuashonraíodh Cairt do Chustaiméirí agus Plean Gnímh do Sheirbhísí do Chustaiméirí na Roinne de réir na creatcháipéise a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Ár Seirbhís Phoiblí 2020, a éilíonn ar eagraíochtaí na seirbhísí poiblí "*[go n]déanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí athbhreithniú ar a gcairteacha custaiméirí agus cinnteoidh siad go bhfuil siad uaillmhianach agus go léiríonn siad a dtiomantas maidir le feabhsú leanúnach a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse*".

Is ráiteas poiblí í Cairt do Chustaiméirí 2019–2021 a d'eisigh an Roinn ina leagtar amach na caighdeáin agus an leibhéal seirbhíse a bhféadfaidh custaiméirí súil leis agus iad ag plé lenár Roinn. Tugtar sonraí i bPlean Gnímh do Sheirbhísí do Chustaiméirí 2019–2021 ar na bealaí a gcuirfidh an Roinn na príomhghníomhartha a phléitear sa Chairt i bhfeidhm.

## AN TACHT UM CHOIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS, 2014

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht seo, tá an Roinn tiomanta dá beartais, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne ina réimsí gnó a phromhadh chun a chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a riachtanais i réimse chearta an duine agus comhionannais:

### An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh de réir dlí chun gearáin maidir le hidirdhealú a fhiosrú nó chun idirghabháil a dhéanamh ina leith. Cuimsítear an Coimisiún faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Idirdhealú is ea nuair nach gcaitear chomh fabhrach céanna le duine amháin seachas duine eile. Cumhdaítear íospairt faoin reachtaíocht freisin.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil d'Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí atá faoi stiúir fiontar, agus a mhaoirsíonn cur i bhfeidhm na ngníomhartha i bPlean Náisiúnta na Freagrachta Sóisialta Corparáidí. Is coincheap í Freagracht Shóisialta Chorparáideach ina ndéanann gnóthaí agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a cheangal lena bhfeidhmiúcháin ghnó, agus go ndéantar cinntí gnó le haird ar cheisteanna inbhuanaitheachta níos forleithne.

### Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní

Déantar ionadaíocht don Roinn ar Choiste Straitéiseach Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, 2017–2020. Cuirimid le gníomhartha coitinne, ar nós saineolas inmheánach i ngníomhaíochtaí príomhshruthaithe inscne a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh ar thionchar inscne ar fhorbairt straitéisí nua.

Tá gníomhartha sonracha againn freisin faoin straitéis, lena n-áirítear an ceanglas go dtabharfaí poiblíocht agus spreagadh do rannpháirtíocht ban i gcuideachtaí nuathionscanta, agus go dtabharfaí poiblíocht agus tacaíocht do ghradaim agus imeachtaí fiontraíochta a bhaineann go sonrach le mná amháin trí Fhiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla. Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as feasacht a mhéadú i measc fostóirí agus ban ar chearta fostaíochta agus sásraí leighis.

### An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas

Glactar le cur chuige uile-Rialtais sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas 2017–2021 i leith saol daoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú go praiticiúil agus sna

deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine atá faoi mhíchumas chun go mbainfidh siad a lánchumas amach.

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas, 2017–2021 agus ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2015–2024 agus cuirimid gníomhartha an dá Straitéis chun cinn.

Bhunaigh an Roinn Coiste Comhairleach Míchumais in 2018 a tháinig le chéile faoi thrí sa bhliain. Tá ionadaithe ón nGrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais, ón Údarás Náisiúnta Míchumais agus comhaltaí foirne ón Roinn agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí ar an gCoiste.

### Nuálaíocht 2020

Leis an straitéis trasrialtais do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, aithnítear tábhacht an chothromais inscne i dtaighde.

Luaitear sa straitéis go bhfuil deis anseo in Éirinn ár gcáil idirnáisiúnta don chomhionannas inscne a fhorbairt le rannpháirtíocht níos mó ban i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus leagtar amach gníomhartha chun dul i ngleic le saincheisteanna inscne maidir le dul chun cinn gairmiúil sa taighde agus sa nuálaíocht.

### Reachtaíocht Ábhartha Eile

Anuas ar an méid sin thuas, feidhmíonn an Roinn laistigh den dlí fostaíochta agus de reachtaíocht ábhartha eile lena ndéantar iarracht cearta an duine agus comhionannas a chinntiú i measc nithe eile, amhail:

Acht Rialaithe na Státseirbhíse, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, an tAcht um Chosaint Sonraí, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, an tAcht um Chosaint Mháithreachais, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Dhífhostú Éagórach.

# Aguisín 1 Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2018

- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2018, a achtaíodh an 19 Meán Fómhair 2018
- An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú), 2018, a foilsíodh an 20 Iúil 2018
- Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018, Uimh. 22 de 2018, a achtaíodh an 25 Iúil 2018
- An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) (Uimh. 2), 2018, a foilsíodh an 13 Lúnasa 2018
- Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2018 a foilsíodh an 4 Samhain 2018
- An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais), 2018, a foilsíodh an 19 Nollaig 2018
- An tAcht fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta, 2018, a achtaíodh an 20 Nollaig 2018

# Aguisín 2 Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2018

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh 1 de 2018 | An tOrdú um an Acht um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais), 2017 (Tosach Feidhme) 2018 |
| I.R. Uimh 2 de 2018 | Na Rialacháin um an Méadreolaíocht Dlí (Measúnacht Chomhréireach Eorpach ar Uirlisí Tomhais) 2018 |
| I.R. Uimh. 40 de 2018 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2018 |
| I.R. Uimh. 41 de 2018 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine) 2018 |
| I.R. Uimh. 42 de 2018 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i Veiniséala) 2018 |
| I.R. Uimh. 43 de 2018 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uirlisí Tomhais agus Rialáil Méadreolaíochta) 2018 |
| I.R. Uimh. 44 de 2018 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uirlisí Tomhais) (Aisghairm) 2018 |
| I.R. Uimh. 47 de 2018 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uirlisí Tomhais Neamh-uathoibríocha) 2018 |
| I.R. Uimh. 70 de 2018 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2018 |
| I.R. Uimh. 95 de 2018 | Rialacháin faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Foirmeacha) 2018 |

- I.R. Uimh. 126 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fearais a Dhónn Breoslaí Gásacha) 2018
- I.R. Uimh. 133 de 2018 Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh) 2018
- I.R. Uimh. 134 de 2018 Ordú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Tosach Feidhme) 2018
- I.R. Uimh. 136 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Cosanta Pearsanta) 2018
- I.R. Uimh. 163 de 2018 Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 188 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rúin Trádála a Chosaint) 2018
- I.R. Uimh. 197 de 2018 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 210 de 2018 An tOrdú um an Acht Ceardchumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 1) 2018
- I.R. Uimh. 211 de 2018 An tOrdú um an Acht Ceardchumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 212 de 2018 An tOrdú um an Acht Ceardchumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 3) 2018
- I.R. Uimh. 243 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) 2018
- I.R. Uimh. 244 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) 2018
- I.R. Uimh. 245 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 246 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 247 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Ghuine-Bhissau) 2018
- I.R. Uimh. 248 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta sriantacha i leith na Túinéise) 2018
- I.R. Uimh. 249 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Súdáine Theas) 2018
- I.R. Uimh. 250 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Veiniséala) (Uimh. 2) 2018

- I.R. Uimh. 251 de 2018 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta sriantacha i leith na Siombáibe) 2018
- I.R. Uimh. 252 de 2018 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) 2018
- I.R. Uimh. 254 de 2018 — Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) 2018
- I.R. Uimh. 295 de 2018 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 318 de 2018 — Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 3) 2018
- I.R. Uimh. 319 de 2018 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cur i bhFeidhm Seach-chríochach Reachtaíochta arna Glacadh ag Tríú Tír) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 324 de 2018 — Rialacháin na gCara-Chumann (Táillí) 2018
- I.R. Uimh. 325 de 2018 — Rialacháin na gCumann Tionscail agus Soláthair agus Comharchumann na hEorpa (Táillí) 2018
- I.R. Uimh. 326 de 2018 — Rialacháin na gComharchumann (Táillí) 2018
- I.R. Uimh. 356 de 2018 — An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Gníomhaíochtaí Bróicéireachta, Earraí agus Teicneolaíocht) 2018
- I.R. Uimh. 357 de 2018 — An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Earraí Dé-úsáide) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 358 de 2018 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí a fhéadfar a úsáid le haghaidh Céastóireachta a Rialú) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 361 de 2018 — An tOrdú um an Acht um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2018 (Tosach Feidhme) 2018
- I.R. Uimh. 362 de 2018 — Rialacháin na gCara-Chumann (Foirmeacha) 2018
- I.R. Uimh. 363 de 2018 — Rialacháin na gCumann Tionscail agus Soláthair (Foirmeacha) 2018
- I.R. Uimh. 364 de 2018 — Rialacháin na gComharchumann (Foirmeacha) 2018
- I.R. Uimh. 366 de 2018 — An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 (Tosach Feidhme) 2018
- I.R. Uimh. 367 de 2018 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchóirí Tríú Tíortha agus Comhionannas Eintiteas Iniúchóireachta, Idirthréimhse agus Táillí) 2018
- I.R. Uimh. 388 de 2018 — An tOrdú um an Acht Iomaíochta 2002 (Alt 27) 2018

- I.R. Uimh. 410 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh Faisnéis Neamhairgeadais agus Ilchineálachta i ngrúpaí agus i ngnóthais mhóra áirithe) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 412 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conradh Marrakech) 2018
- I.R. Uimh. 457 de 2018 An tOrdú chun Onnmhairí a Rialú (Achomhairc) 2018
- I.R. Uimh. 458 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 459 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Phoblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 460 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3) 2018
- I.R. Uimh. 461 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) 2018
- I.R. Uimh. 462 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na hIaráine) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 463 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i leith na Siria) (Uimh. 2) 2018
- I.R. Uimh. 502 de 2018 Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 550 de 2018 Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh .4) 2018
- I.R. Uimh. 561 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trádmharcanna) 2018
- I.R. Uimh. 562 de 2018 Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 563 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Acht na dTrádmharcanna, 1996) (Trádmharc Comhphobail) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 564 de 2018 Rialacha na bPaitinní, na dTrádmharcanna agus na nDearthaí (Táillí) (Leasú) 2018
- I.R. Uimh. 570 de 2018 An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Comhlachtaí Gairmiúla Forordaithe), 2014
- I.R. Uimh. 590 de 2018 An tOrdú um COD Lónadóireachta (Cealú) 2018
- I.R. Uimh. 591 de 2018 An tOrdú um COD Lónadóireachta (Bunú) 2018